Lease 3: Red Sail Warehouse, Galway Harbour, commenced in 2013 for a period of 11 years with a rent review in 2018

The current annual rental charge of these leases amounts to €375,002 (2013 €375,002)

	2014	2013
Expiring within 1 year	235,735	0
Expiring during the years 2 to 5	0	235,735
Expiring thereafter	139,267	139,267

18. Investment

The Marine Institute had a 1.3% fully diluted shareholding in a company called Wavebob Ltd. This company was established to develop a concept in delivering Wave Energy. The total cost of the investment grant by the Marine Institute was €127,000. As it was not possible to accurately assess the value of the investment, the shares were not capitalised in the Balance Sheet. The company was wound up on the 26th March 2013. There were no further costs incurred by the Marine Institute.

19. Related Party Transactions

Smartbay Ltd, was established as a company limited by guarantee by PRTL project partners DCU and NUI Galway, during February 2012 to manage Ireland's marine test and demonstration facility at Galway Bay. The company receives funding from the HEA which is used to fund a team to cover the company's operational costs for the period 2012 to 2015. Dublin City University is the lead research organisation which provides the HEA funding to Smartbay. The income received from the HEA and the expenditure incurred by Smartbay Ltd is accounted for by Dublin City University.

The Institute's CEO is a Board member and the Head of Corporate Services of the Institute is Company Secretary. During 2014, the Institute advanced funding of €224,170 to Smartbay Ltd (2013 €35,356). This expenditure is included under Ocean Science and Information Services and Corporate Services expenditure in Note 7 in the accounts.

20. Register of interests

The Institute has adopted procedures in accordance with the guidelines issued by the Department of Public Expenditure and Reform in relation to the disclosure of interest by Board members and the Institute has adhered to these procedures. There were no transactions in the year in relation to the Institute's activities in which board members had a beneficial interest.

21. Board Fees, Board Attendance and Chief Executive Salary

The Institute has adhered to the updated Code of Practice for the Governance of State Bodies which was published by the Minister for Finance on 15 June 2009. The total remuneration paid to Chief Executive of the Marine Institute for 2014 was €136,496. There were no payments made to the Chief Executive under a performance related pay scheme or no other benefits paid as part of the remuneration package. The CEO pension entitlements do not extend beyond those of the model public sector scheme. The total expenses for business purposes paid to the CEO for 2014 was €18,471 which includes foreign travel expenses of €5,118.

Payments to the 2014 Marine Institute Board members were as follows.

Board Member	Category 3	Gross Fees 2014	Expenses 2014	Total 2014
John Killeen	Chairperson	11,753	0	11,753
Lorcan O Cinneide	Director	7,695	5,507	13,202
Francis Coyle	Director	7,695	5,217	12,912
Paul Hyde	Director	2,565	1,299	3,864
David Owens	Director	7,695	1,250	8,945
Patricia Barker	Director	7,695	1,534	9,229
Donal Kelly	Director	7,695	0	7,695
		52,793	14,807	67,600

Board Member	Category 3	Board Meetings 2014	Board Meetings Attended 2014	Term Commenced/Ended
John Killeen	Chairperson	10	9	
Lorcan O Cinneide	Director	10	9	
Francis Coyle	Director	10	10	
Paul Hyde	Director	10	4	Resigned April 2014
David Owens	Director	10	10	
Patricia Barker	Director	10	9	
Donal Kelly	Director	10	7	

22. Board Approval

The financial statements were approved by the Board on the 30/06/2015.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL // 2014 »

ANNUAL REPORT // 2014 »



Foras na Mara
Marine Institute

An Eolaíocht agus an Mhuir a Fhónamh

Chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

De réir cheanglais an Achta um Fhoras na Mara, 1991, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais Fhoras na Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 a chur ar fáil.

An tUas. John Killeen, Cathaoirleach

Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta ag a bhfuil na feidhmeanna seo a leanas:

‘chun taighde agus forbairt mhuirí a ghabháil de láimh, a chomhordú, a chur chun cinn agus chun cur leo agus na seirbhísí sin a bhaineann le taighde agus forbairt mhuirí a chur ar fáil ar bhealach, i dtuairim Fhoras na Mara, a chuirfidh forbairt eacnamaíoch chun cinn agus a chruthóidh fostaíocht agus a thabharfaidh cosaint don timpeallacht mhuirí.’

An tAcht um Fhoras na Mara, 1991

Ár bhFís:

Geilleagar mara a mbeidh borradh faoi gan dochar don éiceachóras agus a mbeidh ár gcuid sársheirbhísí mar thaca aige.

Tá na grianghraif ar fud an fhoilseacháin seo faoi chóipcheart Fhoras na Mara agus na ngrianghrafadóirí a leanas:

Andrew Downes Photography
Jason Clarke Photography
Jonathon White Photography
Glenn Nolan
Cushla Dromgool-Regan (Foras na Mara)

Chomh maith leis sin, sholáthair na daoine a leanas grianghraif bhreise:

David Branigan
Andrea Woods
Ger Rogan
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa



Foras na Mara
Marine Institute

An Clár Ábhar

Réamhrá agus Struchtúr Eagrúcháin	1
Comhaltaí an Bhoird	2
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	6
Seirbhísí Corparáideacha	8
Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO)	12
Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia	15
Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh	19
Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise	25
Riarachán Ginearálta	30

AGUISÍNÍ

Aguisín 1 - Cláir Taighde Mara an NDP	32
Aguisín 2 - Rannpháirtíocht na hÉireann i nGairmeacha Fhás Gorm Horizon 2020 an Aontais Eorpaigh	35
Aguisín 3 - Foilseacháin Fhoras na Mara	40
Aguisín 4 - Foilseacháin agus Páipéir Eolaíochta	42
Aguisín 5 - Sonraí Áirimh do Chóras Bhuiríos Umhaill 2014	49
Aguisín 6 – Clár Árthai Taighde 2014	50
Aguisín 7 – Gníomhaíochtaí Taighde Eolaíochta Muirí (MSR) Eachtrannach in Uiscí na hÉireann in 2014	55
Aguisín 8 – Plean Straitéiseach Fhoras na Mara - Achoimre Feidhmiúcháin	56
Aguisín 9 – Ráiteas na Gaillimhe ar Chomhar an Aigéin Atlantaigh ag Seoladh Chomhaontas Taighde an AE-Cheanada-SAM	59

GLUAIS NA NGIARRÚCHÁN 61


RÁITIS AIRGEADAIS 65

Is féidir leagan Gaeilge nó Béarla de Thuarascáil Bhliantúil Fhoras na Mara a íoslódáil ó www.marine.ie



Foras na Mara
Marine Institute

Struchtúr Eagrúcháin Fhoras na Mara 2014





Réamhrá agus Struchtúr Eagrúcháin

Is é Foras na Mara an ghníomhaireacht náisiúnta um thaighde, teicneolaíocht, forbairt agus nuálaíocht mhara. Tá sé de chuspóir againn cumas geilleagrach acmhainní mara na hÉireann a mheas agus a bhaint amach; forbairt inbhuanaithe an tionscail mara a chur chun cinn trí chláir straitéiseacha mhaoinithe agus trí sheirbhísí eolaíochta bunriachtanacha; agus acmhainní nádúrtha mara na hÉireann a chosaint trí thaighde agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol.

Tá acmhainn mhara suas le 220 milliún acra (thart ar 880,000 km²) ag Éirinn amach faoin bhfarraige mhór, atá níos mó ná deich n-oiread a hachair thalún. Cuireann Foras na Mara forbairt inbhuanaithe na hacmhainne ollmhóire mara sin chun cinn trí thaighde, trí theicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm, agus trí chomhairle bhainistíochta a sholáthar don tionscal, don Rialtas agus don Aontas Eorpach (AE).

Soláthraíonn an Foras seirbhísí bunriachtanacha um thaighde mara, lena n-áirítear:

- Cláir náisiúnta chistithe do thaighde agus d'fhorbairt
- Measúnú na stoc éisc agus comhairle bainistíochta
- Seirbhísí sláinte éisc
- Monatóireacht ar shábháilteacht bhia mara
- Monatóireacht chomhshaoil
- Oibríochtaí árthaí taighde
- Léarscáiliú ghrinneall na farraige
- Bainistíocht sonraí
- Seirbhísí forbartha muirí

Cuimsíonn Foras na Mara cúig réimse seirbhíse agus Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Áirítear ar na réimsí seirbhíse:

- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise
- Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteacht Bia
- Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh
- Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

Neartaítear an eagraíocht trí bhéim láidir a leagan ar rialachas corparáideach agus trí bhéim a leagan ar bhainistíocht stuama airgeadais, rud a bhí tábhachtach maidir le rath an Fhorais le linn tréimhse a bhí dúshlánach ó thaobh an gheilleagair de le linn 2014. Leagtar béim sa tuarascáil seo ar na bunspríocanna inghnóthaithe agus ar an dul chun cinn a rinneadh i leith ár bhfíse i rith na bliana 2014.

Comhaltaí an Bhoird

An Dr John Killeen (2014-2019)



Innealtóir agus dúchasach de Chontae Ros Comáin é an Dr John Killeen, a ndearnadh Saorfhear Oinigh de Chathair na Gaillimhe de in 2012. I gcaitheamh a ghairme, d'oibrigh sé leis an Rialtas Áitiúil le cuideachta ilnáisiúnta thógála (a thóg tollán na Canála Móire i mBaile Átha Cliath i 1973) agus chaith sé seacht mbliana leis an bhfochuideachta Shell International. Bhí an Dr Killeen ina Uachtarán ar Innealtóirí Éireann ó 1995 go 1996 agus ba é Uachtarán bunaidh an Acadaimh Innealtóireachta in Éirinn ('The Academy of Engineering in Ireland') i 1996-1998. POF ar scor é de chuid Colas Group in Éirinn agus is stiúrthóir bainistíochta ar scor é de chuid Cold Chon Galway

Ltd. Ceapadh an Dr Killeen le Bord Ghrúpa Ospidéal an Iarthair/an Iarthuaiscirt in 2013 agus tá sé ag gníomhú faoi láthair mar Chathaoirleach Eatramhach. In 2009, ba é cathaoirleach imeacht Rás Aigéin Volvo i nGaillimh agus ba é uachtarán finale agus fhéile Rás Aigéin Volvo. Sháraigh an Rás Aigéin gach taifead freastail le haghaidh imeacht spóirt in Éirinn agus b'fhiú thart ar €80 milliún an t-imeacht i dtaobh ioncam turasóireachta agus gnó sa chathair. Tá an Dr Killeen ina Uachtarán ar Institiúid Cheannaireachta Timoney – carthanas a chuireann oiliúint Idirnáisiúnta cheannaireachta chun cinn le haghaidh POFanna Éireannacha.

An tOllamh Patricia Barker (2013-2018)



Tá an tOll. Patricia Barker ina Comhalta d'Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann, agus bhain sí a cáiliúocht amach i 1973. Rinne an tOll. Barker MPhil i Staidéar Inscni i gColáiste na Tríonóide. D'fhorbair a PhD paraidím nocht faisnéis airgeadais d'fhostaithe eagraíochtaí. Chuir sí isteach a hairteagail le Stokes Bros. agus Pim i mBaile Átha Cliath agus d'oibrigh sí in Peat, Marwick Mitchell i Manchain. Bhí an tOll. Barker ina comhpháirtí ansin i gcleachtas cuntasíochta i Manchain ar feadh sé bliana agus d'oibrigh sí in Ollscoil Manchain mar phríomhléachtóir.

Ceapadh an tOll. Barker mar léachtóir in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) i 1980 agus bhí sí ina léachtóir sinsearach, ina Déan Comhlach (Scoil Ghnó) agus ina Leas-Uachtarán Ollscoile (Acadúil) in DCU. D'oibrigh sí mar ollamh ar cuairt in ollscoileanna i Nua Eabhrac, i mBostún, in Angers, sa Mhaláiv, i nDárasalám, in Sydney agus in Cape Town agus bhí sí ina scrúdaitheoir seachtrach ar ollscoileanna agus ar chomhlachtaí gairmiúla. D'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Choiste Cuntasíochta Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann ar feadh ocht mbliana agus ar Chomhairle Institiúid na gCuntasóirí Cairte ar feadh ceithre bliana sna 1990idí. Is ball den Chomhairle i faoi láthair. Rinne sí ionadaíocht d'Éirinn ar Bhord na gCaighdeán Cuntasíochta i Londain

ar feadh naoi mbliana. Bhí sí mar chathaoirleach ar an sainghrúpa a bhí ag tuairisciú don Aontas Eorpach maidir le ról, le struchtúr agus le feidhmeanna Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Bhí sealanna dualgaís aici mar Mhaoirseoir Toghcháin le haghaidh na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (OSCE) i mBoisnia agus an Heirseagaivéin, i bPoblacht Serpska, san Afraic Theas, sa Chosaiv, sa Chasacstáin agus sa Bhealarúis.

D'oibrigh an tOll. Barker mar Fhairí ar Chearta Daonna in Iosrael agus sa Phalaistín. Bhí sí mar bhall de na Boird do Chúnamh do Mhná, do Chumann Tithíochta Sonas, don Chór Aireagail Náisiúnta agus don Údarás um Ard-Oideachas (ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta), agus bhí sí mar Chathaoirleach ar Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ar feadh trí bliana.

Tá an tOll. Barker ina Stiúrthóir ar Bhus Átha Cliath Teo. faoi láthair agus ar Veritas Ltd (mar chathaoirleach ar Choistí Iniúchóireachta an dá eagraíocht sin). Is comhairleoir deonach agus oiliúnóir í faoi láthair d'Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath. Scriobh sí leabhair maidir le Cuntasíocht Grúpa, Obair Sholúbtha sa Ghairm agus níos déanaí anuas scriobh sí faoi mhná ar éirigh leo sa ghairm Chuntasíochta agus maidir le Rialachas Corparáideach agus Eitic Ghairmiúil.

An tUasal David Owens (2012-2017)



Tá an tUas. David Owens (ACA) ina Leas-Uachtarán, Airgeadas agus Oibríochtaí le SolarWinds (NYSE: SWI) i láthair na huaire. Sular thosaigh sé le SolarWinds, chaith an tUas. Owens breis is seacht mbliana ag obair leis an eagraíocht bogearraí fiontraíochta Red Hat, Inc.,

áit ar oibrigh sé ar dtús mar Stiúrthóir ar Lóistíocht agus Táirgeadh Domhanda agus ansin mar Stiúrthóir Sinsearach Airgeadais - EMEA. Tá an tUas. Owens cáilithe mar chuntasóir cairte le Ernst & Young agus is ball é d'Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann.



An tUasal Francis Coyle (2010-2015)

D'oibrigh an tUas. Francis Coyle le Comhairle Contae Dhún na nGall i bpoist éagsúla ó 1974 go 2010. Ó 2001, bhí sé ina Stiúrthóir Seirbhísi maidir le Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta. D'oibrigh an tUas. Coyle le Comhairle Baile Leitir Ceanainn agus bhí sé ina Bhainisteoir ar Chomhairle Baile Bhéal Átha Seanaidh ó 2005 go 2010 freisin. Bhí an tUas. Coyle ina Oifigeach Idirchaidrimh Eorpaigh ar an gComhairle le Comhdháil na Réigiún Muiri Forimeallach (CPMR) ar feadh sé bliana déag.

Sa tréimhse idir 1995 agus 1999, rinne sé bainistiú ar chistiú ilmhilliúin Sióchána agus Athmhuintearais na

Comhairle agus bhí sé ina Rúnaí ar Thascfhórsa Dhún na nGall um Shíocháin agus Athmhuintearas. D'oibrigh an tUas. Coyle go dlúth leis an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn freisin agus le meicníochtaí maoiniúcháin eile amhail Clár an AE maidir le Comhar Idir-Réigiúnach (INTERREG), agus PEACE III chun forbairt a dhéanamh a thionscadail ilghnéitheacha phobail agus athbheochana a bhí ceaptha chun feabhas a chur ar bhailte agus ar shráidbhailte, i nDún na nGall agus ar bhonn trasteorann araon. Is iar-Stiúrthóir é le Cuideachta Aerfort Dhún na nGall Teo. agus tá sé i mbun bainistíocht agus comhordú tionscadal faoi láthair.



An tUasal Paul Hyde (2012- Aibreán 2014)

Is é an tUas. Paul Hyde (BSc Arch, MA, MPlan, MRIA, RIBA) an comhpháirtí bainistíochta in The Hyde Partnership, Architects and Town Planners, gnó ildisciplíneach deartha agus pleanála. Tá céimeanna bainte amach aige san Ailtireacht agus sa Phleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe araon. Is ball é d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), Institiúid Ríoga Ailtirí na Breataine (RIBA) agus Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI).

Tá taithí ghairmiúil os cionn sé bliana déag ag an Uas. Hyde i ndáil le cúrsaí tógála lena n-áirítear forbairt thalmhaí agus cósta araon chomh maith le pleanáil spásúlachta. I dteannta lena ról i gComhpháirtíocht Hyde, tá sé ina bhall de roinnt coistí lena n-áirítear: Institiúid Pleanála na hÉireann, Craobh an Deiscirt agus Institiúid Ríoga na nAiltirí in Éirinn, Craobh an Deiscirt agus Cumann Tráchtála Chorcaí.



An tUasal Lorcán Ó Cinnéide (2010-Feabhra 2015)

Is iar-Phríomhfheidhmeannach é an tUasal Lorcán Ó Cinnéide (BA) d'Eagras Táirgeoirí Éisc na hÉireann, príomhchomhlacht ionadaíoch de chuid thionscal na hiascaireachta. Bhain an tUas. Ó Cinnéide céim amach san Eacnamaíocht agus sa Pholaitíocht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus bhí long iascaireachta aige freisin.

Ba bhall gníomhach an tUas. Ó Cinnéide de Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach Uisce Iar-Thuaisceart an Aontais Eorpaigh agus réimse leathan de bhainistíocht

iascaigh agus de chomhlachtaí comhairleacha eile in Éirinn agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Thug sé sainchomhairle don AE ar mheasúnú cláir taighde mara agus bhí baint aige le forbairt agus ionadaíocht thionscal na hiascaireachta le fiche bliain anuas.

Tá an tUas. Ó Cinnéide ina bhall den Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, ina Chathaoirleach ar Chomhairle Raidió na Gaeltachta agus ina Rúnaí ar Fhondúireacht an Bhlascaoid.



An tUasal Donal Kelly (2013-2018)

Tá an tUas. Donal Kelly ina Stiúrthóir Bainistíochta le Fast Fish Ltd, gnó rathúil a dhiolann agus a sholáthraíonn iasc agus ola agus atá lonnaithe i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Bhí an tUas. Kelly ag fónamh ar Choiste Bainistíochta Celtic Sea Herring ar feadh 10 mbliana agus ar Choiste West Pelagic ar feadh 3 bliana. D'fhóin an tUas. Kelly ar roinnt bord, san earnáil

phríobháideach agus san earnáil dheonach. D'oibrigh sé go deonach ar son Phobal Chontae Chorcaí agus ar fhóiraim dheonacha, ar Bhord Forbartha Chontae Chorcaí agus ghníomhaigh sé mar Chathaoirleach ar CLG Bhaile Chaisleáin Bhéarra, agus ar Choiste Bainistíochta Chlub Gailf Bhaile Chaisleáin Bhéarra agus ar Chumann Forbartha Pobail Bhaile Chaisleáin Bhéarra.

Ráiteas an Chathaoirligh



Lean Bord Fhoras na Mara ag díriú go tréan ar rialachas corparáideach i gcaitheamh 2014 agus bhí idirchaidreamh maith acu leis an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin nuair a bhí an t-athbhreithniú bliantúil á dhéanamh ar an bPlean Gnó Straitéiseach, atá le leasú agus le nuashonrú faoi dheireadh Ráithe 1 in 2015.

Ba dheas linn fáilte a chur roimh John Evans ar ais chuig an bhfoireann bhainistíochta le bheith i dteannta Oifig an POF i ndiaidh tréimhse shaoire.

Thugamar dul chun cinn faoi deara ar chur i bhfeidhm *Ráiteas na Gaillimhe* a siníodh anseo ag Foras na Mara an 24 Bealtaine 2013, agus le haighneacht rathúil thionscal BG14 Fhoras na Mara, a bhronnadh i Samhain, faoi réir conartha. Ar bharr sin, thacaigh an Foras le Ceardlann an Choimisiúin Eorpaigh ar Léarscáiliú Ghrinneall na Farraige, a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Nollaig 2014 – céim thábhachtach eile i dtreo *Ráiteas na Gaillimhe* a chur i bhfeidhm.

Sholáthair an Foras tacaíocht rithábhachtach le hobair an Ghrúpa Comhordaithe Muirí, agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí Biúró an

ghrúpa, lena n-áirítear an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú ar dhul chun cinn *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin*. Ina theannta sin, chomhlíon an Foras ról lárnach chun an chéad Chomhdháil Bhliantúil maidir le *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin* a eagrú, a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 18 Meitheamh 2015 agus ar fhreastail os cionn 400 toscaire. Sa mhullach air sin, sholáthair an fhoireann san Fhoras tacaíocht thábhachtach chun cabhrú le Tascfhórsa na Roinne a chur chun cinn, ar a raibh an Dr Peter Heffernan ina chomhchathaoirleach.

Bhí Foras na Mara gníomhach agus d'imir siad tionchar i measc réimse d'fhóiraim idirnáisiúnta agus comhlachtaí taighde a bhaineann lenár sainchúram náisiúnta, mar shampla, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaocht na Mara (ICES), Coinbhinsiún Osló agus Pháras (OSPAR), an Comhthionscnamh Clár Nasctha Mara agus Aigéan Folláine (JPI Oceans), agus Bord Mara na hEorpa.

D'aimsigh an 12ú heagrán d'Eacnamaí Iompair Mhuirí na hÉireann tagarmhairc, a d'fhoilsigh Oifig Forbartha Muirí na hÉireann, an fhianaise



Simon Coveney, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Peter Heffernan, POF Fhoras na Mara, an Taoiseach, Enda Kenny, Miguel Marques, PricewaterhouseCoopers agus John Killeen, Cathaoirleach, Foras na Mara ag an gComhdháil 'Saibhreas Ár nAigéin' a bhí ar siúl ag an gClóilann, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Meitheamh 2014.



Craig McClean, NOAA, Peter Heffernan, POF Foras na Mara, Stephen Locke, Suirbhé Geolaíoch Ceanada, John Bell, Stiúrthóir Bithghilleagair, Ard-Stiúrthóir Taighde agus Nuálaíochta ag Ceardlann um Léarscáiliú Ghrinneall an Atlantaigh, Nollaig 2014.

a thacaíonn leis an soirbhíochas méadaitheach maidir le téarnamh gheilleagar na hÉireann. Rinneamar dul chun cinn suntasach chun an chomhpháirtíocht straitéiseach a dhóimhniú leis an ÚFT agus len ár n-ambasáidí sna príomh-spriocmhargaí le haghaidh seirbhísí loingseoireachta, e.g. an Ghearmáin, an tSín, agus Singeapór, i gcaitheamh 2014. Ar bharr sin, chomhlíon an IMDO ról tábhachtach sa seomra innill a sholáthair Foras na Mara chun tacú le hobair Thascfhórsa Forbartha Ghrúpa Comhordaithe Foras na Mara.

D'athsheolamar ár láithreán gréasáin, www.marine.ie i Nollaig 2014 chun feabhas a chur ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ar líne a sholáthar dár gcustaiméirí.

Thug ár gcoiste iniúchta inmheánaigh agus an fheidhmeannacht faoi réimse dlúth iniúchtaí inmheánacha a thuairiscigh na leibhéil uasta de dhearbhu ar réimse fairsing rialuithe do Bhord Foras na Mara.

Rinne an POF agus mé féin idirchaidreamh leis an mbainistíocht shinsearach ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le saincheistanna rithabhachtacha pleanála lucht saothair, a scrúdaigh leibhéil laghdaithe soláthair foirne i leith cúla d'éilimh ar sheirbhís ar tháinig méadú substainteach orthu.

Bhain an Foras Creidiúnú Scotsheirbhíse ó Scothfhostaithe

(ETP) amach faoi Chaighdeán an NSAI - ETP 1000:2012, don 10ú bliain i ndiaidh a chéile ó 2005 i leith, a thaispeáin a thiomanta d'fhorbairt foirne atáimid.

Is féidir na héachtaí siúd a bhaint amach mar gheall ar thiomantas Phríomhfheidhmeannach, bhainistíocht agus fhoireann an Fhorais, a choimeádann díriú agus tiomantas inmholta dár gcomhfhís, "geilleagar mara a mbeidh borradh faoi gan dochar don éiceachóras agus a mbeidh ár gcuid sársheirbhísí mar thaca aige."

Thar ceann Bhord Foras na Mara, táim ag dréim leis an díriú sin a roinnt agus oibriú as lámh na foirne bainistíochta feidhmiúcháin lena chinntiú go mbimid dírithe ar an sprioc de shíor.

John Killeen.

John Killeen
Cathaoirleach, Foras na Mara



Randy Gillespie, Stiúrthóir, an tIonad um Theicneolaíocht Aigéin Fheidhmeach, Ollscoil Memorial Newfoundland, Alan Stevenson, Ceann Foirne Geolaíochta Muirí, Suirbhé Geolaíoch na Breataine, an Dr Peter Heffernan, POF Fhoras na Mara, Pål Buhl-Mortensen, Eolai Sinsearach Taighde, an Institiúid Taighde Mhuirí, an Iorua, Andy Armstrong, Comhstiúrthóir, an Comh-Ionad Hidreagrafach, Ollscoil New Hampshire, SAM agus an tOllamh Phil Weaver, Sainchomhairleoir Muirdhreacha, EMODNET UK, ag Ceardlann um Léarscáiliú Ghrinneall an Atlantaigh, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Nollaig 2014.

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



D'oibríomar go dian i mbliana chun cur le héachtaí Uachtaránacht na hÉireann 2013 'Ráiteas na Gaillimhe' agus le leasú an Lárbheartais lascaigh (CFP), agus chomhlíonamar ról lárnach ina gcur i bhfeidhm. Bhíomar ag oibriú as lámh ár gcomhghleacaithe san Eoraip, i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe chun cabhrú le clár forbartha a fhorbairt chun Ráiteas na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus sheolamar togra rathúil do chistiú Horizon 2020 (BG14) le tionscadal ar a dtugtar Gníomh Comhordaithe agus Tacaíochta Chomhghuaillíocht Taighde an Aigéin Atlantaigh (AORAC-SA). Tá de chuspóir an tionscadail tacaíocht eolaíochta, theicniúil agus lóistíochtúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach chun Comhoibriú Taighde Mhuirí Thrasatlantaigh a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada. Mar chomhordaitheoir an tionscadail, táimid ag súil le ról lárnach a chomhlíonadh a luaithe a bhíonn na conarthaí i bhfeidhm in 2015.

D'oibríomar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) chun tacú le leasú an CFP i bpríomhlímistéir, ar nós an toirmisc ar éisc

aischurtha a thabhairt isteach agus an Ciste nua Eorpach agus lascaigh Mhuirí (EMFF) a ullmhú.

Bhuaigh taighdeoirí muirí na hÉireann €5.5 milliún i gcistiú iomaíoch de chuid Horizon 2020 i limistéir Fáis Ghoirm agus an Bhia Inmharthana agus na Slándála in 2014, a thaispeáin an caighdeán ard d'eolaíocht mhuirí a bhfuiltear ag tabhairt faoi ar fud an Stáit, sna hearnálacha tríú leibhéal agus in earnálacha na bhfiontar beag agus meánmhéide. D'infheistigh ár gClár Taighde Mhuirí féin €4.4 milliún i gcistiú taighde iomaíoch in 2014.

Lean Seirbhísí Timpeallachta Mara agus Sábháilteachta Bia le sraith rithábhachtach de mhonatóireacht, tacaíocht chomhairleach agus theicniúil agus seirbhísí taighde a sholáthar do ranna an Rialtais, lena n-áirítear an DAFM, an DECLG, an DAHG, agus an DCENR. Baineann rithábhacht leis na seirbhísí seo i dtaobh scéimeanna náisiúnta ceadúnaithe a oibriú (Dobharshaothrú agus lascaigh; Cladach) agus comhlíonadh réimse Treoracha de chuid an AE, ar nós an MSFD agus na Treorach maidir le Gnáthóga.



Bhí *Brisingida Oráiste* ar cheann den iomaí speiceas a shampláil eolaithe a bhí ar bord *Árthach Taighde an Celtic Explorer*. Bhíothas in ann ainmnithe domhainfharraige a shampláil gan tionchar a imirt ar an éiceachóras a bhuíochas le ROV *Holland 1*.



Adrian Ahearn, an Banc Ceannais, Peter Heffernan, POF Fhoras na Mara agus Paul Molumby, Stiúrthóir Airgeadraí ag an mBanc Ceannais, ag Seoladh an Bhoinn Phrofa Airgid Inbhailithe de leagan teoranta i gcomóradh John Philip Holland ag Foras na Mara, Orán Mór.

Bhain ár dtaighdeoirí cistiú iomaíoch taighde bia amach trí chlár FIRM an DAFM chun tabhairt faoi thrí thionscadal thábhachtacha taighde a théann i ngleic le riachtanais an tionscail do bharshaothraithe agus bhia mara i limistéir shláinte shliogéisc agus shábháilteachta bia mara, ag comhoibriú le comhpháirtithe taighde in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Sholáthair Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lasaigh seirbhísí rithábhachtacha comhairleacha eolaíochta don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun an CFP a chur i bhfeidhm agus dualgais eolaíochta na hÉireann a chomhlíonadh faoin gCreat um Bailiú Sonraí, mar aon le Natura 2000 agus Creat-Treoir na Straitéise Mara. Chuireamar Leabhar Stoic Bliantúil 2014 le chéile, a sholáthraíonn príomhshonraí eolaíochta d'idirbheartaíocht iascaigh. Chomhairle Airí an AE i Nollaig. Anuas air sin, bhain ár bhfoireann FEAS cistiú suntasach amach don tréimhse a fhad le 2020 faoin gCiste nua Eorpach Muiri agus lasaigh chun sonraí faoi iascaigh a bhailiú, mar aon le tabhairt faoi chlár mór de shuirbhéanna ar iascaigh agus de thionscadail taighde.

In 2014, suiteáladh córas nua ilbhioma ar an RV *Celtic Voyager* chun léarscáiliú ghrinneall na farraige a dhéanamh agus thugamar faoi deara gur éirigh go sár-mhaith lenár n-árthaí taighde ar fud réimse de shuirbhéanna eolaíochta ilchuspóra.

Lean ár gclár de shuirbhéanna Trasatlantacha i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Memorial, Newfoundland agus le comhghleacaithe taighde na hÉireann. Chomhlíon ár bhfoireann léarscáilíthe ghrinneall na farraige príomhról in INFOMAR, an príomhchlár náisiúnta léarscáilíthe ghrinneall na farraige faoina dtugtar i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Sholáthair Seirbhísí Aigéaneolaíochta seirbhísí samhaltaithe agus réamhaisnéise agus chuir siad leis an taighde a rinne ár bhfoirne seirbhís eolaíochta agus d'oibrigh said seirbhísí suíomh tástála fuinneamh aigéin

agus an gréasán náisiúnta baoithe aimsire.

Chuireamar fáilte roimh roinnt cuairteoirí chuig Foras na Mara i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear Ambasadóir nuacheaptha SAM le hÉirinn, Kevin O'Malley an 14 Samhain 2014. Anuas air sin, d'oscailomar ár ndoirse i Samhain do bhreis agus 300 dalta na hidirbhliana le haghaidh taispeántas in iascaigh agus i sábháilteacht bhia mara, mar aon le taispeántas ar ghairmeacha muiri agus deiseanna oiliúna, ár gclár bliantúil sparánaí do mhic léinn tríú leibhéal san áireamh.

Rinneamar seoladh boinn ag Banc Ceannais na hÉireann a óstáil, an 1 Meán Fómhair, chun aireagóir an fhorghuineáin nua-aimseartha, John Philip Holland [1841-1914], a rugadh in Éirinn, a chomóradh. Leag an t-imeacht béim ar thraidisiún fada na hÉireann de nuálaíocht mhuiri agus bhí ár bhforghuineán neamhfhoireannaithe, an ROV *Holland 1* mar chúla.

Gabhaim buíochas ó chroí le foireann Fhoras na Mara as ucht a dtiomantais agus a n-ardchaighdeán chomhsheasmhaigh soláthair seirbhíse agus leis an mBord as ucht a dtiomantais agus a ndúthrachta chun na caighdeáin is airde i rialachas comparáideach a bhaint amach.

Peter Heffernan
Príomhfheidhmeannach

Seirbhísí Corparáideacha

Ráiteas an Stiúrthóra »



D'athraigh an feabhsú a tháinig ar an timpeallacht eacnamaíoch, de réir a chéile mar aon le roinnt earcaíocht theoranta an dearcadh in 2014 go dearcadh borrrtha agus soirbhíochais agus leagadh béim ar luach ar airgead a uasmhéadú i measc páirtithe leasmhara trí sheirbhís an-fhreagrúil, atá faoi thionchar custaiméirí agus béim leantach á leagan ar rialachas tréan corparáideach agus luach ar airgead a sholáthar.

I measc bhuaicphointí 2014, bhí an méid a leanas:

Creidiúnú Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe (ETP) amach faoi Chaighdeán an NSAI - ETP 1000:2012 a choimeád. Is é an ETP an t-aon scéim náisiúnta bainistíochta acmhainní daonna in Éirinn atá tiomanta do ról daoine agus an tionchar a imríonn siad ar ghnó. Bhronn Foras na Mara an t-ardghradam seo go leanúnach ó 2005 ar aghaidh, a léiríonn infheistíocht an Fhorais inár bhfoireann a chomhlíonann ról lárnach chun éifeachtúlacht ár ngó a uasmhéadú agus cumas eagraíochtúil a mhéadú.

Thuairiscigh comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, lena n-áirítear iniúchtaí rialta inmheánacha na leibhéil uasta de dhearbhu agus de sholáthar dea-chleachtais.

Rinneadh infheistíocht €4.4 milliún faoin gClár Taighde Mhuirí, lena n-áirítear €3 milliún le haghaidh an ama a chaitear ar bord árthaí náisiúnta taighde an *RV Celtic Explorer* agus an *RV Celtic Voyager*, mar aon le €1.4 milliún ar

thionscadail taighde agus ar bhonneagar.

Rinneadh tuairisciú ráithiúil bainistíochta riosca leis an gCoiste Iniúchta Inmheánaigh mar aon le hathbhreithniú ar an mbeartas riosca agus rinneadh athbhreithniú miosúil ar an gClár Rioscaí leis an Oifigeach Riosca. Trí na rioscaí a thuiscint atá romhainn agus iad a bhainistiú i gceart, cuirtear feabhas ar chumas na hInstitiúide chun cinntí níos fearr a dhéanamh, tabhairt faoi chuspóirí agus chun feidhmíocht a fheabhsú ina dhiaidh sin.

Rinneadh láithreán gréasáin nua-aimseartha agus nuálach, www.marine.ie, a athfhorbairt agus a sheoladh, ar tugadh os cionn 250,000 cuairt air in 2014. Mar gheall ar an ollréimse seirbhísí ar líne ar an láithreán agus mar gheall gur féidir rochtain a fháil air ó fhearais shoghluaiste, cuirfidh an láithreán gréasáin feabhas ar an mbealach a idirghníomhaimid le custaiméirí agus ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil dóibh.

Cuireadh tionscnaimh choigilte fuinnimh ar bun agus baineadh coigiltí beaga ach tábhachtacha amach cheana féin faoi dheireadh 2014, agus sainathnódh clár mionsonraithe lena chur i bhfeidhm in 2015.

An tUasal Caroline Bocquel
Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha



D'fhreastail daltaí na hidirbhliana ar lá oscailte Fhoras na Mara do dhaltai na hidirbhliana i rith Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe, Samhain 2014.



Sheol Foras na Mara láithreán gréasáin nua, bunaithe ar dhearadh freagrach, i Nollaig 2014.



Soláthraíonn clár oiliúna Aigéaneolaíocht Oibriochtúil SMART d'iarchéimithe ar bord an RV Celtic Voyager ardoiliúint chomhtháite in aigéaneolaíocht oibriochtúil, Meitheamh 2014.

Acmhainní Daonna

Leagadh béim in 2014 ar luach a chur leis an seirbhísí agus na tacaíochtaí a sholáthraíonn an Institiúid faoinár Straitéis Chorporáideach fad a chinntítear idirchaidreamh lenár bhfoireann agus forbairt ár bhfoirne.

Bhí baint ag Foras na Mara le líon tionscadail Eorpacha agus idirnáisiúnta taighde inar earcaíodh cúigear foirne sealadacha a bhí cistithe ag an tionscadal chun tacú le taighde a sholáthar i limistéir na haigéaneolaíochta, na n-iascach agus na n-éiceachóras, sábháilteachta sliogéisc agus forbartha sonraí. Tháinig beirt chomhaltai nua foirne go hOifig Forbartha Muirí na hÉireann. Leanamar ag tacú le tionscnaimh chun céimithe agus iad siúd atá ar an mbeochlár a fhorbairt agus soláthraíodh socrúcháin do 11 chéimí a bhain cáilíochtaí amach le déanaí (oiliúnaithe) ar chlár thaithe oibre 50 seachtain agus 20 intéirneacht JobBridge. Bhí na socrúcháin seo i measc réimse de dhisciplíní eolaíochta, teicniúla agus riaracháin agus bhain 65 faoin gcéad de na hOiliúnaithe fostaíocht amach agus d'fhill 17 faoin gcéad diobh chun tabhairt faoi bheis staidéir agus bhain 81 faoin gcéad d'Intéirneacht fostaíocht amach le heagraíochtaí eile nó d'fhill siad ar staidéar lánaimseartha chun tabhairt faoi Mháistreacht nó faoi PhD.

Coiméadadh ár gCreidiúnú Scotshseirbhíse ó Scotshfhostaithe (ETP) amach faoi Chaighdeán an NSAI - ETP 1000:2012 in 2014. Léirigh seo ár n-éiteas mar eagraíocht, a bhí dírithe ar chumarsáid agus infheistíocht éifeachtach a dhéanamh i bhfoghlaim agus i bhforbairt na foirne ar feadh an tsaoil. Dhirigh ár gclár Foghlama agus Forbartha 2014 ar fhorbairt phearsanta agus bainistíochta, bainistíocht agus pleanáil straitéiseach agus ar shláinte agus sábháilteacht. Áiríodh leis an gclár oiliúint agus forbairt rithábachtach a sholáthar, infheistíocht a dhéanamh i gclár thriú leibhéal, clár choitiseála agus forbairt phearsanta lena chinntiú gur soláthraíodh Tosaíochtaí Clár Oibre agus d'escair infheistíocht os cionn €350,000 (3.85 faoin gcéad den phárolla) a dhéanamh as an Straitéis Chorporáideach.

Thionóil coiste sláinte agus sábháilteachta Fhoras na Mara ocht gcruinniú agus sholáthair ionadaithe ó gach láthair Clár ETP a bhí Creidiúnaithe i dTaobh Cáilíochta. I

gcaitheamh na bliana, cuireadh os cionn 21 measúnú riosca ar bun agus tuairiscíodh 13 mhionteagmhas in 2014. Thit seachtain bhliantúil sláinte, sábháilteachta agus folláine na bhfostaithe amach i Nollaig 2014, lenar áiríodh ceardlanna ar aireacha, folláine mheabhrach mar aon le garchabhair agus sábháilteacht dóiteáin.

Airgeadas

Leanann Foras na Mara ag cloí leis an gcód cleachtais um rialachas comhlachtaí Stáit. Tugadh faoi athbhreithniú neamhspleách ar chomhlíonadh an Fhorais i dtaobh an chóid agus ar an gcóras rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san Fhoras in 2014, a dheimhnigh go bhfuil beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha ag an bhForas a chuimsíonn na príomhlimistéir rialachais agus rialaithe inmheánaigh agus tugadh ardtús áite do rialachas corporáideach laistigh den eagraíocht.

Faoi mhaoirseacht an choiste iniúchta inmheánaigh, lean Foras na Mara ag tabhairt faoi iniúchtaí inmheánacha in 2014. Dheimhnigh gach ceann de na ceithre iniúchadh ardchaighdeán rialachais an Fhorais agus chinntigh siad go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á choimeád agus á oibriú. I measc na n-iniúchtaí, bhí an cód cleachtais, athbhreithniú ar an gcóras rialuithe inmheánacha airgeadais, bainistíocht conartha agus beartais TF, agus gníomhaíodh i leith aon mholtaí iniúchta inmheánaigh agus tuairiscíodh iad leis an gcoiste iniúchta inmheánaigh agus le bord Fhoras na Mara. Forbraíodh an plean iniúchta inmheánaigh don tréimhse 2015-2016 i rith 2014 agus léiríonn seo na rioscaí a saináithníodh i gclár rioscaí Fhoras na Mara, riachtanais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus an choiste iniúchta inmheánaigh.

Nuashonraíodh nósanna imeachta agus beartais airgeadais Fhoras na Mara i rith 2014 agus leanann éiteas agus díriú tréan i dtaca le soláthar poiblí ar fud Fhoras na Mara. In 2014, eisíodh 43 tairiscint, ar foilsíodh sé cinn diobh ar *Irisleabhar Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* ('Official Journal of the European Communities'). Cruthaíodh gur bealach éifeachtach agus éifeachtúil chun costais a laghdú agus chun coigilteas a ghiniúint é ceannach láraithe agus an Oifig um Sholáthar Rialtais agus leanfar de seo isteach in 2015.

Tá sé mar bheartas Fhoras na Mara a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras laistigh de théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012. Tá córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm a chumasaíonn rianú a dhéanamh ar shonrais agus lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí ar bhealach tráthuile agus éifeachtúil.

Saoráidí

Tá an fhoireann Saoráidí bunaithe go príomha sa cheanncheathrú in Órán Mór agus tá an fhoireann a oibríonn i bhfálití, na stóir, cothabháil, riarachán agus soláthar ina measc. Is iad príomhfheidhmeanna na foirne chun timpeallachtaí sábháilte oibre a sholáthar, seirbhísí soláthair a sholáthar agus sár-thacaíocht custaiméirí a chur ar fáil i measc áiseanna uile an Fhorais, agus na saoráidí seo a choimeád i leith ardchaighdeán ar bhealach costéifeachtúil.

Ar cheann de phríomhchuspóirí na foirne in 2014 ba é éifeachtúlacht costais a bhaint amach trí cheannach láraithe, mar aon le Creatlacha agus conarthaí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) a chur chun cinn agus a úsáid. Tá comhairle agus cúnamh á soláthar anois ag comhalta na foirne don eagraíocht maidir le soláthar, go ginearálta, go sonrach maidir le creatlacha an OGP. Ceannaítear ardlíon tomhaltáin saotharlainne anois trí chreatlach, a n-eascraíonn coigiltí suntasacha airgeadais as don Fhoras.

D'fhreagair fáiltiú láraithe in Órán Mór ar 11,500 fiosrúchán isteach a rinneadh ar an nguthán i gcaitheamh 2014. Dhéileáil cothabháil le 404 saincheist neamhsceidealaithe cothabhála a tháinig chun solais agus a réitíodh i rith na bliana. Is é an príomhchuspóir do na hinnealtóirí speisialtóra agus cothabhála ginearálta ná oibriochtaí éifeachtúla a chinntiú i measc na saoráidí agus na foirgnimh, an gléasra agus an trealamh a choimeád i leith caighdeán an-ard. Cuimsíonn an cothabháil phleanáilte choiscitheach 35 seirbhís speisialtóra tógála, agus bíonn 59 cuair ar an suíomh, ar an iomlán, i gceist leis.

Seirbhísí Leabharlainne

Bailiúchán ar líne téacs iomláin de gach foilseachán de chuid Fhoras na Mara agus na foirne atá i Stór Rochtana Oscailte Fhoras na Mara (OAR) (<http://oar.marine.ie/>), a dhéanann an leabharlann a bhainistiú agus a choimeád. Ag deireadh 2014, bhí 927 foilseachán á gcoimeád ag an OAR agus tugadh 17,644 cuair orthu, ar méadú nach mór 10 faoin gcéad é seo ar an líon cuairteanna a tugadh orthu i gcomparáid le 2013, a bhféadfadh go raibh comhcheangal an OAR le RIAN go déanach in 2013 mar chúis leis seo. Is é RIAN an tairseach náisiúnta a chuireann ar chumas cuardaigh a dhéanamh i measc gach foilseachán taighde Éireannaigh. Sainordaíonn Horizon 2020 go dtugann gach togra cistithe cuntas ar conas a dhéanfaidh siad aschur rochtana oscailte dá n-aschur taighde. Soláthraíonn an OAR an fheidhm seo d'Fhoras na Mara, a chinntíonn go bhfuil gach togra cistithe go hiomlán comhlíontach.

Chomhordaigh an leabharlann feachtas leabhar agus bhailigh siad 15 bhosca de leabhair a thug foireann Fhoras na Mara ar bhonn deonach. Rinneadh iad seo a thabhairt do Better World

Books ar bhonn deonach agus tugadh fáлтаis uile an díola d'Fheasacht Litearthachta d'Aosaigh Náisiúnta na hÉireann ('Irish National Adult Literacy Awareness').

In 2014, cuireadh seirbhísí leabharlainne chun tairisceana agus bronnadh conradh ceithre bliana do sheirbhísí leantacha leabharlainne i bhForas na Mara.

Cumarsáid

In 2014, rinneamar ár láithreán gréasáin nua, www.marine.ie, a athfhorbairt agus a sheoladh, bunaithe ar dhearadh freagrúil chun freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcuaireoirí chuig ár láithreán gréasáin. Is féidir amharc anois ar ár láithreán gréasáin gan stró ar réimse fearas. Tugadh 252,361 cuairt ar an láithreán gréasáin, agus thug 155,622 duine athchuaire air i rith 2014.

Leanamar le hidirchaidreamh meán sóisialta a fhorbairt ar ardáin, ar nós Facebook, LinkedIn agus Twitter agus ar ár mblag scientists@sea, áit a ndéanann eolaithe blagáil faoina suirbhéanna ar bord an *RV Celtic Explorer*.

Chuaigh ár gClár Oideachais Taiscéalaithe i méid agus bhain sé 100 bunscoil amach in Iarthar na hÉireann in 2014. Rinneadh clár piolótach modúlbnaithe, ar baineadh triail as i nGaillimh in 2013-14, a thabhairt isteach sa Chlár, i Maigh Eo agus i Sligeach, i gcomhar le hUisceadán Atlantach na Gaillimhe (Galway Atlantaquaria) agus leis na hIonaid Oideachais Chontae i rith scoilbhliain 2014-15. Leanadh go rathúil leis an gclár san Oirthear agus sa Deisceart agus ghlac 12 bhunscoil páirt i mBaile Átha Cliath/Cill Mhantáin le hIonad Oideachais na Carraige Duibhe agus Beatha Mhara Bhré (Bray Sea Life) agus ghlac 19 mbunscoil páirt ag Saotharlann Lifetime, Corcaigh. In Iúil, reáchtáladar cúrsa oiliúna múinteoirí na dTaiscéalaithe i gcomhar le hUisceadán Atlantach na Gaillimhe agus le hIonad Oideachais na Gaillimhe. Forbraíodh a mhéid le 50 plean nua ceachta, a d'úsáid téamaí muirí, do Chlár Oideachais na dTaiscéalaithe a thacaíonn le Curaclam Bhuscoile NCCA na hÉireann. Tá na pleananna ceachta ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar www.explorers.ie. Chistigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann an tionscadal seo agus chomhordaigh Uisceadán Atlantach na Gaillimhe é le tacaíocht ó Fhoras na Mara. Go déanach in 2014, chuireamar tús lenár measúnacht sheachtrach ar chlár na dTaiscéalaithe agus é mar chuspóir againn breisfhorbairt a dhéanamh ar an gclár chun cuspóirí *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn* ('*Harnessing our Ocean Wealth – An Integrated Marine Plan for Ireland*') a leagann béim ar fhorbairt an chlár mar phríomhghníomh.

I Samhain, d'fháiltíomar roimh 300 dalta san idirbhliain chuig an gceanncheathrú in Órán Mór i gcomhar le Féile Eolaíochta agus Theicneolaíochta na Gaillimhe agus tionscadal 'Muir na Sochaí' ('Sea for Society') de chuid an AE. Bhain na daltaí taitneamh as cur i láthair agus taispeántais ag an bhfoireann ar a gcuid oibre mar aon le turas ar na saotharlanna.

Thacaíomar le roinnt imeachtaí i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear an chéad Chomhdháil 'Saibhreas ár nAigéin' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meitheamh, agus ceardlann de chuid an Choimisiúin Eorpaigh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath

i Nollaig ar chur i bhfeidhm 'Ráiteas na Gaillimhe' (Aguisín 9) a dhírigh ar léarscáiliú ghrinneall an Atlantaigh. D'fhreastail rannpháirtithe an AE, SAM agus Ceanada ar an imeacht seo chun príomhthosaíochtaí agus príomhchur chuige a dheimhniú le haghaidh léarscáiliú sprioctha grinnill chun tacú le cumas breathnaithe agus réamhaisnéise aigéin.

Rinneamar seoladh bhonn comórtha John Philip Holland ag an mBanc Ceannais a óstáil ag ár gceanncheathrú in Órán Mór, an 1 Meán Fómhair, in onóir aireagóir an fhomhuireáin nua-aimseartha a rugadh in Éirinn.

I rith 2014, bhiomar mar ghné i roinnt léiriúcháin teilifíse, lena n-áirítear sraith Eco Eye agus cuireadh agallaimh ar bun ag saotharlanna Fhoras na Mara agus ar bord *an RV Celtic Explorer* maidir le tionchar an aigéin agus athrú aeráide agus bhí gnéchlár ann ar chlár clibeála siorc craosaire an Fhorais sa chlár 'Ireland's Ocean'. Bhain roinnt scéalta a bhain le cúrsaí muirí a chuir Foras na Mara chun cinn cumhdach na meán náisiúnta i rith na bliana, lena n-áirítear suirbhé ina raibh taiscéaladh á dhéanamh ag eolaithe ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar chóras cainneon fomhuireáin domhainfharraige Chainneon Whittard san Atlantach Thoir Thuaidh ar bord *RV Celtic Explorer* Fhoras na Mara. Bhí na fionnachtana nua a rinne eolaithe a bhain le geolaíocht agus le gnáthóga bitheolaíocha fhána thoir theas Bhruach Rocal faoi stiúir UCC cumhdaithe sna nuachtáin náisiúnta chomh maith, mar aon le taighde a rinne Foras na Mara agus Ollscoil Southampton ar dhéocsaíd charbóin a stóráilann éisc dhomhainfharraige. D'fhoilsíomar 53 scéal nuachta agus preaseisiúint ar ár láithreán gréasáin, www.marine.ie, i rith 2014.

An Oifig Taighde

In 2014, rinneadh infheistíocht €4.4 milliún faoin gClár Taighde Mhuirí, lena n-áirítear €3 milliún le haghaidh an ama a chaitear ar bord na n-árthaí náisiúnta taighde mar aon le €1.4 milliún ar thionscadail taighde agus ar bhonneagar. Rinneadh dhá thrian d'infheistíocht 2014 a bhronnadh chun tacú le taighde (156 lá) agus le cláir oiliúna fochéime/iarchéime (62 lá) ar bord árthaí náisiúnta taighde *an RV Celtic Explorer* agus *an RV Celtic Voyager*. Dhírigh an taighde faoinar tugadh ar limistéir na timpeallachta muirí, na haigéaneolaíochta agus an athraithe aeráide, na geolaíochta muirí, na teicneolaíochta muirí agus na bithéagsúlachta muirí. Soláthraíodh cláir oiliúna do mhic léinn ó shé Institiúid Ardoideachais, cibé acu trí mhodúil struchtúracha chreidiúnaithe shonracha nó trí chúrsaí ildisciplíneacha ilchineálacha a chomhordaigh Scoil Mhara SMART in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo.

In 2014, foilsíodh dhá thuarascáil deiridh maidir le tionscadail agus cuireadh ar fáil iad ar Stór Rochtana Oscailte Fhoras na Mara. Soláthraíonn na tuarascálacha seo torthaí taighde tábhachtacha ar bhonn fianaise a chuideoidh le cinnteoireacht beartais a dhéanfar amach anseo maidir le doibharshaothrú sliogéisc maidir leis an tocsain sliogéisc *Azaspicids*, mar aon le measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an uisce in uisce muirí na hÉireann.

Rinneadh infheistíocht beagán faoi bhun €1 milliún i mbonneagar a fhorbróidh teicneolaíochtaí nua breathnaithe aigéin a oiriúnaíodh don fharraige san Atlantach, a éascóidh breathnú in-situ agus sonraí cianbhraite muirí agus a



Múinteoirí bunscoile ar Thrá Grattan, Gaillimh i rith an Chláir Oiliúna Taiscéalaithe do Múinteoirí i gcomhar le hUisceadán na Gaillimhe.

cheadóidh an cábla fomhuirí a shineadh a sholáthróidh cumhacht agus nascacht sonraí do shuíomh tástála fuinneamh aigéin Chuan na Gaillimhe.

Bhunaigh Foras na Mara Clár Comhaltachta Uí Chuilinn. Tá de chuspóir aige breis deiseanna forbartha a sholáthar don chéad ghlúin eile d'eolaithe agus de thaighdeoirí muirí ar leibhéal Máistreacht agus PhD. I ndiaidh gairm rathúil phiolótach in 2014, táthar ag súil leis go n-éireoidh an clár seo dea-bhunaithe agus go mbeidh ardmheas air sna blianta amach romhainn.

Cuireadh tús le Horizon 2020 in 2014 agus sholáthair an Oifig Taighde tacaíocht d'fhoireann Fhoras na Mara chun a dtograí a sheoladh ar aghaidh. Go dtí seo, bronnadh cúig thionscadal ar thaighdeoirí Fhoras na Mara faoi Horizon 2020, agus bronnadh cúnamh deontais €2 milliún. Is é an bronnadh is mó Gníomh Comhordaithe agus Tacaíochta Chomhghuaillíocht Taighde ag Aigéin Atlantaigh (AORAC-SA), atá in ainm is tacaíocht eolaíochta, theicniúil agus lóistíochtúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach chun Comhoibriú Taighde Mhuirí Thrasatlantaigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada. Is ionann an cúnamh deontais a thugtar d'Fhoras na Mara agus €1.2 milliún do thionscadal AORAC-SA, ar a bhfuil luach foriomlán tionscadail €4.2 milliún, a ndéanann an Coimisiún Eorpach €3.5 milliún de a chistiú.

Anuas air sin, sholáthair an Oifig Taighde tacaíocht do chomhghleacaithe Fhoras na Mara i ngach limistéar seirbhíse i rith 2014 i mbainistíocht/riarachán airgeadais tionscadail taighde atá faoi chistiú an AE. Soláthraítear tacaíocht faoi láthair do 21 tionscadal (lena n-áirítear tionscadail nua Horizon 2020), ar a bhfuil luach os cionn €4.4 milliún i gcúnamh deontais d'Fhoras na Mara.

Inrochtaineacht

Chloigh an Foras go hiomlán le forálacha an Achta um Michumas i rith 2014.

Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

Ráiteas an Stiúrthóra »



Bhunaigh reacht i 1999 Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO) agus tá siad freagrach as an ngeilleagar muirí a fhorbairt, lena n-áirítear loingseoireacht, calafoirt agus tráchtáil mhuirí. Ag tabhairt faoina sainchúram agus mar thacaíocht le beartas náisiúnta geilleagrach, bhí an IMDO gníomhach i gcaitheamh 2014 agus an méid a leanas á dhéanamh:

- infheistíocht a spreagadh san earnáil mhuirí
- comhairle bheartais a chur ar fáil ar fhorbairt ár bport agus ár mbonneagair loingseoireachta
- caighdeán níos airde in oideachas muirí a chur chun cinn
- feachtas ghinearálta ar an earnáil a mhúscailt, i dtaobh deiseanna gairme agus an méid a chuireann sí leis an ngeilleagar náisiúnta
- tabhairt faoi anailís gheilleagrach.

Tháinig an anailís gheilleagrach faoinar thug an IMDO sa bhliain atá faoi chaibidil, a raibh foilsíú an 12ú heagrán den *Irish Maritime Transport Economist* ina bhuaicphointe, ar fhianaise a thacaíonn le soirbhíochas méadaitheach i dtéarnamh gheilleagar na hÉireann. Rinneadh cáipéis tagartha den fhoilseachán seo dóibh siúd go léir ar spéis leo fhorbairt na hearnála muirí. Déanann sé monatóireacht ar ár gcalafoirt agus ár gcuideachtaí loingseoireachta agus nuair atá amhlaidh á dhéanamh, aithníonn sé a dtábhacht straitéiseach chun iomaíochas náisiúnta a chur chun cinn, borradh i dtrádáil agus cruthú fostaíochta a éascú, laistigh den earnáil mhuirí agus ar fud an gheilleagair níos fairsinge araon. Braitheann an *Irish Maritime Transport Economist* go mór ar chomhoibriú na gcalafoirt agus an tionscail loingseoireachta chun bunachar sonraí fíorluachmhar a chruthú a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht roimhe seo, agus níos tábhachtaí ná sin, a sholáthraíonn sonraí turgnamhacha a chuireann faisnéis ar fáil d'fhorbairt amach anseo. Tá luach agairn ar an gcaidreamh a mbainimid taitneamh as leis an tionscail agus táimid buíoch le gach páirtí leasmhar tionscail a thacaigh

lenár n-obair chun anailís dhaingean, thráthúil agus chruinn a chruthú tríd an *Irish Maritime Transport Economist*.

D'oibrigh an IMDO go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha eile in 2014, san iarracht náisiúnta chun rathúnas geilleagrach na hÉireann a athshlánú. Leanaimid ag comhoibriú leis na gníomhaireachtaí siúd, go háirithe trí *Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn* de chuid an Rialtais. Teastaíonn comhordú ó chur i bhfeidhm an phlean seo idir na gníomhaireachtaí forbartha, faoi mar a léiríonn an t-idirchaidreamh an-táirgiúil ar bhain an IMDO taitneamh as leis an Udarás Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann agus Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann. Chuir an t-idirchaidreamh seo dul chun cinn san earnáil chun cinn agus táimid buíoch le comhghleacaithe laistigh den phobal forbartha as a n-olltacaíocht lenár n-iarrachtaí.

Anuas air sin, ba mhian liom obair na foirne a aithint a d'fhreagair chomh dearfach sin don dúshlán spreagúil a bhain leis an tionscail muirí a fhorbairt. I Lúnasa 2014, treisíodh an fhoireann tar éis gur ceapadh Rebecca Wardell mar Bhainisteoir Forbartha Gnó. Tar éis gur ceapadh Rebecca, tá dul chun cinn agus díriú le sonrú san iomaí deis forbartha gnó atá ag teacht chun solais san earnáil de réir mar a leanann an geilleagar ag teacht as an tréimhse de chrapadh agus de réir mar a thugann sí faoi thodhchaí dhúshlánach de bhorradh agus d'fhás.

Liam Lacey

Stiúrthóir: Oifig Forbartha Muirí na hÉireann
Anailís Gheilleagrach



Tháinig méadú naoi faoin gcéad ar mhéideanna na gcoimeádán Éireannach a bhí á seoladh faoin tríú ráithe in 2014.

Soláthraíonn an IMDO tráchttaireacht rialta gheilleagrach thar ceann earnáil mhuiri na hÉireann. In 2014, eisíodh bullaitíní ráithiúla don mhargadh, anuas ar thuarscálacha saincheaptha a chuaigh i ngleic le limistéir spéise nó ábhair bhuartha don tionscal a bhí ag teacht chun solais.

Thaispeáin ár n-anailis gur lean earnáil mhuiri na hÉireann ag dul i méid in 2014, agus rinne sí borradh gheilleagar na hÉireann a rianú go dlúth. Tháinig méadú 2 faoin gcéad ar líon na mbád sna calafoirt i rith na tréimhse, faoi mar a tomhaiseadh ar an innéacs iShip, innéacs ilchodach a chuireann cúig shaghas tráchta le chéile i dtáscaire amháin de thréchur iomlán calafoirt. Cé go léiríonn an beart seo gur aisghabh líonta iomlána na mbád sna poirt go dtí 914 pointe ar an scála, tá siad fós 12 faoin gcéad faoi bhun an bhuaiclin b'airde 1,042 a baineadh amach in 2007. Dá ainneoin, thacaigh fillleadh an bhorrtha san earnáil le muinín agus tá pleananna uailmhiannacha á gcur chun cinn ag calafoirt Éireannacha chun cur lena gcumas mar gheall ar an mborradh seo. Ar aon dul le Beartas Náisiúnta na gCalafort, thacaigh an fhoireann leis na hiarrachtaí forbartha seo, inar thosaigh ár gcalafoirt Leibhéal 1 ag tabhairt faoin gcumas breise a sholáthar a theastóidh chun freastal ar riachtanais ár ngeilleagair mhéadaithigh.

Ar leibhéal maicreacnamaíoch, bhí an borradh sa gheilleagar domhanda mall go leor – 2.6 faoin gcéad in 2014 agus b'isle é ná mar a raibh súil leis. Laistigh den AE, chuir caitheamh íseal intire srian ar bhorradh, go háirithe sa Fhrainc agus san Iodáil. D'eascair gur tháinig méadú 7.1 faoin gcéad agus 2.4 faoin gcéad, faoi seach, ar iompórtálacha agus easpórtálacha mar gheall ar fheidhmíocht sách láidir dhá cheann de phríomhchomhpháirtithe trádála na hÉireann – na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe. Rinne laghduithe suntasacha a tháinig ar chostais bhreosla, go háirithe i dtreo dheireadh na bliana, agus costais chairtfhostú loinge nach bhfuil na leibhéil bainte amach arís acu go fóill chun toradh gheilleagrach a sholáthar d'úinéirí, costais loingseoireachta agus iompair d'iompórtálaithe agus d'easpórtálaithe a laghdú,

Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar na treochtaí seo go náisiúnta agus go idirnáisiúnta, soláthraíonn an IMDO

seirbhís luachmhar don tionscal agus bonn daingean geilleagrach ar a mbunaítear cinntí infheistíochta san earnáil mhuiri.

Forbairt Gnó

Éilíonn sainordú an IMDO ar an tionscal a fhobairt trí chruthú post agus infheistíocht mhéadaithe san earnáil. Comhlíonann ár straitéis forbartha gnó an sainchúram seo agus téann sí i ngleic leis na deiseanna arb ann dóibh chun infheistíocht nua isteach a mhealladh, anuas ar thacú lenár mbonn reatha dúchasach muiirí agus ár n-infheistíocht dhíreach eachtrach.

Chun ár gclár forbartha gnó a chur chun cinn, caitheadh roinnt mhaith ama chun caidreamh níos fairsinge agus níos doimhne a chruthú leis an Údarás Forbartha Tionscail (IDA), agus deineadh cur i láthair dá bhfoireann seirbhísí airgeadais agus dá bhfoireann earnálacha éiritheacha agus bhí tuiscint níos soiléire faoi chumas forbartha na hearnála mar thoradh air seo. I ndiaidh an chuir i láthair seo, rinneadh teagmháil le pearsanra an IDA sa tSín, sna Stáit Aontaithe, i Singeapór agus sa Ghearmáin, chun tionchar na misean forbartha gnó atá á phleanáil do na tíortha seo a uasmhéadú.

Ar an gcuma chéanna, rinneadh obair lenár gcuid ambasáidí, go háirithe sa Ríocht Aontaithe, an Ghréig, an Ghearmáin agus i Singeapór, agus é ina chuspóir an caidreamh seo a fairsingiú níos mó de réir mar a thosaímid ag teacht i dtír ar na deiseanna gnó atá sna réigiúin seo. Sa mhullach air sin, rinneadh rannpháirtíocht fairsing le soláthraithe seirbhísí gairmiúla in Éirinn chun comhthuiscint a fhorbairt ar conas is fearr tionscal muiirí na hÉireann a mhargú go hidirnáisiúnta. Is féidir le comhairleoirí gairmiúla tionchar a imirt i bpróiseas déanta cinntí gnóthas a lorgaíonn chun lonnú in Éirinn agus bhí a dtóiliú chun oibriú go comhoibritheach sa dianiarracht seo an-spreagúil agus an-torthúil. Tríd an gcaidreamh seo a fhorbairt, rinne an IMDO cur i láthair ag Comhlachas Dlí Mhuiri na hÉireann, os comhair lucht féachana 50 gairmí dlí, ar spéis leo go léir gheilleagar muiirí na hÉireann a fhorbairt.

Agus é ina mhacasamhail de chuspóir, rinneadh idirchaidreamh fairsing le cuideachtaí poirt. Cumasóirí de bhorradh gheilleagrach iad calafoirt agus ní raibh a shárú ann maidir leis an tacaíocht a thug siad le huailmhianta forbartha an IMDO. Rinne an IMDO cur i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Chomhlachas Calafort na hÉireann (ar a dtugtar anois Fóram Muiirí na hÉireann). Ba dhianiarracht chomhoibritheach a bhí san imeacht seo idir Comhlachas Calafort na hÉireann, Institiúid na Máistir-Mhairnéalach, Calafort Chorcaí, Institiúid na mBróicéirí Muiriompair Cairte, agus Cumann Tráchtála Loingseoireachta na hÉireann. Sholáthair an chomhdháil deis chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an tionscal calafort, chun tacú le agus chun plé a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta Calafort agus chun forbairt agus infheistíocht gnó san earnáil a spreagadh.

Le cuideachtaí loingseoireachta iasachta a spreagadh chun lonnú in Éirinn, coimisiúnaíodh agus seoladh Tuarascáil ar Cháin Tonnáiste, a d'ullmhaigh PwC, i Meán Fómhair 2014. Príomhghné dhíola dár dtionscal muiirí is ea córas fabhrach

cáin tonnáiste na hÉireann. Dheimhnigh an tuarascáil go raibh an córas oiriúnach don chuspóir agus gurbh fhearr é ar go leor bealaí ná na córais cháin tonnáiste atá á n-oibriú i ndlíní eile.

Tá baint dhlúth ag an IMDO i gcónaí le tionscadal Ionad Seirbhísí Loingseoireachta na hÉireann, a lorgaíonn chun Éire a bhunú mar mhol idirnáisiúnta loingseoireachta. Eascróidh cruthú poist ardchaighdeán as an ionad in Éirinn agus déanfaidh siad infheistíocht sa tionscal muirí a chatalú. D'aithin an Tascfhórsa Forbartha cumas an tionscadail faoin tionscnamh *Feidhm a Bhaint as ár Saibhreas Aigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn*.

Tacaíocht agus Forbairt Beartais

Cuireann an IMDO tacaíocht agus comhairle bheartais ar fáil don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is éard atá sna freagrachtaí seo ná cruinnithe rialta faisnéise, idirchaidreamh a éascú idir an tionscal agus an Roinn, mar aon le tuarascálacha a chur i dtoll a chéile ar shaincheisteanna sonracha a thagann chun solais ó thráth go chéile.

Ghlac an IMDO páirt sa Sainghrúpa a chuir *Staidéar ar Riachtanais Scileanna Reatha agus Amach Anseo an Gheilleagair Mhara / Mhuirí a fhad le 2020* ('A Study of the Current and Future Skills Requirements of the Marine / Maritime Economy to 2020') i dtoll a chéile. Bhí an tionscadal faoi stiúir oifigeach ón Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta agus soláthraíonn sé treoir agus moltaí soiléire ar conas a chomhlíonfar riachtanais scileanna an tionscail amach anseo.

Thacaigh an IMDO le forbairt Chalaphoirt na hÉireann ar bhealach atá comhsheasmhach leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Calafóirt agus chuir siad a dtuairimí in iúl ar fhorbairt calafóirt ag éisteacht phleanála ó bhéal de chuid an Bhoird Phleanála agus ag imeachtaí agus ag comhdhálacha tionscail.

Cheap an IMDO comhalta taighde, faoi Scéim Comhaltachta Cullen Fhoras na Mara chun tabhairt faoi taighde a lorg an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tÚdarás Iomaíochta, agus iad ag dul i ngleic leis an ngá atá le taighde i limistéar méadracht feidhmíocht calafóirt, faoi mar a dtugtar cuntas air sa Bheartas Náisiúnta maidir le Calafóirt. Mairfidh an tionscadal taighde trí bliana agus imreoidh sé tionchar ar bheartas i limistéar cumas calafóirt amach anseo.

Ina theannta sin, cuirfidh an IMDO, ar griosú na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tús le clár oiliúna a fhorbairt do stiúthóirí calafóirt. Tá sé beartaithe go mbeidh na cúrsaí seo ar siúl gach trí mhí agus go mbeidh siad ar fáil do stiúthóirí nua agus reatha i gcalafóirt stáit agus do sheirbhísigh phoiblí a bhfuil baint acu i rialachas corparáideach na gcuideachtaí siúd.

Cuireann an IMDO forbairt agus cur i bhfeidhm bheartas an AE chun cinn trí sheirbhís idirchaidrimh a sholáthar idir an tionscal agus cláir chistithe Eorpacha, ar nós Horizon 2020 (Waterborne), chlár Ten-T, agus chlár Interreg.

Oideachas agus For-Rochtain

Áirítear le sainchúram an IMDO dualgas chun tacú le hoideachas laistigh den earnáil mhuirí agus chun feasacht a mhéadú ar shaincheisteanna muirí. Chun tabhairt faoin gcuspóir seo a bhaint amach, déanann an IMDO an méid a leanas:

- Tá suíochán áitithe acu ar bhord comhairleach Choláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann
- Déanann siad clár na Scéime Cúnaimh Oideachais do Mharaithe na hÉireann (ISEAS) a bhainistiú, a thacaíonn le hoiliúint a chur ar dhaltai ó Choláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann. In 2014, iocadh os cionn €200,000 amach faoin scéim seo
- Ghlac siad páirt sa 'Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo' a chomhordaigh an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta
- Déanann siad an clár for-rochtana "Lean an Cabhlach" ("Follow the Fleet") a reáchtáil chun daltaí bunscoile a spreagadh bheith páirteach i saincheisteanna muirí trí ghluaiseacht árthái rannpháirteacha a leanúint trí uiscí na hÉireann agus idirnáisiúnta. D'úsáid os cionn 800 scoil an clár seo in 2014 agus ghlac os cionn 25,000 dalta bunscoile páirt ann
- Leanann siad ag tacú le gníomhaíochtaí Institiúid na mBróicéirí Muiríompair Cairte agus na gníomhaíochtaí siúd a chur chun cinn, a dhéanann oiliúint a chur ar ghairmithe a chuirfidh dul chun cinn sa tionscal muirí amach anseo chun cinn.

Tá clár breise oibre á ullmhú a mhéadóidh feasacht i measc dhaltai na hidirbhliana ar an réimse an-fhairsing gairmeacha atá ar fáil san earnáil mhuirí, idir máistir-mhairnéalach agus dlíodóir muirí. Anuas air sin, déanfaidh Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann an clár seo a chur chun cinn.

Trí pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh ar nós iad siúd a liostaítear thuas, spreagann an IMDO athrú dearfach agus comhlíonann siad a sainchúram chun tacú le forbairt thionscail muirí na hÉireann. I gcaitheamh 2014, leag an IMDO béim ar leith ar thionscnaimh agus beartais a chuireann an cumas ar fáil d'athnuachan gheilleagair agus do chruthú post. Agus a ndearchtaí á gcruthú acu, rinne an IMDO idirchaidreamh leis an tionscal, grúpaí ionadaíochta agus comhairleoirí gairmiúla, agus ghlac siad páirt i mbreis agus 300 cruinniú forbartha gnó agus rinne siad cur i láthair breis agus 50 uair do ghrúpaí tionscail.

Trína ngréasán Eorpach de theagmhálaithe tionscail, ionadaithe buana de ghníomhaireachtaí Éireannacha sa Bhruiséil san áireamh, coimeádtar an IMDO ar an eolas ar fhorbairtí suntasacha a dhéantar ar leibhéal an AE. Ar leibhéal domhanda, rianaíonn an IMDO forbairtí tionscail trí theagmháil dhíreach leis an bpobal loingseoireachta agus calafort, idirchaidreamh le grúpaí ionadaíochta agus trí fhreastal ar chomhdhálacha idirnáisiúnta, agus d'fhreastail siad ar ocht gcomhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta sa bhliain atá faoi chaibidil.

In 2014, chuir an IMDO leasanna thionscail muirí na hÉireann chun cinn trí pháirt a ghlacadh go hiomlán i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartais. Tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag an IMDO i bhforbairt na hearnála amach anseo, go háirithe ag an tráth tábhachtach seo ina dteacht chun cinn, nuair a aithníodh tearcfheidhmíocht an tionscail agus ina léirítear a chumas féideartha amach anseo i dtionscnaimh uailmhianach Rialtais (*Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn*) ar féidir leis an méid a chuireann an tionscal leis an ngeilleagar náisiúnta a chlaochlú. Diríonn obair na Seirbhísí Muirthimpeallachta agus

Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia

Ráiteas an Stiúrthóra »



Sábháilteachta Bia (MEFS) ar chosaint tomhaltóirí a chinntiú trí sheirbhísí monatóireachta agus tástála sábháilteachta bia mara; seirbhísí monatóireachta a sholáthar ag tacú le reachtaíocht agus le dualgais mhuirthimpeallachta; mar aon le seirbhísí comhairleacha a sholáthar ag tacú le forbairt inbhuanaithe agus le bainistíocht na muirthimpeallachta. Déantar an obair sin a sholáthar trí thri phríomhfheidhm, lena n-áirítear: Monatóireacht, comhairle agus tacaíocht theicniúil, agus taighde.

Í measc na gclár monatóireachta ar leanadh dóibh in 2014, bhí iad seo a leanas:

- Clár náisiúnta monatóireachta bitocsaine
- Clár náisiúnta maidir le rialú iarmhair (gné bia mara)
- Iniúchtaí agus monatóireacht ar ghluaiseachtaí stoc éisc agus sliogéisc, mar a cheanglaítear faoi Threoir an AE maidir le Sláinte Éisc
- Clár náisiúnta monatóireachta na míolta éisc
- Clár monatóireachta na Creat-Treorach Uisce (gnéithe maidir le huiscí idirthréimhseacha agus cósta).

Mar thacaíocht do na cláir seo, is é Foras na Mara an saotharlann náisiúnta tagartha le haghaidh galar a bhíonn ar shliogéisc, éisc eite agus ar chrústaigh; bitocsainí sliogéisc; éilleáin mhicribhitheolaíochta i measc sliogéisc agus substaintí áirithe ceimiceacha i dtáirgí do bharshaothraithe.

In 2014, bronnadh deimhniú ISO 9001 ar ár n-oifig den Údarás Inniúil um Shláinte Éisc agus rinneadh ár gcóras cáilíochta creidiúnaithe saotharlainne (ISO 17025) de chuid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), atá mar thaca le seachadadh ár seirbhísí saotharlainne comhshaoil agus sábháilteachta bia, a bhreisfhairsingiú; go 43 modh tástála creidiúnaithe aníos ó 40 modh tástála.

Thacaigh seirbhísí comhairleacha agus teicniúla a soláthraíodh in 2014 leis an méid a leanas:

- Ceadúnú do bharshaothraithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Measúnuithe lomchuí ar ghníomhaíocht iascaigh agus do bharshaothraithe i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus i Limistéir faoi Chosaint Speisialta.
- Bainistiú Bánna Singile Do bharshaothraithe.

- Soláthar spriocanna tábhachtacha de Chreat-Treoir na Straitéise Mara (MSFD) don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Cinntí maidir le léasú/ceadúnú urthrú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- Comhairle a chur ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le dumpáil ar farraige.
- An Plean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite san Fharraige Amuigh a chur i bhfeidhm.

Bhí ról lárnach ag rannpháirtíocht i gcláir/i dtionscadail taighde a thacaíonn lenár bpríomhról mhonatóireachta agus chomhairleacha maidir leis an gcomhshaoil agus sábháilteacht an bhia mara inár gclár oibre 2014. Gné shuntais ar leith ba é an rath a bhí orainn i gclár taighde iomaíoch na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, inar bhaineamar an rath amach i gceannaireacht agus i gcomhpháirtíocht i dttri thionscadal a raibh cúnamh deontais iomlán €1.23 milliún i gceist leo. Soláthróidh an obair seo, a rachaidh i ngleic le saincheisteanna don tionscail oisri agus feamainne, beagán de bhreis ar €0.8 milliún do Sheirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia chun triúr taighdeoirí a fhostú ar feadh trí bliana.

Thugamar faoin obair thuas go léir ar bhonn comhoibritheach i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais – an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha; Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Bíonn ról gníomhach againn i bhfóraim idirnáisiúnta chomh maith; e.g. an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaláíocht na Mara (ICES) agus Coinbhinsiún Osló agus Pháras 1992 (OSPAR).

Aengus Parsons

Stiúrthóir: Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia

Monatóireacht

Sábháilteacht Sliogéisc

Déantar monatóireacht ar bhitocsainí ó nádúr mar chuid de na rialuithe náisiúnta oifigiúla ar bhia mara. Tugaimid faoi seo i gcomhoibriú leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara agus le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. In 2014, mar gheall ar shraith d'imeachtaí fairsinge agus fadtréimhseacha bitocsaine, dúnadh go leor limistéir tháirgthe sliogéisc ó thráth luath sa samhradh a fhad le deireadh na bliana; go háirithe sna ceantair thiar theas ina bhfástar na diúilicíni ar théad. Tugadh faoi mhonatóireacht ar na tocsainí seo agus anailís ar cheimic bhitocsaine den chéad scoth á húsáid. Thacaigh monatóireacht ar fiteaplanctón, measúnachtaí bitheolaíocha móilíneacha agus imdhíon-mheasúnachtaí leis seo chun láithreach na tocsaine agus na n-orgánach cúiseach araon a bhrath. Rinneadh anailís ar thart ar 3,140 sampla de shliogéisc in 2014, agus bhain 520 díobh seo toradh dearfach amach i dtaobh ábhar tocsaine a bhí os cionn na leibhéal rialála.

Cé gurb imeachtaí nádúrtha iad imeachtaí bitocsaine, agus gur tugadh dúnadh fadálach faoi deara roimhe seo, imríodh tionchar an-suntasach ar an tionscal in 2014. Soláthraíodh tacaíocht leanúnach agus monatóireacht sceidealaithe agus bhreise chun na leibhéal tocsaineachta a thomhas i ngach sampla a seoladh ar aghaidh agus chun comhairle a eisiúint, mar aon leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara, ar athoscailt na limistéar a luaithe a bhí sé sábháilte amhlaidh a dhéanamh.

Tugadh sampláil éigeantach fiteaplanctóin isteach i ngach limistéar táirgthe sliogéisc in 2014. Bronnadh stádas dúnta ar limistéir ar theip orthu samplaí a sheoladh ar aghaidh. D'eascair feabhsú suntasach as seo ar chomhlíonadh agus méadú iarmharach ar líonta na samplaí ar a ndearnadh anailísí. Dá thoradh, baineadh bainistíocht fheabhsaithe riosca ar mhinicíocht samplála tocsaine agus réamhaisnéis fheabhsaithe ar imeachtaí tocsaineacha. As 3,400 sampla d'fiteaplanctón a seoladh ar aghaidh, bhí speiceas tocsaineach fiteaplanctóin ann in 277 díobh; a thug fadhbanna féideartha le fios agus ar theastaigh comhairle leantach nó breis samplála uathu.

Ag eascairt ó thionscadal a bhí cistithe ag an gCoimisiún Eorpach (ASIMUTH) a críochnaíodh in 2013, corpraíodh tuarascáil sheachtainiúil achomair ina dtugtar achoimre ar mhinicíocht thocsaineach agus blás díobhálach algach, mar aon le réamhaisnéis ghearrthéarmach ar dhóchúlacht na n-athruithe ar an stádas isteach sna táirgí comhairleacha atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Cuimsítear sa tuarascáil seo sonraí monatóireachta, faisnéis satailíte agus mhúnlaíthe agus bhí an-ghlacadh léi i measc na n-údarás rialála agus pháirtithe leasmhara an tionscail do bharshaothraithe araon.

Rinneadh monatóireacht mhíosúil ar leibhéil *E.coli* i measc sliogéisc i ngach limistéar táirgthe agus tugadh faoin athbhreithniú bliantúil ar na sonraí leis an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara chun aicmiú cuí a shannadh ar gach limistéar. Anuas air sin, rinneadh tástáil ar sprioclimistéir i dtaobh láithreach Noraiviris chun faisnéis a bhailiú ar an láithreach agus ar an riosca a bhaineann leis an bpataigin i measc shliogéisc na hÉireann.

Monatóireacht ar larmhar agus ar Éilleáin

Thug an fhoireann cheimice faoi ghné dhobharshaothraithe Chlár Monatóireachta larmhair Náisiúnta 2014 le comhlíonadh reachtaíocht an Choimisiúin Eorpaigh a chinntiú agus lena chinntiú go bhfuil éisc ar a ndéantar feirmeoireacht oiriúnach le hithe. Tabharfar tuairisc ar thorthaí thástáil 2014 in 2015. Foilsíodh torthaí 2013, i dtaobh os cionn 651 tástáil agus 1,494 tomhas, in 2014 agus léiríonn siad comhlíonadh iomlán caighdeán Eorpach. Ina theannta sin, tugadh faoi mhonatóireacht ar éilleáin chomhshaoil i measc sliogéisc agus éisc fhiáine thar ceann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Údarás um Chosaint lascaigh Mhara.

Monatóireacht ar Fheirmeacha lasc Eite


Thug Clár Náisiúnta Monatóireachta na Míolta Éisc faoi 242 cigireacht, ar an iomlán, ar mhiolta éisc ar 23 láithreán tógála salmainide (bradáin an Atlantaigh agus breac dea-dhathach) a bhí gníomhach le linn 2014. Bhí os cionn 84 faoin gcéad de na samplaí de bhradáin Atlantacha agus 90 faoin gcéad de na samplaí de bhric dhea-dhathacha faoi bhun na Leibhéil Truicear Cóireála faoi mar a dtugtar cuntas orthu i bPrótacal Monatóireachta Uimhir 3 d'Fheirmeacha lasc Eite san Fharraige Amuigh – Monatóireacht agus Rialú Míolta Éisc (an Roinn Mara agus Acmhainní Nádúrtha, 2000). As 125 cigireacht faoinar tugadh ar ghealóga bradáin, bhí 94 faoin gcéad díobh faoi bhun an Leibhéil Truicir Cóireála. As na 105 cigireacht faoinar tugadh ar bhradáin gheimhridh farraige amháin, bhí 71 faoin gcéad díobh faoi bhun an Leibhéil Truicir Cóireála. Ní dhearnadh aon bhradáin gheimhridh dhá fharraige a stocáil in 2014. Scaipeadh tuarascálacha míosúla ar na torthaí monatóireachta ar pháirtithe ar spéis leo agus foilseofar sonraí uile 2014 i dtuarascáil bhliantúil (O'Donoghue et al., 2015).

Sláinte Éisc

In 2014, rinneadh tástáil pataigine ar os cionn 2,500 iasc eite – bradáin an Atlantaigh go príomha, ach bhí breac dea-dhathach, ballach agus iasc garbh ina measc freisin. Rinneadh seo faoi chlár faireachais sláinte i ndiaidh gur seoladh samplaí diagnóiseacha ar aghaidh chuig an tsaotharlann, nó de thoradh trialacha scagtha ar tugadh fúthu ar son thionscal an do bharshaothraithe. Tá Éire fós saor ó ghalair liostaithe na n-iasc eite. Rinneadh tástáil i gcomhair pataigine ar os cionn 1,800 sampla de shliogéisc. Cuid mhór den tástáil in 2014 a bhí i scagtástáil a dhéanamh ar oisrí an Aigéin Chiúin i dtaobh láithreach an viris heirpéis (OsHV-1 pvar) agus na pataigine baictéaraí *Vibrio aestuarianus*. Braitheadh an dá phatagín i dtaobh ráta básmhaireachta i roinnt limistéir táirgthe oisrí. Meastar go bhfuil an tír ar fad, cé is moite d'ocht gcuan, saor ó *Bonamia ostreae*, agus tá an tír ar fad fós saor ó *Marteilia refringens*. Cuireann an tAonad Sláinte Éisc leis an Tuarascáil Faireachais Ghalair Ainmhithe uile-oileáin, comhfhoilseachán a dhéanann saotharlanna tréidliachta stáit sa dá dhlíne.

Monatóireacht Comhshaoil

Cuireadh clár forleathan monatóireachta comhshaoil i bhfeidhm thar ceann na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus na Roinne Comhshaoil, Pobail agus



Baineann rithábacht le clár monatóireachta Fiteaplanctóin Fhoras na Mara chun monatóireacht a dhéanamh ar speicis dhíobhálacha agus chun cáiliocht an uisce a bhainistiú.



Tugadh laghdú faoi deara ar an líon teagmhais thocsaineacha ó tugadh sampláil éigeantach fiteaplanctóin isteach i ngach limistéar táirgthe sliogéisc in 2014.

Rialtais Áitiúil in uisce idirchriosacha agus cósta maidir le paraiméadair fhisiceimiceacha, substaintí tosaíocht agus truailléin eile, fiteaplanctón agus fána beantach; chun ceanglaí na Creat-Treorach Uisce agus na Threoir na nUisce Sliogéisc a chomhlíonadh.

Thug an fhoireann faoi shuirbhé comhshaoil geimhridh in Eanáir 2014, ar bord an RV Celtic Voyager, ag tógáil samplaí ag 284 stáisiún as Muir Éireann, agus ar chóstaí an tuaiscirt agus an iarthair le cothaitheigh, carbón agus paraiméadar eile cháiliocht an uisce a thástáil. Bailíodh samplaí freisin chun anailís a dhéanamh ar an bhfána beantach.

Comhairle agus Tacaíocht Theicniúil

I rith 2014, sholáthair seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia comhairle don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a thacaigh le ceadúnú do bharshaothraithe, lena áiríodh:

- Sé mheasúnú oiriúnacha arna gcríochnú i dtaobh Limistéir mhara faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéir mhara faoi Chosaint Speisialta, lena n-áirítear an méid a leanas: Calafort Dhún Garbhán, Cuan Mó, Calafort Dhairbhre/Góilín Dhairbhre, Cuan na Gaillimhe, an Ribhéar agus Bá Bhaile Choitín. Chabhraigh seo le dul chun cinn a dhéanamh ar thart ar 280 cinneadh ceadúnaithe.
- Scagadh um Measúnú Tionchair Timpeallachta le haghaidh iarratas ar cheadúnais neamhshalmáinide agus scagadh measúnuithe cuí le haghaidh iarratas ar cheadúnas i suíomhanna neamh-Natura.
- Comhairle ar 20 ceadúnas do bharshaothraithe i suíomhanna neamh-Natura.

Cuireadh an próiseas maidir le Bainistiú Bánna Singile i gcrích i ngach cuan feirmeoireachta iasc eite atá gníomhach in 2014. Tugadh cáipéisí Bainistithe Bánna Singile, pleananna gníomhacha branair san áireamh, cothrom le dáta i ndáil le gach oibreoir do bharshaothraithe éisc eite go léir feadh an chósta. Dearadh an próiseas SBM chun fearachas éisc a chomhordú ionas go gcloítear leis an dea-chleachtas agus go mbíonn córais stocála, bhranair agus chóireála ar fheirmeacha aonair comhoiriúnach do

na socraithe ar fheirmeacha comharsanachta. Cruthaíodh gur bealach an-éifeachtach é chun éifeachtúlacht rialaithe miolta farraige a fheabhsú agus an méid galar a bhíonn ar na stoic a laghdú. Tá pleananna Bainistithe Bánna Singile faoi réir athbhreithniú i ngach timthriall táirgthe.

Thug an fhoireann um Shábháilteacht Sliogéisc comhairle don Údarás um Chosaint lascaigh Mhara agus d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le rialuithe leanúnacha oifigiúla faoi na cláir mhonatóireachta le haghaidh bitocsainí sliogéisc agus aicmiú micribhitheolaíoch.

Le linn 2014, chabhraigh an fhoireann leis an údarás inniúil le linn misean aimsithe fíricí do bharshaothraithe a rinne Oifig Bia agus Tréidliachta an Choimisiúin Eorpaigh.

Sholáthair an fhoireann ionchuir eolaíochta agus theicniúla isteach i bhfoirmlí an dréachtchláir náisiúnta mhonatóireachta ina dhiaidh sin a theastaigh faoin Treoir i rith 2014, tar éis gur cuireadh Measúnú Tosaigh na hÉireann faoi Chreat-Treoir na Straitéise Mara faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in 2013. Tá an obair sin á bainistiú ag Foras na Mara thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an t-údarás inniúil chun an Treoir a chur i bhfeidhm. Ghlac ár n-eolaithe páirt, chomh maith, in go leor gnéithe d'obair Choinbhinsiún OSPAR maidir le Cosaint an Atlantaigh Thoir Thuaidh, ar príomhardán é chun Creat-Treoir na Straitéise Mara a sholáthar go réigiúnach.

Áirítear iad seo a leanas leis na réimsí eile inar thugamar comhairle le linn 2014:

- Diúscairt cartadh dreideála ar muir – trí pháirt a ghlacadh i gCoiste Comhairleach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Dumpáil ar Muir
- Iarratais ar léasanna/cheadúnais urthrá – trí pháirt a ghlacadh i gCoiste Grinnfhiosrúcháin na gCeadúnas Mara (MLVC) de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Gnéithe comhshaoil áirithe de thaiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbóin amach ón gcósta – comhairle a chur ar an Roinn Cumarsáide,



Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha agus ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

- Tacaíocht agus comhairle a sholáthar don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ar chur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a dhéanamh ar an earnáil ola agus gháis.

An tÚdarás Inniúil maidir le Sláinte Éisc

Sa bhreis ar na seirbhísí saotharlainne um shláinte éisc a sholáthraítear, is é an tAonad um Shláinte Éisc ag Foras na Mara an tÚdarás Inniúil maidir leis an Treoir um Shláinte Éisc (Treoir ón gComhairle 2006/88/CE) a chur i bhfeidhm. Is í rannóg an Údaráis Inniúil a stiúirann obair na gCigirí Tréidliachta ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a oibríonn i réimse an docharshaothraithe. In 2014, cuireadh 248 cigireacht i gcrích de réir na reachtaíochta; údaraíodh 1,685 gluaiseacht (iompórtálacha, easpórtálacha agus gluaiseachtaí inmheánacha) i leith ainmhithe uisceacha beo; agus eisíodh 14 Údarú Sláinte Éisc, rud a fhágann go bhfuil 462 gnólacht táirgthe docharshaothraithe údaráithe sa tír faoi láthair.

I rith 2014, bronnadh deimhniú ISO 9001 ar oifig an Údaráis Inniúil dá gcóras bainistíochta cáilíochta, a chinntigh ardchaighdeán leantach de sholáthar seirbhíse.

Taighde

Lean ár bhfoireann dá rannpháirtíocht i gclár taighde arna gcistiú ag an Eoraip agus go náisiúnta, agus rinne siad taighde feidhmeach mar thaca le seachadadh ár gclár monatóireachta agus ár seirbhísí comhairleacha. Í measc roinnt buaicphointí a bhí i gceist in 2014, tá an méid a leanas:

- Bronnadh beagán de bhreis ar €0.8 milliún ar thaighdeoirí an MEFSS chun trí thionscadal taighde a stiúradh/bheith mar chomhpháirtí leo trí chlár taighde iomaíoch an DAFM:
- Arsanaic i bhFeamainn agus Impleachtaí le haghaidh Úsáidí Tráchtála (AsMARA) – Déanfaidh an tionscadal seo staidéar ar na tosca comhshaoil a imríonn tionchar ar thiúchan arsanaice ó nádúr i speiceas feamainne lena mbaineann ábharthacht tráchtála agus tionchar na próiseála agus na stórála ar speiceasú a fhiosrú. Tacóidh an fhaisnéis seo leis

an tionscal chun straitéisí a fhorbairt chun tiúchan arsanaice a íoslaghdú i dtáirgí agus cabhrú leis an lucht déanta beartais i mbainistíocht riosca agus chun rialáil phraiticiúil a fhorbairt le haghaidh cosaint tomhaltóirí.

- Pataigin agus Galar i dTionscal Oisrí na hÉireann – Fiosróidh taighdeoirí an phataigin atá i láthair (víreas heirpéis oisrí OsHV-1 µVar agus *Vibrio aestuarianus*) agus na tosca comhshaoil a chuireann le himeachtaí básmhairreachta i measc Oisrí an Aigéin Chiúin, chun measúnú a dhéanamh ar mhodhanna rialaithe (e.g. ábhair fhrithvíreasacha) agus straitéisí chun imeachtaí a fheabhsú agus chun cailleanais a laghdú.
- Creatlach Mheasúnaithe Riosca le haghaidh Noraivíris (NoV) i Limistéir Tháirgthe Oisrí Éireannacha – Forbróidh an tionscadal seo samhail mheasúnaithe riosca chun meastachán a dhéanamh ar an riosca i leith galar a bhaineann le NoV (a bhfuil éilliú camrais ina chúis leis) i ndiaidh oisrí a ithe – a chuireann ar chumas bainisteoirí riosca bearta rialaithe a thabhairt isteach bunaithe ar theorainneacha inghlactha le haghaidh NoV in oisrí agus a chuirfidh ar chumas táirgeoirí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar roghanna féideartha cóireála chun spriocdhiriú a dhéanamh ar idirghabháil bainistíochta riosca ar bhealach atá éifeachtúil i dtaobh costais de.
- D'eascair gur forbraíodh measúnacht nua dhiagnóiseach atá bunaithe ar mhóilíní chun an aiméibe mhuiri a bhrath a bhíonn ina chúis le galar aiméibeach geolbhaigh as Comhaltacht Taighde ar ghalar geolbhaigh i measc bradán ar a ndéantar feirmeoireacht. Bhí an galar seo ina chúis le saincheisteanna d'fheirmeacha bradán le roinnt blianta anuas. Beidh sé de chuspóir ag breis staidéar a úsáideann sampláil neamh-mharfach chun prótacal a shainiú chun luathrabhadh a thabhairt i leith ionfhabhtú aiméibe, agus cuirfidh seo ar chumas na bhfeirmeacha chun bearta bainistíochta a chur i bhfeidhm sula dtosaíonn an galar dá bharr.
- Tionchar Bitheolaíoch agus Tomhais Cheimiceán in Uisce Mara na hÉireann – Foilsíodh tuarascáil deiridh an tionscail seo a bhain triail phiolótach as comhthionchar agus measúnú cheimiceach agus chuir na haschuir le modheolaíocht Chreat-Treoir na Straitéise Mara a fhorbairt.

Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh

Ráiteas an Stiúrthóra »



Is é príomhchuspóir Sheirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh chun comhairle eolaíochta a sholáthar don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcur i bhfeidhm an Chomhbheartais Iascaigh agus treoracha comhshaoil eile (e.g. NATURA 2000, Creat-Treoir na Straitéise Mara).


Bhí tromlach ár n-oibre in 2014 dírithe ar dhualgais na hÉireann a chomhlíonadh faoi Chreatlach um Bailiú Sonraí an AE, a thacaíonn le pleananna bainistíochta iascaigh a fhorbairt, seirbhís a sholáthar d'fhóiraim náisiúnta agus idirnáisiúnta ar na dualgais ghabhála (toirmeasc ar éisc aischurtha), agus tabhairt faoi thaighde a chuireann ár gcumas chun cinn chun an chomhairle a thabhairt a theastaíonn ón lucht déanta cinntí. Bunchloch dár gcuid oibre is ea comhoibriú idirnáisiúnta agus tugtar faoi seo ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaladh na Mara (ICES); an Coiste Eolaíochta, Teicniúil agus Eacnamaíochta um Iascaigh (STECF); an Eagraíocht um Chaomhnú Bradán san Atlantach Thuaidh (NASCO) agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní an Atlantaigh (ICCAT).

Rinneadh iarracht shuntasach chun tacú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus forbraíodh an Clár nua Oibriochtúil Bia Mara don tréimhse idir 2014 agus 2020.

Í rith 2014, leanadh le béim thréan a chur ar phlean corparáideach Fhoras na Mara a nascadh le cláir Sheirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an Fhorais. Baineann rithábhacht le cumarsáid inmheánach foirne le soláthar éifeachtúil agus éifeachtach seirbhíse a chinntiú agus baineadh seo amach trí chruinnithe rialta foirne agus bainistíochta.

An Dr Paul Connolly
Stiúrthóir, Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh





Thug Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh faoi Shuirbhéanna teilifíse faoin uisce le haghaidh Cloicheán ar Stoic Bhá na Bioscáine i mBanc Porcupine ar bord an RV Celtic Voyager, Samhain 2014.



Déanann an Gaiste Tarae, ag Foras na Mara, Baile Uí Fhiacháin, monatóireacht ar iasc a bhogann in aghaidh an tsrutha agus le sruth. Éascaíonn seo daonáireamh iomlán a dhéanamh ar bhradán fiáin, bradán feirme ar scaoileadh leo, an breac geal agus eascann.

Buaicphointí na bliana 2014

Thug Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh faoin gCreatchlár Náisiúnta um Bailiú Sonraí don bhliain 2014, sholáthair siad a dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2013 agus sholáthair siad an ráiteas bliantúil costais don bhliain 2013 do Choimisiún an AE. Bhain Foras na Mara cistiú €32.6 milliún amach don Chreat nua um Bailiú Sonraí i gcaitheamh na tréimhse 2014-2020 ón gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh.

Ba phríomhsholáthar seirbhíse don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an *Stocleabhar* bliantúil ina gcuimsítear an chomhairle eolaíochta is déanaí ar na stoic siúd a shaothraíonn cabhlach na hÉireann. Soláthraíodh seo don Aire i Samhain agus ba phríomhghné é dá mheasúnú oiriúnachta a chuir sé faoi bhráid Choiste an Oireachtais um Talmhaíocht agus lascaigh. Anuas air sin, b'uiril rithábachtach tagartha é le linn idirbheartaíocht Chomhairle Airí an AE i Nollaig, a shocraigh deiseanna iascaireachta don bhliain 2015.

D'oibrigh an fhoireann go dlúth le hlascaigh Intire na hÉireann maidir leis an mBuanchoiste Eolaíochta maidir le bradáin agus eascann agus tríd an ngrúpa, sholáthair siad an chomhairle eolaíochta do na stoic thábhachtacha seo. Thacaigh an fhoireann leis an an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha ag cruinniú bliantúil NASCO.

Bhunaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Creat nua lascaigh Réigiúnaigh agus Náisiúnta Chladaigh agus sholáthraíomar tacaíocht eolaíochta do na grúpaí páirtithe leasmhara seo.

Í dtaca le Creat-Treoir na Straitéise Mara, d'oibrigh an fhoireann go dlúth lenár gcomhghleacaithe i Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia. Chriochnaíomar na clár mhonatóireachta iascaigh a thacaíonn le cur i bhfeidhm Chreat-Treoir na Straitéise Mara. Príomhghné den obair seo a bhí i luach a chur le clár reatha iascaigh trí chaitheamh le sonraí measúnaithe stoc éisc ar bhealach éagsúil, ionas gur féidir iad a úsáid sa Treoir.

Gné rithábachtach dár gcuid oibre is ea suirbhéanna ar árthai taighde. In 2014, tugadh faoi 13 suirbhé, as ar eascair

184 lá mara agus 1,061 lá eolaíochta, ar an iomlán ar muir. Is ionann na suirbhéanna seo agus ceangaltas suntasach acmhainní ag Foras na Mara agus is cuid rithábachtach iad dár n-obair mhonatóireachta. Aithnítear Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh mar shaineolaithe idirnáisiúnta i réimse na suirbhéanna teilifíse faoi uisce le haghaidh Cloicheán. Rinne an Fhrainc an *RV Celtic Voyager* agus saineolas na foirne a chairtfhostú chun tabhairt faoi shuirbhéanna teilifíse faoi uisce ar a stoic i mBá na Bioscáine.

Thugamar faoi réimse tionscadail taighde agus leas a bhaint as foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta cistithe. Cuirfidh na haschuir ó na tionscadail seo feabhas ar ár dtáirgí comhairleacha don rialtas. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar shuirbhéanna iascaigh a thabhairt chun cinn sa Mhuir Cheilteach mar "shuirbhéanna ar an éiceachóras" le comhoibriú dlúth eolaithe na RA agus na Fraince.

Ba phríomhghné dár n-obair in 2014 oibriú le páirtithe leasmhara. Leanadh le cruinnithe ráithiúla Chomhpháirtíocht Taighde Eolaíochta lascaigh na hÉireann agus rinneamar idirchaidreamh leis na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha comhshaoil ar réimse saincheisteanna chomh maith.

An Creat um Bailiú Sonraí

Fuair Foras na Mara cistiú €32.6 milliún faoin gCiste Eorpach agus lascaigh Mhuirí chun dualgais na hÉireann a chur i bhfeidhm faoin gCreat um Bailiú Sonraí i gcaitheamh na tréimhse 2014-2020. Tacaíonn an creat seo leis an eolaíocht a theastaíonn chun tabhairt faoin gComhbheartas lascaigh agus is cuid lárnach é dár gclár oibre. Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara de chúram ar Foras na Mara an bailiú sonraí éagsúil agus an bhainistíocht sonraí a dhéanamh agus an chomhairle eolaíochta a thabhairt atá riachtanach chun freastal ar ár ndualgais faoin gCreat um Bailiú Sonraí. Sheolamar ar aghaidh Clár Náisiúnta nua an Chreata um Bailiú Sonraí d'Éirinn (2014-2015), Tuarascáil Bhliantúil an Chreata um Bailiú Sonraí don bhliain 2013 agus Ráiteas Costais mionsonraithe 2013 chuig an gCoimisiún. Chuimsigh clár oibre an Chreata um Bailiú Sonraí 2014 clár cuimsitheach suirbhé árthai taighde, sampláil calafort ar ghabhálacha, sampláil mara ar éisc aischurtha, próifíl aoise ar na príomhstoic, anailís ar shonraí logleabhair an

AE agus ar mhapáil gníomhaíochtaí áirthe iascaireachta ó Chórais Monatóireachta Áirthe. Tugadh faoi 143 turas breathnóireachta um shampláil mhara ar bord áirthe iascaireachta Éireannacha san iomlán, agus bhí 540 lá eolaithe ar muir de thoradh sin. Tugann na turais seo teagmháil dhíreach ar an láthair leis an tionscal iascaireachta, atá rithábachtach don fhoireann. Tomhaiseadh os cionn 549,380 iasc agus ríomhadh aois 54,912 iasc d'fhonn sonraí a sholáthar do na samhlacha a úsáidtear do stoic idirnáisiúnta ag ICES. Bunchlocha ár n-ionchur chuig measúnú stoic idirnáisiúnta iad bunachair shonraí STOCKMAN agus DISCARD agus sholáthair siad fiosrúcháin agus aschuir éifeachtúla agus éifeachtacha shonraí. D'oibríomar go dlúth leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus le Seirbhís Chabhlaigh an hÉireann chun sonraí faoin gCóras Monatóireachta Áirthe agus sonraí Stocleabhair a fháil do chuspóirí measúnaithe stoic. D'oibrigh Foras na Mara go han-dlúth le Bord Iascaigh Mhara, atá freagrach as comhábhair gheilleagracha an Chreata um Bailiú Sonraí a sholáthar.

Suirbhéanna Áirthe Taighde

Tugaimid faoi réimse fairsing de shuirbhéanna ar an *RV Celtic Explorer*, an *RV Celtic Voyager* agus ar áirthe cairte iascaireachta tráchtála. Is gné thábhachtach iad seo dár gcláir bhliantúla oibre. In 2014, tugadh faoi 13 shuirbhé ar an iomlán sna huiscí timpeall ar Éirinn, agus caitheadh 184 lá mara agus 1,061 lá eolaithe, ar an iomlán. Dhírigh na cláir suirbhéanna fuaimiúla ar mheasúnú a dhéanamh ar acmhainní an fhaoitín ghoirm, an torcéisc agus an scadán. Is acmhainn rithábachtach iad cloicheáin do thionscal iascaireachta na hÉireann agus b'ionchur príomha an clár suirbhé teilifíse i dtaobh measúnú a dhéanamh ar an acmhainn seo, ar fiú de bhreis ar €80 milliún i do thionscal na hÉireann. Tugadh faoi shuirbhé na hÉireann ar iasc grinnill i gcaitheamh tréimhse 42 lá i Samhain-Nollaig agus rinne sé suirbhé ar stoic éisc sna Mara Ceilteacha agus amach ó chósta thiar agus thiar thuaidh na hÉireann. Tá an suirbhé nasctha le suirbhéanna faoina thug an RA, an Fhrainc agus an Spáinn chun iomhá fhairsing de stoic éisc an Atlantaigh thoir thuaidh a chruthú. Tugadh faoi shuirbhé ar uibheacha ronnaigh a chistíonn an tionscal in 2014 chun measúnú a dhéanamh ar thosú sceite ronnaigh. Cuirfidh na torthaí eolas ar fáil do na suirbhéanna idirnáisiúnta uibheacha ronnaigh in 2016. Comhordaíodh gach suirbhé taighde tríd an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaladh na Mara (ICES) a chinntíonn, chomh maith, go ndéantar na prótacail agus na modheolaíochtaí a úsáideann gach suirbhé a chaighdeánú. Baineadh úsáid as na sonraí as na suirbhéanna go léir i measúnuithe stoic idirnáisiúnta a bhí ina mbonn eolais faoi chomhairle eolaíochta ar dheiseanna iascaireachta le haghaidh 2015.

Idirghníomhaíocht Páirtithe Leasmhara

Bhí cruinnithe rialta ar siúl le tionscal na hiascaireachta tríd an bhfóram atá ag Comhpháirtíocht Taighde Eolaíochta Iascaigh na hÉireann agus ag na Comhairlí Comhairleacha Réigiúnacha, go háirithe Comhairle Chomhairleach Réigiúnach Uiscí an Iarthuaiscirt agus an Chomhairle Chomhairleach Réigiúnach Pheiligeach. Í measc na bpriomh-shaincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu ag Comhpháirtíocht Taighde Eolaíochta Iascaigh na hÉireann ráithiúil bhí meicníochtaí cistithe le haghaidh suirbhéanna, Creat-Treoir na Straitéise Mara, NATURA, an doingeann mara, cur i bhfeidhm dhualgas na ngabhálacha, sampláil

éisc aischurtha, riocht na stoc, modhanna measúnaithe, Uastoradh Inbhuanaithe mar sprioc, saincheisteanna geilleagracha, torthaí trialach trealaimh Bhord Iascaigh Mhara, Limistéir Mhuirí faoi Chosaint, comhairle ICES agus pleananna bainistíochta. Anuas air sin, sholáthair ár n-eolaithe príomh-ionchur freisin do Choiste Bainistíochta Scadán na bhFarraigh Ceilteacha. Bhí cruinnithe ráithiúla ar siúl freisin leis na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil agus i measc na gceisteanna a tugadh chun solais, bhí Uastoradh Inbhuanaithe, athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh, riocht na stoc, mar aon le comhairle eolaíochta le haghaidh 2015.

Comhairle Eolaíochta

Ghlac ár n-eolaithe páirt i mbreis agus 110 cruinniú idirnáisiúnta sainghrúpa de chuid an AE, ICES agus an Choiste Eolaíochta, Theicniúil agus Eacnamaíochta um Iascaigh. Fuair cuid mhaith de na cruinnithe seo cistiú faoin gCreat um Bailiú Sonraí. Pléadh an príomhghnó a bhaineann le measúnú agus comhairle maidir le stoc ag na cruinnithe sin, ach pléadh saincheisteanna eolaíochta eile agus na dúshláin a bhain le cur i bhfeidhm an Chomhbheartais Iascaigh, NATURA 2000 agus Chreat-Treoir na Straitéise Mara freisin ag na cruinnithe sin. Pléadh topaici ar nós calabráir ionstraimí fuaimiúla in eolaíocht iascaigh ag na cruinnithe seo; táscairí le haghaidh Chreat-Treoir na Straitéise Mara; pointí tagartha an Uastoraidh Inbhuanaithe i dtaca le stoic éisc; riocht ronnaigh chósta; pleananna bainistíochta don bholmán; measúnú stoic agus dréachtú comhairle; cur i bhfeidhm an Rialacháin um Bailiú Sonraí; agus plean iasc aischurtha an AE agus na héifeachtaí a bhíonn ag an iascaireacht ar an éiceachóras. Ina theannta sin, thug an fhoireann comhairle eolaíochta maidir le stádas stoic chladaigh agus an *Stocleabhar Sliogéisc*. Bhunaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Creat nua Iascaigh Réigiúnaigh agus Náisiúnta Chladaigh agus sholáthraíomar tacaíocht eolaíochta do na grúpaí nua páirtithe leasmhara seo. Forbraíodh comhairle maidir le Bradáin agus Eascanna i gcomhar le Iascaigh Intíre na hÉireann agus na Buanchóistí Eolaíochta do Bhradáin (SSCS) agus d'Eascanna (SSCE). Bhí an fhoireann i lár an aonaigh nuair a bhí forbairt á déanamh ar chomhairle nua ar ealásmabrainciach (roc agus sciata) don Mhuir Cheilteach agus nuair a bhí teicnící eolaíochta á bhforbairt chun súil a chaitheamh ar an gcomhréir d'éisc Éireannacha agus Albanacha atá i measc na scadán in Iarthar na hAlban agus in Éirinn. Thugamar faoinár measúnuithe ar limistéir Mhuir Éireann agus na Mara Ceiltí chun pleananna bainistíochta a fhorbairt d'iascaigh chladaigh faoina dtugtar i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta. D'oibríomar go dlúth le Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia maidir le dualgais na hÉireann a chomhlíonadh faoi NATURA 2000. Forbraíodh pleananna nua bainistíochta d'iascach na scine mara i Muir Éireann agus soláthraíodh comhairle eolaíochta don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar rialacháin nua gliomach.

Saoráid Bhaile Uí Fhiacháin

Lean na cláir oibre áirimh ar an mbradán, ar an mbreac geal agus ar an eascann ó na gaistí éisc ar éiceachóras Bhuiríos Umhaill. In 2014, tugadh marthanacht an-lag mhuirí faoi deara maidir le gealóg bhradán fiáin agus bhí ceann de na torthaí bhíse a cuireadh i gcuntas de bhlátháin fhiáine mar



Sheol Simon Coveney, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an tAtlas d'iascaigh Thráchtála timpeall na hÉireann i dteannta an Dr Colm Lordan, Foras na Mara, comhúdar na tuarascála, Márta 2014.

thoradh air seo. Cuireadh 294 bradán, ar an iomlán, i gcuntas ó ghaistí iochtar na h-abhann agus cuireadh 8,150 bradán i gcuntas ó na gaistí uachtair na h-abhann). Lean an fhoireann lena gcuid oibre le cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar thacair shonraí fhadtéarmacha fhisiciúla, cheimiceacha agus bhitheolaíocha atá mar shaintréithe de ghné fionnuisce éiceachóras dhobharcheantar Bhaile Uí Fhiacháin. Tá na sonraí seo ar fáil ar ar dheais nua Bhuiríos Umhaill a chuaigh ar líne in 2013.

Lean an t-aonad tógála éisc lena gcuid oibre, agus coinneadh 62,000 ubhán súileach le haghaidh an chlár rainseoireachta. Scaoileadh 40,000 gealóg bradán rainse i mí na Bealtaine 2014 mar chuid de na cláir mheasúnaithe ar an stoc bradán agus na cláir thurgnamhacha taighde. Leanadh den obair PhD ar na tosca a imríonn tionchar ar bhradáin ar muir i gcomhar leis an Iorua agus le Gníomhaireacht na Lochanna i dTuaisceart Éireann.

Leanadh den obair ar an gclár clibeála fuaimiúla ar Loch Fíoch inar scrúdaiodh roghanna iompair agus comhshaoil na mbradán fásta fiáin agus rainse. Críochnaíodh tráchtas PhD (*Estimating Carbon Pools and Processing in a Humic Lake*), bunaithe ar an obair faoinar tugadh i mBaile Uí Fhiacháin i Lúnasa 2014. Leanadh den chomhoibriú tréan leis an GLEON (An Lionra um Breathnóireacht Éiceolaíochta Lochanna Domhanda). Leanadh leis an obair atá ar bun i mBaile Uí Fhiacháin ag tionscadal Géineolaíochta Beaufort de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus d'fhoilsigh siad go leor foilseacháin phiarmheasúnaithe in irisí eolaíochta idirnáisiúnta. Leanadh leis an PhD maidir le doingeann mara agus baineadh leas as eagair rianaithe fhuaimiúla ar an gcósta theas. Is éard a bheidh i gceist leis an tionscadal, chomh maith, ná teicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm i gclibeáil satailíte chun dilseacht suimh agus patrúin imirce doingeann mara a shainiú sa Mhuir Cheilteach agus i Muir Éireann.

Taighde Feidhmeach

Thug Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh faoi réimse tionscadail taighde agus leas á bhaint as

foinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta cistithe. Úsáideadh cistiú náisiúnta chun an clár “dúshlán” a reáchtáil, a thug spleáchadh ar iompar iascairí maidir le dualgas na ngabhálacha agus a chur i bhfeidhm (ionsamhlú an mhéid a tharlaíonn ar deic ar muir i dtaca le foirmeacha éagsúla de dhualgas na ngabhálacha). Leanadh den obair i dtaca le doingeann mara sa Mhuir Cheilteach agus socraíodh eagair éagsúla fhuaimiúla agus rinneadh éisc a chlibeáil chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí. Thug tionscadal éiceachórais Beaufort faoi obair shamhaltaithe ar Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus léirigh na torthaí go bhféadfadh nár eascair meath ar fheidhm an éiceachórais bhitheolaíoch as cailteanas bithéagsúlachta mar gheall ar iascaigh. Foilsíodh an obair seo in *Nature*. Rinneadh fíor-dhul chun cinn ar shuirbhéanna iascaigh a thabhairt chun cinn sa Mhuir Cheilteach mar “shuirbhéanna ar an éiceachóras” le comhoibriú dlúth eolaithe na RA agus na Fraince. D'úsáid na suirbhéanna seo fearais bheantacha samplála chun cur le hobair na n-iascach. Anuas air sin, críochnaíodh an obair ar chomórtas acmhainní idir róna agus iascaigh i limistéar na Mara Ceilte.

Ghlac an fhoireann páirt i réimse leathan tionscadal a bhí cistithe ag an AE lena n-áirítear Lionra Acmhainní an Phortaín Atlantaigh (ACRU-NET); forbairt ar phlean bainistíochta d'iascaigh mheasctha don Mhuir Cheilteach (GEPETO agus DAMARA); Lionra iascaigh, doharshaothraithe agus próiseála bia mara (COFASP); staidéir maidir le tionchar iascaigh ar éiceachóras beantach (BENTHIS); clibeáil satailíte siorcanna; Uastoradh Inbhuanaithe (MYFISH); Anailís ar phríomhghréasáin bia (EUROBASIN); Forbairt samhlacha chun líon na mbradán fillte a mheas (ECOKNOWS). Ina measc sin, bhí suirbhéanna athraitheacha chun tuilleadh sonraí a bhailiú a d'fhéadfadh tacú le Creat-Treoir na Straitéise Mara. D'éirigh leis na tionscadail cistiú AE €683,000 a fháil agus bionn comhoibriú dlúth ar bun idir na tionscadail agus le hearnáil thríú leibhéal na hÉireann lena n-áirítear Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise

Ráiteas an Stiúrthóra »



Soláthraíonn Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise réitigh ó cheann go ceann do réimse leathan cliant – go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon – agus buntacaíonn siad le go leor de ghníomhaíocht Foras na Mara. Ba bhliain an-ghnóthach 2014 inar tugadh faoi obair shuntasach inár gcuid limistéar, lena n-áirítear seirbhísí aigéaneolaíochta, ardléarscáiliú, oibríochtaí ártach taighde, seirbhísí agus forbairt faisnéise, fuinneamh aigéin agus ardteicneolaíocht mhuiri.

Ghlac na foirne páirt i réimse fairsing de chlár náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta agus bhí siad an-ghníomhach i measc réimse de chlár atá cistithe ag an AE, a chuireann feabhas ar ár gcumas chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar atá saindeartha i leith riachtanais chlár chomhtháite eolaíochta a chuireann eolas ar fáil do chomhairle trasearnála beartais. Bhíomar an-ghníomhach maidir le páirt a ghlacadh i dtograí nua tionscadail AE a ghiniúint.

Anuas air sin, chuir Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise le smaointeoireacht straitéiseach, chomh maith, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chuir le réimse tionscnamh ina measc, *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn*, tacú le ceardlanna a bhain le Ráiteas na Gaillimhe ar Chomhar an Aigéin Atlantaigh agus straitéis Atlantach an AE.


Sa mhullach air sin, thugamar coincheap an Aigéin Dhigitigh Chomhtháite chun cinn níos mó tríd an réimse uirlisí agus tionscadal nua a fhorbairt a ndéantar cur síos orthu thíos. Caitear le hAigéan Comhtháite Digiteach mar ardán oibríochtúil comhoibritheach a chuireann ar chumas sonraí muiri a ghairíl le haghaidh taighde, forbairt tráchtála, agus soláthar seirbhíse rialtais. Dearfar é chun tacú leis an sreabhadh sonraí ón tráth a bhailítear iad go dtí soláthar faisnéise d'úsáideoirí deiridh (*bailigh uair amháin é – bain úsáid as go minic*), a sholáthraíonn amharc comhtháite ar gach foinse de shonraí muiri. Tacóidh an timpeallacht seo le gach leibhéal den slabhra luacha sonraí muiri idir fáil, comhtháthú, anailísíocht, agus nuálaíocht agus tacú le cinntí. Eascróidh timpeallacht sonraí as seo, ar deireadh thiar, ar féidir léi tacú le fiontar, taighde agus nuálaíocht agus le forbairt seirbhísí poiblí.

An tUasal Michael Gillooly

Stiúrthóir: Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise



Deandrófilia ag bun balla i gCainneoin Whittard a ghlac foireann taighde idirnáisiúnta, a bhí faoi stiúir eolaithe ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



Íomhá 3D den ghrinneall ag Tulán Theilinn, Dún na nGall, a glacadh leis an ilbhioma nua ar Árthach Taighde an Celtic Voyager, Aibreán 2014.

Oibriochtaí Árthaí Taighde

Is é cuspóir na foirne oibriochtaí árthaí taighde chun comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar oibriochtaí an dá árthach taighde de chuid Fhoras na Mara, *an RV Celtic Voyager*, *an RV Celtic Explorer* agus an fheithicil domhainfharraige, *an ROV Holland I*, agus chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar d'úsáideoirí na n-árthaí, lena n-áirítear ionstraimí agus seirbhísí tacaíochta innealtóireachta agus oibriochtaí fíorsholúbtha.

Buaicphointí na bliana 2014

Bhí bliain dhian d'oibriochtaí ag na hárthaí i 2014 agus d'oibrigh *an RV Celtic Explorer* arís eile in uiscí Cheanada agus chomh fada soir le huiscí Baltacha agus na hIorua agus bhí sceideal gnóthach aice in uiscí na hÉireann chomh maith.

Chuir *an RV Celtic Explorer* 19 suirbhé, ar an iomlán, i gcrích arbh ionann iad siúd agus 302 lá oibriochtaí a chaitheamh. Chuir *an RV Celtic Voyager* 25 suirbhé i gcrích, arbh ionann iad siúd agus 239 lá oibriochtaí a chaitheamh.

An RV Celtic Voyager:

Tháinig méadú mór ar chumas *an RV Celtic Voyager* nuair a suiteáladh ilbhioma nua Kongsberg EM2040 i Márta. Thug Mooney Boats sna Cealla Beaga agus P and O Maritime Services Ltd faoin tsuiteáil a dhéanamh. Baineadh triail rathúil as an gcóras i Márta agus úsáideadh é don séasúr iomlán suirbhéanna le haghaidh suirbhéanna INFOMAR. Anuas air sin, rinneadh saotharlann thirim an árthaigh a aiseifeistiú chun níos mó spáis a chruthú don phearsanra agus chun eirceanamaíocht an spáis a fheabhsú.

Cairtfhostaíodh *an RV Celtic Voyager* chun tabhairt faoi úsáid a bhaint as fearais isealmhiniciochta fhuaimiúla mhonatóireachta céitici i mBealtaine 2014. Ba é seo an chéad uair ar éirigh linn na sonraí seo a fháil in uiscí na hÉireann agus beidh sé soiléir a thábhachtaí chun staidéar a dhéanamh ar chéiticigh sa réigiún.

Chriochnaigh *an RV Celtic Voyager* séasúr an-rathúil suirbhé hidreagrafaigh inar tugadh 79 lá suirbhéireachta chun críche ar na cóstaí thiar agus theas mar thacaíocht le

forbairt tonnfhuinimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le clár INFOMAR.

Thug *an RV Celtic Voyager* tri suirbhé rathúla Teilifise Faoi Uisce chun críche in uiscí na hÉireann chun measúnú a dhéanamh ar stoic Chloicheán, lena n-áirítear suirbhé amháin a bhí ag oibriú ar doimhneacht os cionn 500 méadar ar Bhanc Porcupine. I ndiaidh na suirbhéanna seo, chairtfhostaigh tionscal iascaireachta na Fraince an t-árthach i Meán Fómhair 2014 agus bhí eolaithe Foras na Mara agus IFREMER mar fhoireann ann chun tabhairt faoi na chéad suirbhéanna teilifise do Chloicheáin in uiscí na Fraince i mBá na Bioscáine.

Thug *an RV Celtic Voyager* faoi réimse leathan suirbhéanna a cistíodh faoi chlár am loinge an Phlean Forbartha Náisiúnta, lena n-áirítear staidéar ar fhuaim fhuaimiúil ó suirbhéanna seismeacha faoi stiúir OÉ, Gaillimh (CE14014) agus suirbhéanna DINO 14 a bhí faoi stiúir OÉ, Gaillimh chomh maith a scrúdaigh foinse an bhláis algaigh dhíobhálaigh. Bhí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo faoi stiúir suirbhé a mhair seachtain ar idirghníomhú micreaphlaistice agus trófach sa Mhuir Cheilteach.

Le linn suirbhé CV14012, d'oibrigh *an RV Celtic Voyager* croighearrthóir bosca ar doimhneacht a mhéid le 1,500m agus d'éirigh leo tacar sonraí bonnline a fháil a bhí ceaptha le húsáid i gcláir Mhonatóireachta Dearaidh Tionchar-Rialú-I nDiaidh-Roimh Ré ('Before-After-Control-Impact') chun tacú le gníomhaíochtaí taiscéalaithe agus saothraithe peitríliam amach anseo.

Cuireadh *an RV Celtic Voyager* ar fáil d'oiliúint a mhair 55 lá do mhic léinn tríú leibhéal trí chlár SMART a oibriú i gCalafort Chorcaí agus cuireadh oiliúint ar 329 mac léinn, ar an iomlán, agus caitheadh 475 lá mac léinn ar an iomlán.

An RV Celtic Explorer:

Chuir *an RV Celtic Explorer* tús leis an mbliain ag tabhairt faoi suirbhé gearr i Muir Éireann (CE14001) a bhí faoi stiúir Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus d'úsáid an suirbhé seo córas nuálach treámhéadair cóin dhomhain a d'fhorbair

an Lárionad Eolaíochtaí Muirí agus Comhshaoil (MARUM) chun na cisil dhoimhne dríodair i Muir Éireann a fhiosrú.

D'úsáid suirbhéanna CE14003 agus CE14004 a bhí faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, faoi seach, an RV *Celtic Explorer* chun Córas nua Croighearrtha Domhantarraingthe sé mhéadar an áirthaigh a úsáid mar aon leis an gCrith-Ghearrthóir GSI i staidéir ar dhriodair agus ar gheolaíocht éadomhain amach ón gcósta thiar agus sa Mhuir Cheilteach.

Chríochnaigh an RV *Celtic Explorer* suirbhé sinte iompair a bhí faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhpháirtíocht le heolaithe de chuid Ollscoil Memorial i Newfoundland a dhirigh ar bhitheolaíocht agus ar aigéaneolaíocht ghuairneáin agus tonnbnhráide méiseascála fad a bhí siad ag triail ar Cheanada chun suirbhé fuaimiúil ar iascaigh a chríochnú thar ceann Ollscoil Memorial.

I ndiaidh gur críochnaíodh an suirbhé thar ceann Ollscoil Memorial, thug an RV *Celtic Explorer* faoin suirbhé bliantúil ar athrú aeráide in St John's in Newfoundland agus chuir siad tús leis an suirbhé ar an líne "Ovide" i réigiún dhroim an Atlantaigh láir a rinne go leor de bhreosla agus d'am an áirthaigh a choigilt.


Chuir an t-árthach dhá shuirbhé ROV i gcrích in 2015 inar caitheadh 31 lá ar an iomlán. Suirbhé a bhí sa chéad cheann (CE14009) ar fheidhmiú an éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht ag Cainneon Whittard laistea d'Éirinn ar doimhneacht 1000-3000m. Lean turas rathúil taiscéalaíochta an suirbhé seo chuig Bruach Rocal mar chuid de shuirbhé a bhí faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath a rinne staidéar ar thitim fána ar Bhruach Rocal.

Chuir an t-árthach dhá shuirbhé i gcrích (CE14012/CE14017) thar ceann an Bundesamt für Seeschifffahrt und Hydrographie (an Ghníomhaireacht Fheidhreach Mhuirí agus Hidreagrafach) (BSH), an Ghearmáin, agus chuir seo go rí-mhór le buiséad oibriúcháin na n-árthaí.

Sular cuireadh tús leis an séasúr iascaireachta grinnill, chríochnaigh an t-árthach scoil samhraidh cúig lá d'iarchéimithe (CE14013) a dhirigh ar staidéar a dhéanamh ar na réigiúin choiréalacha fuaraisce. D'eagraigh clár SMART an clár seo i gcomhoibriú le hInstitiúid Alfred Wegener.

Chríochnaigh an t-árthach séasúr an-rathúil de shuirbhéanna iascaigh thar ceann Sheirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh agus rinneadh 63 lá de shuirbhéireacht fhuaimiúil ar Scadáin agus ar an bhFaoitin Gorm agus rinneadh an suirbhé bliantúil 47 lá ar iascaireacht grinnill inar bhain an t-árthach 170 tarraingt bhailí iascaireachta i gcaitheamh an tsuirbhé.

I ndiaidh gur críochnaíodh an séasúr suirbhéireachta an 17 Nollaig, chuir an t-árthach tús le clár cothabhála sula ndearnadh athghléasadh pleanáilte. Sheol an t-árthach chun tús a chur leis an athghléasadh in A & P Falmouth an 27 Nollaig agus d'iontráil sé an duga tirim go gcuirfí tús leis an obair an 29 Nollaig 2014.



ROV Holland 1 á sheoladh ón RV *Celtic Explorer* i rith turas taiscéalaíochta ag Banc Rocal, Iúil 2014. Tá an croighearrthóir nua domhantarraingthe sa tulra. Thug Foras na Mara tacaíocht don suirbhé taighde CE14011, agus cistíonn an Rialtas é faoin bhFochlár Taighde Mhuirí agus déanann tionscadal ERC CODEMAP ranniocaíocht leis.

Críochnaíodh an próiseas tairisceana chun trealamh hidreagrafach agus geofhisiciúil an áirthaigh a uasghrádú agus roghnaíodh Kongsberg Maritime mar sholáthraí ilbhíomai agus chóras suite domhainuisce agus ardaifeach an áirthaigh. Ba iad IXSEA Blue an tairgeoir rathúil don phróifíleoir domhainuisce fo-íochtaí. Déanfar an trealamh go léir seo a fheistiú i rith na tréimhse a chaithfear sa duga tirim in Eanáir 2015.

Árthach	An Fad a Seoladh	Úsáid Breosla	EEOI (Tomhas éifeachtúlachta de réir Tonnaí Méadracha/Muirmhílte)
Celtic Explorer	41,625 Muirmhíle	1,686,960 Lítear	0.040844973 Méadar Ciúbach/Muirmhíle
Celtic Voyager	23,414 Muirmhíle	319,300 Lítear	0.013932177 Méadar Ciúbach/Muirmhíle

Scéim na mBreathnóirí ar Áirthaí Eachtracha 2014

Thug 22 árthach eachtrach, ar an iomlán, faoi shuirbhéanna taighde mhuirí in uisce na hÉireann in 2014. Ba longa de chuid na Ríochta Aontaithe 12 long, agus ba longa ón bhFrainc (2), an Iorua (2), an Spáinn (1), an Ísiltír (1), an Rúis (1), an Ghearmáin (1) agus an Liotuáin (1) agus SAM (1) na longa eile, ar thug gach ceann díobh faoi oiliúint nó suirbhé taighde fad a bhí siad in uisce na hÉireann. Ghlac ochtar breathnóirí Éireannacha páirt i gcuid de na suirbhéanna seo i gcaitheamh na bliana agus caitheadh 187 lá ar muir eatarthu.

Ardseirbhísí Léarscáilithe

I rith 2014, lean Ardseirbhísí Léarscáilithe ag tacú le gníomhaíocht suirbhé ar ghrinneall farraige cósta agus uisce éadomhain mar an bpríomhchuid oibríochtúil de Chlár INFOMAR (léarscáiliú comhtháite d'fhorbairt inbhuanaithe acmhainní muirí na hÉireann nó 'INtegrated mapping FOR the sustainable development of Ireland's MARine Resource'). Anuas air sin, thacaigh an fhoireann le foireann oibríochtaí an áirtheaigh taighde i dtaca leis na huasghráduithe tábhachtacha bonneagracha suirbhé a bhí ar siúl ar bord an RV *Celtic Voyager* agus atá ar na bacáin don RV *Celtic Explorer* chun soláthar chéim 2 de INFOMAR a éascú, agus le buntacú le gníomhaíochtaí agus le deiseanna taighde a bhaineann le léarscáiliú.

Clár 1 - Sonraí a Fháil, a Bhainistiú agus a Léirmhíniú:

Baineadh spriocanna na suirbhéanna amach den chuid ba mhó in 2014, agus tháinig roinnt imeachtaí chun solais mar thoradh ar athbhreithnithe páirtithe leasmhara, agus tháinig roinnt saincheisteanna teicniúla chun solais. Tugadh cuntas ar spriocanna suirbhé i nGar don Chladach agus Cósta don bhliain 2014 in "Clár Oibríochtúil 2014":

- **Gar don Chladach:** Loch Súilí, an Mhaoil Rua seachtrach, Sheephaven agus Oileán Ghabhla, Dún na nGall, an Fód Dubh, Bána Cnocán na Líne, suíomh SEAI Iarthar an Chláir, Bá Thrá Lí
- Cuireadh suirbhé SEAI i ngar don chladach Iarthar an Chláir ar athló – tá athbhreithniú á dhéanamh ag an SEAI ar na riachtanais; cuireadh suirbhé ar Oileán Ghabhla ar athló – tá athbhreithniú á dhéanamh ag BIM ar na riachtanais
- Níor tugadh faoin suirbhé an-éadomhain (V.shallow) i Loch Súilí, an Mhaoil Rua, Dún na nGall
- Líonadh na bearnaí sa bhealach isteach chuig an gCaolaire Rua a bhain le teorainneacha sínte an bhá
- **Cósta:** Suíomh SEAI Iarthar an Chláir, an Cósta Thiar Theas, Trá Lí Seachtrach, Cuan na Gaillimhe, an Cósta Thiar Theas
- Críochnaíodh na limistéir agus úsáideadh an t-aga neamhfhónaimh chun athshuirbhé a dhéanamh ar roinnt limistéar le sonraí ilbhíoma seanghlúine

Clár 2 - Comhtháthú agus Malartú Sonraí:

Ar cheann de na baic ba mhó a sainithníodh i soláthar suite sonraí comhtháite agus táirge tá an t-aga moille idir sonraí suirbhé cladaigh a fháil, agus sonraí próiseáilte suirbhé faoi bhord a sholáthar. Tá na sonraí deireanacha glanta agus comhréidh hidreagrafacha ag teastáil lena gcomhcheangal le sonraí stairiúla, sular féidir tabhairt faoi tháirgeadh deireanach cairte. Chun an próiseas seo a chuicóiriú, cuireadh oiliúint ar phearsanra seachfhoinsithe i bpróiseáil sonraí hidreagrafacha, rinneadh an phróiseáil agus iarracht chairtíthe nach ndearnadh go fóill a mheas, agus cuireadh pleananna oibre dhá bhliain i bhfeidhm.

Chun feabhas a chur ar rochtain ar shonraí léarscáilithe ghrinnill na farraige agus ar tháirgí agus faisnéis ghaolmhar, rinneadh réamh-uasghrádú ar láithreán gréasáin

INFOMAR, agus forbraíodh leathanach tosaigh nua chun úsáideoirí a threorú níos soiléire chuig an ábhar agus na hacmhainní sonraí ábhartha. Forbraíodh agus rinneadh cothabháil ar sheirbhísí léarscáil ghréasáin, lena chinntiú go bhfuil na córais comhlíontach i dtaobh na gcaighdeán reatha malartaithe sonraí. Cinntíonn seo go mbíonn siad inrochtana, chomh maith, trí ardáin agus teicneolaíocht chobhsaí agus reatha.

Clár 3 - Saothrú Breisluacha:

Bhí gníomhaíocht shuntasach ar bun faoin gClár Breisluacha, ar aon dul le moltaí ón Athbhreithniú ar Chlár 2013 PwC INFOMAR.

Dhírigh an fochlár seo ar an méid a leanas in 2014:

- Roinnt tionscadail ardtionchair fhadtéarmacha shonracha a fhorbairt agus a sholáthar lena dtacaíonn Ionad Nuálaíocht Ghnó Bhaile Átha Cliath.
- Feasacht phoiblí a mhúscaill ar INFOMAR trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta, idirchaidreamh ardleibhéil i gcomhdhálacha agus imeachtaí náisiúnta muirí (an beartas 'ó thurasóireacht go hoidhreacht'), agus for-rochtain bhreise i rith oibríochtaí allamuigh.
- Idirchaidreamh i mbreis comhoibriú agus tionscnaimh straitéiseacha mhórsála thaighde.
- Díriú ar chumas a mhéadú ar fud na réimsí atá ar an ngannchuid i dtaobh tacar saincileanna a bhaineann le léarscáiliú ghrinneall na farraige a theastaíonn chun buntacú le deiseanna tráchtála agus taighde.

I measc roinnt buaicphointí, tá an méid a leanas:

- Aip Thumtha INFOMAR, Léarscáileanna Scéala INFOMAR, agus Clár Forbartha For-Rochtana agus Oideachais INFOMAR arna seoladh. Tá an ceann deireanach dírithe faoi láthair ar dhaltai na hidirbhliana, lena chur ar chumas acu a léarscáileanna agus a láithreán léarscáilithe féin a chruthú, agus chun sonraí cósta agus comhshaoil a chur i gcuntas, lena chur ar chumas daltaí tabhairt faoi chódú, breathnú eolaíochta agus léarscáiliú.
- Comhpháirtíocht a dhéanamh ar thograí Cósta agus Seicphointe an Choimisiúin Eorpaigh, agus Togra Saothraithe Téamach Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa, agus táthar ag feitheamh le cinntí cistithe orthu go léir.
- Comhpháirtíocht a dhéanamh ar ghairm Cnuasach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a measadh a bhí ina thogra tréan cé nár éirigh leis, a d'fhéadfadh bheith rathúil sa chéad bhabhta eile de ghairmeacha Cnuasach, leis an treorú cuí Acadúil Cianbhraite.

D'fhonn cur leis an gcumas taighde a bhaineann le INFOMAR, dréachtaíodh tograí taighde le haghaidh PhDanna i Measúnú ar Acmhainní Feamainne, Léarscáiliú Bitiopa, agus Fuaimeolaíocht Ilbhíoma Iascaigh, agus cuireadh tús le Fuaimeolaíocht Ilbhíoma Iascaigh.

Seirbhísí Aigéaneolaíochta

Dhéileáil an Fhoireann Aigéaneolaíochta le breis agus 130 iarratas ar shonraí agus ar tháirgí aigéaneolaíochta i rith 2014. Lean siad ag soláthar sonraí agus anailís allamuigh



D'oibrigh an Sheena Fennell ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i dteannta an Dr George Rose ó Institiúid Iascaigh agus Mara Ollscoil Memorial, Newfoundland, as lámh cúigear eolaithe dhéag agus mic léinn ó OÉ, Gaillimh, GMIT agus UCC fad a thrasnaigh siad an tAtlantach mar chuid de thaighde leanúnach trasatlantach ó Ghaillimh go dtí St. Johns, Newfoundland, Aibreán 2014.

agus samhla chun tacú le seirbhísí comhairleacha arna soláthar ag an bhfoireann seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteacht Bhia i bhForas na Mara.

Sholáthair foireann na Seirbhísí Aigéaneolaíochta gach gné den chlár oibre suntasach a bhain le Comhaontú Seirbhíse SEAL um Fhuinneamh na Mara go tráthúil agus laistigh den bhuiséad a bhí socraithe dó. Cuireadh deardh agus soláthar an eagair mhonatóireachta torainn fhuaimiúil chun cinn i gcaitheamh 2014 d'fhonn comhéadan a dhéanamh idir an teagar seo agus Tionscadal Cábla Chuan na Gaillimhe. Soláthraíodh seirbhísí oibriochtúla ag suíomhanna tástála fuinneamh aigéin Chuan na Gaillimhe agus Bhéal an Mhuirthead araon. Leanann Seirbhísí Aigéaneolaíochta ag bainistiú na n-áiseanna tástála agus taispeána ag an suíomh tástála fuinneamh aigéin atá ar cheathrú scála i gCuan na Gaillimhe, i gcomhar le SmartBay.

Tionóladh foireann tionscadail ó Fhoras na Mara, SmartBay, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann anuas a chomhaireoirí innealtóireachta chun bainistíocht tionscadail na n-áiseanna tástála agus taispeána ag an suíomh tástála fuinneamh aigéin atá ar cheathrú scála i gCuan na Gaillimhe a chur chun cinn. Tugadh faoi sholáthar suntasach agus lorgaíodh ceadúnais rialála mar chuid de na hoibreacha. Tugadh faoi ghníomhaíocht shuntasacha dearaidh agus soláthair chun comhábhair an bhonneagair cháblai a chur le chéile a úsáidfear i gCuan na Gaillimhe in 2015 mar chuid de bhonneagar an Bhinse Tástála Fuinneamh Aigéin.

Tacaidh agus coinníodh Líonra Náisiúnta na mBaoithe Aimsire ar son na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ba dhealraitheach gur bhliain dhúshlánach a

bhí in 2014 don líonra mar gheall ar roinnt teipeanna ar an gcóras agus stailceanna áirthaigh. Mar gheall ar chomhiarrachtaí na foirne teicniúla, coimeádadh ráta fála 80% faoin gcéad i gcaitheamh 2014, ar aon dul le méadracht a shonraítear sa Mheabhrán Tuisceana leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ag cur leis na samhlacha nua aigéin a forbraíodh le déanaí le haghaidh doirteadh ola agus feidhmeanna bithgheoiceimiceacha, forbraíodh samhail ardaifigh (mionscála logánta) scairbhe. D'oibrigh an fhoireann leis an RNLI chun atlas ardaifeach taoide a sholáthar do Chuan na Gaillimhe. Tá seo in úsáid anois i measc ceithre chriú i limistéar níos fairsinge Chuan na Gaillimhe. Tá samhail mhionscála á forbairt do Chuan Inmheánach na Gaillimhe chun cabhrú le hoibriúcháir cuardaigh agus tarrthála sa chuan. Tá Seirbhísí Aigéaneolaíochta ag oibriú leis na seirbhísí faisnéise agus leis an bhfoireann forbartha chun sonraí aigéaneolaíochta a chur ar fáil agus chun sonraí in-saincheaptha a dhéanamh diobh trí phainéal rialaithe sonraí agus timpeallacht tairisí nua. Tugadh leibhéal réidh gníomhaíochta, a raih cothabháil agus calabrú rialta i gceist leis go príomha, isteach do Líonra Tomhais na Taoide Náisiúnta.

D'éirigh linn príomhghnéithe na dtionscadal a chistigh an AE – JERICO, MyOcean2 agus MyOcean a sholáthar agus cuireadh roinnt tionscadail nua aigéaneolaíochta ar aghaidh go dtí Horizon 2020 le haghaidh cistiú. Comhlíonfaidh an fhoireann ról tábhachtach i dtionscadal AtlantOS Blue Growth 8 a fuair faomhadh cistithe in 2014.

Tá Seirbhísí Aigéaneolaíochta fós gníomhach ar an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), ar WGOH agus ar an gCóras Eorpach um Breathnúireacht Aigéin Dhomhanda (EuroGOOS) agus ar an Sainghrúpa

um Breathnóireacht Mara agus Sonraí de chuid DG Mare. Thug an fhoireann faoi aistear mara comhordaithe aigéin ó Newfoundland go Gaillimh inar bailíodh sonraí faoi charbón, salandacht, teocht agus ocsaigin aigéin a bhí comhordaithe le turas taiscéalaithe Francach a bhí ar siúl i gcomhthráth idir Liospóin agus an Ghraonlainn.

Lean an fhoireann le hionchur a sholáthar chun an obair dlí agus phleanála a theastaigh a chur i bhfeidhm chun Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Taighde (ERIC) a fhorbairt le haghaidh comhpháirtíocht fhadtéarmach ar thionscadal Faireachlann Ildisciplíneach Eorpach Ghrinneall na Farraige (EMSO). Ar a bharr sin uile, ghlacamar páirt sna tionscadail COOPEUS (ag nascadh mhórtionscadal taighde comhshaoil na hEorpa/na Stát Aontaithe), agus i réimse fairsing de thionscadail bhonneagair an AE agus idirnáisiúnta.

Seirbhísí Faisnéise agus Forbartha

Leanann an fhoireann um Sheirbhísí Faisnéise agus Forbartha le seirbhísí TFC agus tacaíochta agus forbartha sonraí a sholáthar ar fud Fhoras na Mara chun ardán daingean oibriochtúil TFC agus sonraí a sholáthar, chun cumas nua teicniúil a fhorbairt agus chun tacú le feabhsúcháin ar sholáthar seirbhíse.

Tacaíocht Oibriochtúil:

In 2014, d'fhóin Seirbhísí Faisnéise agus Forbartha ar bhreis agus 3,282 iarratas ar thacaíocht a chuimsigh ceisteanna teicniúla, feidhmchláir agus bainistíochta sonraí, agus thug siad faoi oiliúint inmheánach do 54 pearsanra.

Chomhordaigh an fhoireann fónamh ar 228 iarratas ar shonraí ó pháirtithe seachtracha. Tá laghdú thart ar 10 faoin gcéad tagtha ar an líon iarratais sheachtracha ar shonraí ó bhí 2013 ann, agus b'fhéidir gurb é an úsáid mhéadaithe a bhaintear as seirbhísí sonraí ar líne, ar nós thairseach sonraí Muirí Ar Líne, a gcaitear thart ar 400 seisiún anois uirthi gach mí, is cúis leis seo. De bhreis ar úsáideoirí Éireannacha in 2014, cuireadh rochtain idirnáisiúnta i gcuntas ó 80 tír ar fud an domhain. De réir mar a chuirtear breis tacaíochta leis an tseirbhís agus go leagann seirbhísí a d'fhorbair an Foras béim ar na sonraí, ar nós Mhalartú Sonraí Spásúlachta na hÉireann, Atlas Muirí na hÉireann agus Thairseach Fuinnimh In-Athnuaite Mhuirí na hÉireann, táthar ag súil leis go rachaidh na líonta seo i méid.

Chomh maith leis sin, thacaigh an fhoireann bainistíochta sonraí leis an gCreat um Bailiú Sonraí, INFOMAR agus cláir Chreat-Treoir na Straitíse Mara, agus leis an bhfoireann Cheadúnaithe Cladaigh Dobharshaothraithe. Gné mhórshuntais is ea an obair a rinneadh chun tacú le bainistíocht sonraí faoi iascaigh chladaigh le haghaidh mheasúnú riosca NATURA a thacaíonn leis an bpróiseas measúnaithe agus tuairiscithe.

Thacaigh an fhoireann forbartha feidhmchlár le comhtháthú foinse nua sonraí ó na suíomhanna tástála fuinneamh aigéin agus ó dhobharcheantar Bhuirios Umhaill, agus d'fheabhsúcháin ar rochtain ar shonraí iascaigh.

Gníomhaíocht Tionscadail:

Bhí baint ag Seirbhísí Faisnéise agus Forbartha i

mbreis agus 70 tionscadal i rith 2014 a chuimsigh cothabháil oibriochtúil, feabhsúchán seirbhíse agus cumas straitéiseach a fhorbairt. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a bhí ar siúl, bhí críochnú na hoibre athfhorbartha do láithreán gréasáin nua na hInstitiúide, forbairt Thairseach Fuinnimh In-Athnuaite na hÉireann mar chuid d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (www.oceanenergyireland.com) a cuireadh ar an ngearrliosta do ghradam ríomhsheirbhíse an Rialtais, Malartú Sonraí Spásúlachta na hÉireann a chomhtháthú (www.isde.ie) isteach i dtairseach náisiúnta Sonraí Oscailte an Rialtais (<http://data.gov.ie>), agus athfhorbairt mhór ar chóras sonraí blás algach díobhálach a dhéanfaidh an córas a nuachóiriú go mór a fheabhsaíonn iontráil sonraí, tuairisciú agus comhéadain phoiblí ar líne.

Anuas air sin, thug an fhoireann oibriochtúil TF faoi uasghrádú suntasach ar thimpeallacht an fhreastalaí TFC ar na háirde taighde, rinne siad uasghrádú ar líonra idirlín gan sreang (WiFi) na hInstitiúide, agus chuir siad tús le huasghrádú riachtanach ar an mbonneagar stórála sonraí lena chinntiú gur féidir na comhaid eagraíochtúla a stóráil go slán do na chéad 2-3 bliana amach romhainn. Is éard atá ar bun chomh maith ná miniú luathchéime ar conas a phróiseálfar agus a bhainisteofar sonraí ó fhaireachlann cháblai Chuan na Gaillimhe.

In 2014, bhí dlúthbhaint ag an bhfoireann seirbhíse faisnéise agus forbartha le sainiú an choincheapa maidir le hAigéan Digiteach na hÉireann (IDO), ar tionscadal straitéiseach é seo a bhfuil mar chuspóir aige rochtain cheangailte a sholáthar ar shonraí mara ó ilfhoinsí náisiúnta. Bhronn Thaighde Microsoft deontas Azure4Research ar an bhfoireann chun tacú leis an ngníomhaíocht seo, agus úsáideadh néalardán Microsoft Azure chun roinnt seirbhíse nua sonraí a fhréamhsamhaltú. Anuas air sin, d'fhorbair siad díriú nua ar Nuálaíochta atá ag cabhrú leis an mbearna a líonadh atá idir sonraí eolaíochta a fháil agus faisnéis úsáideoir deiridh, e.g. painéil rialaithe fíor-ama. Déanfar breis forbartha ar choincheap an IDO agus ar fheidhm na Nuálaíochta nua i gcomhar le forbairt straitéis sonraí an Fhorais in 2015.

Ardchlár Teicneolaíochta

I gcaitheamh 2014, lean foireann an ardchláir theicneolaíochta muirí ag oibriú chun an pobal taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme chun grúpáil ildisciplíneach maise criticiúla atá dirithe ar an tionscal a chruthú i limistéar an ardbhraite, na cumarsáide agus na faisnéisíochta.

D'éascaigh an clár cumas chun tionscnaimh a chruthú trí rannpháirtíocht le cláir náisiúnta agus idirnáisiúnta de thaighde agus d'fhorbairt. D'oibrigh Foras na Mara, go háirithe, lena gcomhpháirtithe taighde chun an pobal taighde agus fiontair mhuirí a spreagadh chun gnímh mar fhreagairt ar ghairm ó Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i dtaca le Breathnóireacht na Cruinne agus an Aigéin. Sheol cuibhreannas de chúig ollscoil (OÉ, Gaillimh, OÉ, Má Nuad, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Ollscoil Luimnigh) agus gníomhaireachtaí rialtais, Foras na Mara agus Teagasc, atá faoi stiúir OÉ, Gaillimh, togra ar aghaidh le aghaidh Lárionad an Atlantaigh um Breathnóireachtaí na Cruinne (ACEObs)



Sholáthair Michael Roper de chuid P & O Maritime tacaíocht theicniúil do líonra M6 na mbaoithe aimsire atá lonnaithe 300 míle siar ó Ghaillimh. Sa phictiúr anseo i dteannta snámhóin fhomhuirí a choimeádann an baoi sa suíomh ceart le linn fíor-dhrochaimsire.

a bhain an babhta deiridh den phróiseas athbhreithnithe amach. Mheall an togra seo 50 comhpháirtí tionscail a ndearna Foras na Mara 15 díobh a chur i ngníomh.

Chaith an clár súil, freisin, ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn don earnáil trí Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Anuas air sin, rinneadh obair ar leibhéal straitéiseach i gcomhar le Fiontraíocht Éireann chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ag an bpobal muirí le rochtain fíor-ama ar shonraí ón gcabhlach nua de shatailít mar chuid de Chlár Copernicus Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa.

Bhí an Clár seo ag oibriú, ina theannta sin, leis an bpobal teicneolaíochta muirí chun faisnéis a scaipeadh agus chun suim a spreagadh maidir leis an gcéad bhabhta de ghairmeacha faoi Horizon 2020 do chlár oibre 2014-2015. Bhí an rath geal ar thaighdeoírí muirí na hÉireann sa ghairm dheireanach chros-téamach faoi FP7 Ocean of Tomorrow agus ghlac Éire páirt i gceithre thionscadal (LEANWIND, COMMON SENSE, SENSE OCEAN, MariaBOX) agus chomhordaigh UCC tionscadal LEANWIND.

Príomhghné den chlár is ea cnuasach SmartOcean a chur chun cinn go hidirnáisiúnta agus éascaíodh é seo i mbliana mar gheall gur thacaigh Foras na Mara le seastán SmartOcean Ireland ag Aigéaneolaíocht Idirnáisiúnta ('Oceanology International') agus ghlac siad páirt, chomh maith, i líon leathan imeachtaí eile idirnáisiúnta chun infheictheacht an chnuasaigh a chruthú.

Anuas air sin, cuireadh tús le tionscadal INTERREG STAMAR i mbliana agus bhí obair ar bun go leanúnach chun pacáistí 1 agus 2 a sholáthar a bhí faoi stiúir Fhoras na Mara. Is í an chéad ghníomhaíocht chun measúnú trasidirnáisiúnta teicneolaíochta a chomhordú chun teicneolaíocht atá dian i dtaobh TFC a shainaitheint a d'fhéadfadh bheith ina hábhar spéise d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide mhuirí. Eascróidh go gcruthófar portfóilió de na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil as an dara ceann atá tairbhiúil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide mhuirí. Tacóidh na teicneolaíochtaí le forbairt inbhuanaithe gnó as a n-eascróidh cosaint na timpeallachta muirí.

Anuas air sin, bhí an t-ardchlár teicneolaíochta muirí ag oibriú leis an mbonneagar náisiúnta, ar nós SmartBay, chun tacú le forbairt tionscadail taighde. Chuir SmartBay tús le roinnt dá dtionscadail mhórsála gníomhaíochta faoin gClár Rochtana Bonneagair Náisiúnta II (NIAP) go háirithe. Cistítear na dámhachtainí ar fiú €86,000 iad ar an iomlán trí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus comhoireann siad do chuspóirí chlár Shraith 5 de chuid Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal SmartBay Ireland (PRTL). Sa mhullach air sin, cuireadh ceardlann Príomh-Imscrúdaitheoirí agus tionscail ar bun i Samhain, chomh maith, i mbliana, áit ar síníodh Meabhrán Tuisceana le SmartBay, Newfoundland agus le Labrador chun tacú le comhrochtain ar shaoráidí agus ar shaineolas agus le comhthionscnaimh agus comhthionscadail taighde agus fiontair a chruthú. Ina theannta sin, leanadh le hobair ar chomhaontais straitéiseacha a fhorbairt le gníomhaireachtaí eile lena n-úsáid ar ardáin ar féidir leo tacú le taighde agus forbairt. Thit roinnt tionscnamh amach, go háirithe, le hAerchór na hÉireann, lena n-áirítear cleachtadh taiscéalaíochta inar ghabh triúr taighdeoírí ar bord patról rialta muirí chun fiosrú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh an t-aerárthach Casa tacú leis an gclár taighde agus nuálaíochta muirí chomh maith.

Diríonn an t-ardchlár teicneolaíochta go príomha ar an tionscal agus thit líon tionscnamh amach go dtreiseofaí na ceangail agus go gcuirfí gníomhaíocht ar bun. Bhí an chéad chlár luathaithe TFC Mhuirí ar bun le IBM, go háirithe. Trí obair an tascfhórsa forbartha, a bhunaigh an grúpa comhordaithe mhuirí i gcomhthéacs *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn*, tá faisnéis á hionchur ag an gclár chun cabhrú le comhthéacs a sholáthar do na riachtanais d'fhorbairt na hearnála amach anseo. Léiríonn Cathx Ocean sampla d'fhorbairt na hearnála a rinneadh i mbliana tar éis gur fógraíodh 50 post sa Nás, i gContae Chill Dara agus gur cuireadh na poist i láthair ag Comhdháil tionscnaimh *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin* i Meitheamh.

Tá athbhreithniú le déanamh ar chlár SmartOcean, ina fhormaid reatha faoi láthair. Táthar anois ag tabhairt faoi seo trí obair an Tascfhórsa Forbartha (DTF) agus tá Foras na Mara ag tabhairt faoi sa ról atá acu chun an Straitéis nua Taighde agus Nuálaíochta Muirí (2014-2020) a fhorbairt agus bhí an clár ag cur le gach ceann de na tionscnaimh seo i gcomhthéacs *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn*.

Riarachán Ginearálta

An Coiste Iniúchta: »

Bhí na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a leanas den Bhord sa Choiste Iniúchta amhail an 30 Márta 2015. Patricia Barker, Francis Coyle, David Owens. D'imigh Lorcán Ó Cinnéide ar scor mar chomhalta den Choiste i bhFeabhra 2015.

Is iad príomhdhualgais an Choiste Iniúchta chun maoirsiú a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. I rith na bliana faoi chaibidil, níor phléigh an Coiste Iniúchta cineál agus scóip an iniúchta a bhfuiltear le tabhairt fúthu leis an iniúchóir seachtrach, ach chas siad leis an iniúchóir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh lena thorthaí agus le toradh an iniúchta, mar aon lena mholtaí a chuimsítear sa Litir Bhainistíochta. Déanann an Coiste monatóireacht, chomh maith, ar iomláine na ráiteas airgeadais a d'ullmhaigh an Chuideachta agus ar na cuntais mhíosúla bhainistíochta a d'ullmhaigh an lucht bainistíochta.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014, choimeád an Coiste éifeachtacht chórais rialuithe inmheánacha agus bhainistíochta riosca na Cuideachta faoi athbhreithniú. Rinneamar an méid a leanas, go háirithe:

- monatóireacht ar an gCóras Bainistíochta Riosca agus ar ghluaiseachtaí rioscaí ar an gclár;
- idirchaidreamh leis an iniúchóir inmheánach chun plé a dhéanamh ar an gclár oibre agus ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus chun measúnú a dhéanamh ar ár mbrath ar chonclúidí an iniúcháin inmheánaigh;
- monatóireacht ar ghlacadh agus ar chur i bhfeidhm mholtaí na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha
- idirchaidreamh leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin le dearbhú a thabhairt dúinn féin i dtaca leis na breithiúnais chuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm ar na ráitis airgeadais;
- Sonraí arna n-ullmhú chun tacú le litir dhearbhair an Chathaoirligh leis an Aire;
- tabhairt faoi athbhreithniú inmheánach ar ár bhfeidhmíocht i rith na bliana faoi chaibidil.

D'fhaomh an Bord Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil agus leasaítear iad faoi mar is cuí. Chas an Coiste ar a chéile ceithre huaire in 2014 (ceithre huaire in 2013). Níor sholáthair na hiniúchóirí inmheánacha aon

seirbhísí ábhartha i rith na bliana atá faoi chaibidil. Ní mheasann an Coiste Iniúchta, ar an ábhar sin, tar éis breithniú a dhéanamh ar gach caidreamh idir an Institiúid agus an gnóthas iniúchta inmheánaigh, go mbaineann an caidreamh sin de bhreithiúnas ná de neamhspleáchas an iniúcháin.

Idirchaidreamh

Cuimsíonn clár Foras na Mara réimse leathan de ghníomhaíochtaí óna dteastaíonn idirchaidreamh agus comhoibriú dlúth le go leor daoine agus eagraíochtaí. Áirítear leo siúd an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Airgeadais, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar aon le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit eile, fiontar príobháideach agus earnáil an ardoideachais. Tugann an Foras aitheantas do thacaíocht agus do chomhoibriú leanúnach gach dreama lena mbaineann.

Sláinte agus Sábháilteacht

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989), thug Foras na Mara gach Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta cothrom le dáta. Leanann an Foras de na bearta cuí a chur i bhfeidhm le sábháilteacht agus sláinte gach fostaí agus cuairteora ar a n-áitreabh a chosaint.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí

Soláthraíonn gach duine ag a bhfuil post ainmnithe i bhForas na Mara ráiteas leasa don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí de réir ailt 18 agus 20 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Comhionannas Fostaíochta

Tá Foras na Mara tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna, agus glacann siad cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais. Tá scéimeanna i bhfeidhm ag an bhForas a thugann deiseanna don fhoireann freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós comhroinnt post, saoire staidéir agus cláir oideachais.

Cód Cleachtais (Tuairisciú)

Cloíonn Foras na Mara leis na Cóid reachtúla Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit de réir mar atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais. Dearbhaíonn an Foras gur ghlac na Stiúrthóirí agus na fostaithe leo seo a leanas agus go gcuirtear oiliúint orthu ina leith:

- Cód foirmiúil iompair um choinbhleacht leasa agus cairt chustaiméirí
- Coistí Iniúchta cuibhunnaithe
- Nósanna imeachta um sholáthar
- Saincheisteanna Íogaire

Tuairisciú um Éifeachtúlacht Fuinnimh i measc Comhlachtaí den Earnáil Phoiblí (I.R. Uimh. 542 de 2009)

Is iad na príomhúsáideoirí fuinnimh i bhForas na Mara oifig na ceanncheathrún agus an tsaoaráid saotharlainne agus na háirde taighde, *an RV Celtic Explorer* agus *an RV Celtic Voyager*. Taobh istigh de shaotharlanna na ceanncheathrún in Órán Mór, idionn seirbhísí meicniúla agus leictreachais na saotharlann thart ar 20 faoin gcéad den idiú foriomlán fuinnimh leictigh sa tsaoaráid. Baineann formhór an idithe leictigh eile le soilsiú, trealamh ginearálta oifige agus trealamh saotharlainne.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

In 2014, d'úsáid Foras na Mara:

- 2,700,764 kWh de leictreachas
- 12,202 lítear de Cheirisín
- 347,074 lítear de bhulcghás própáin le haghaidh téimh
- 5,222 lítear de dhiosal bóthair
- 1,444,440 lítear d'ola gháis mhara le haghaidh suirbhéanna taighde cistithe ag Foras na Mara

Léiríonn na figiúirí laghdúithe i ngach saghas fuinnimh seachas i gcás bulcghás própáin, nár tháinig aon athrú air:

- laghdú 3 faoin gcéad ar leictreachas – 64,150kWh aonad
- laghdú 10 faoin gcéad ar Cheirisín – 1,350 lítear
- laghdú 25 faoin gcéad ar dhiosal bóthair (b'éard ba chúis leis seo ná gur dhoimisiúnaíodh feithicil)

Gníomhartha faoinar tugadh in 2014

Tugadh isteach breis bearta coigilte soilsithe in 2014 trí bhraiteoirí uainithe a shuiteáil ar na príomhrialaitheoirí soilse i limistéir a mbaintear leas coitianta astu. Tá braiteoirí suiteáilte i seomraí cartlainne, seastáin chaife agus stóir na nglantóirí anois lena chinntiú go múnchar na soilse laistigh de 5 nóiméad tar éis gur gníomhachtaíodh iad.

Tugadh faoi thriail in Órán Mór chun measúnú a dhéanamh ar na coigiltí féideartha a d'fhéadfai a bhaint amach trí fheistis solais LED a shuiteáil, agus tugtar le fios go bhféadfai laghdú 50 faoin gcéad a bhaint amach ar idiú fuinnimh. Tabharfar faoi athbhreithniú iomlán in 2015 chun measúnú a dhéanamh ar an tairbhe coigiltí costais agus ar a thabhairt isteach féideartha ar fud shaoráid Órán Mór.

Gníomhartha atá ar na bacáin le haghaidh 2015

Tugadh athbhreithniú ar idiú fuinnimh shaotharlainne chun críche agus beidh gach beart curtha i bhfeidhm in 2015 a leanfaidh lena chinntiú go gcomhliontar cleachtais shábháilte oibre agus go laghdaítear idiú fuinnimh shaotharlainne i gcomhráth.

Nuashonrú ar Scéim Gaeilge 2014

Bunaíodh an Grúpa Gaeilge chun Scéim Gaeilge/Scéim Fhoras na Mara a ullmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Chuaigh an chéad tréimhse den scéim Gaeilge in éag in 2012 agus rinne an Grúpa Gaeilge maoirsiú ar ullmhú agus ar fhorbairt chéim a dó den scéim in 2012 agus 2013. Cuireadh é sin faoi bhráid oifig an Choimisinéara Teanga i mí na Samhna Dhearbhaigh an tAire an scéim nuashonraithe agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón 6 Deireadh Fómhair 2014 ar aghaidh. Cuireann an dara tréimhse den scéim leis na hiarrachtaí móra a rinneadh chun na ceanglais faoin Acht a chur i bhfeidhm agus a tugadh isteach faoin gcéad tréimhse tar éis réimsí a aithint inar theastaigh feabhas ar na seirbhísí Gaeilge a bhí á soláthar ag an bhForas.

Coinneofar an tiomantas sa dara tréimhse chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar an méid éilimh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go leanann Foras na Mara ag comhlíonadh an éilimh sin ar bhealach pleanáilte, comhsheasmhach agus inrochtana. Leanann Foras na Mara ag tomhas an mhéid éilimh atá ar a sheirbhísí i nGaeilge trí iniúchtaí rialta a dhéanamh trí chóras comhairimh/tomhais do líon na bhfiosruithe/n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse faoi leith. Mar sin féin, d'fhonn iarratais ar sheirbhísí a chruthú, tugann Foras na Mara tuairisc agus déanann sé poiblíocht ar fheasacht i measc na foirne agus na gcliant maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Foras trí Ghaeilge.

AGUISÍN 1:

DÁMHACHTAINÍ 2014 CHLÁR TAIGHDE MARA

AN NDP 2014-2020 CLÁR AM LOINGE

Beart Taighde	Clár Taighde	Cineál Tionscadail	Tagairt an Tionscadail	Teideal an Tionscadail	Deontai/Ceann	Cúnamh Deontais Iomlán
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CE14013	Scoil Samhraidh SMART AWI 2014	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€90,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14002	Pleanáil Ildisciplíneach Suirbhé-Cleachtadh Foghlama Piarachuidithe faoi Stiúir Mic Léinn Iarchéime agus Bhliain Deiridh na Céime	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€40,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14003/ CV14017	Cómhódúl Foghlama Creidiúnaithe SMART (Earrach agus Geimhreadh 2014)	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€156,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14004	Fuinneamh Aigéin SMART 2014	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€16,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14005	SMART Science at Sea: Oiliúint Ildisciplíneach Longbhunaithe do Mhic Léinn Eolaíochtaí a bhaineann le Cúrsaí Muiri	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€48,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14010	Aigéaneolaíocht Oibriochtúil SMART 2014	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€40,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14016	Taiscéaladh Geolaíochta san Fharraige Amuigh SMART agus MSc i mBitheolaíocht Mhuiri – Calafort Chorcaí	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€56,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14018	Cómhódúl Foghlama SMARTAIT 2014	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€16,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14019	Clár Breathnóra SMART: Sampláil agus Bailiú Sonraí Bitheolaíochta Muiri Feidhmí	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€32,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Clár Oiliúna Tiomanta	CV14024	Oiliúint Loinge Fochéime i Modhanna Taighde Aigéaneolaíochta, Beantacha, Meigefhána agus Iascaigh	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€56,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Suirbhé Comhtháite Taighde	CE14002	Céiticigh ar an Teorainn 5	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	€324,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Suirbhé Comhtháite Taighde	CE14003	GATEWAYS 2	Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	€216,000

Beart Taighde	Clár Taighde	Cineál Tionscadail	Tagairt an Tionscadail	Teideal an Tionscadail	Deontai/Ceann	Cúnamh Deontais Iomlán
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Suirbhé Comhtháite Taighde	CE14004	WICPro (Clár Croighearrtha Iarthar na hÉireann)	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	€234,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Suirbhé Comhtháite Taighde	CE14006	Breisluach Trasatlantach	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€216,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Suirbhé Tacaíochta Taighde	CE14008	Aigéaneolaíocht Athrú Aeráide, Rannóga Bithgheoicéimice agus Geolaíochta	Foras na Mara	€144,000
Tacaíocht Bonneagair	Am Loinge Ártach Taighde	Suirbhé Comhtháite Taighde	CE14009	Éiceachórais Chainneoin	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	€423,000
HEA	An tÚdarás um Ard-Oideachas	MRIAI	Comhalta d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
IAOOS	Córas Breathnóireachta Comhtháite an Aigéin Atlantaigh	MYFISH	Gabháil lascaigh a Uasmhéadú agus an tÉiceachóras, Buarthai Eacnamaíocha agus Sóisialta á gCothromú NASCO
IBM	Innill Ghnó Idirnáisiúnta		Coimisiún Bradán an Atlantaigh Thuaidh
ICCAT	An Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinniní Atlantacha	NATURA	Tá suíomhanna NATURA 2000 á gcosaint i dtaobh flóra agus fána lena mbaineann tábhacht Eorpach
ICES	An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara		
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
IDA	An tÚdarás Forbartha Tionscail	NDP	An Clár Forbartha Náisiúnta
IDO	Aigéan Digiteach na hÉireann	NIAP	An Clár Rochtana Bonneagair Náisiúnta
IFREMER	l'Institut Francais de Recherche Pour l'Exploitation de La Mer	NOAA	An Coinbhinsiún Náisiúnta Aigéin agus Atmaisféir
IMDO	Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (de chuid Fhoras na Mara)	NSAI	An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann
INFOMAR	Léarscáiliú Comhtháite d'Fhorbairt Inbhuanaithe Acmhainní Mara na hÉireann	OÉG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
INTERREG	Clár Comhair Idir-Réigiúnach	NYSE:SWI	SolarWinds Inc
ISEAS	Scéim Cúnaimh Oideachais do Mharaithe na hÉireann	OAR	Stór Rochtana Oscailte
ISO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú	OGP	Oifig um Sholáthar Rialtais
JERICO	I dtreo comhlíonra bonneagar taighde Eorpach d'fhaireachlanna cósta	OSCE	An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip
JPI Oceans	Tionscnamh Cláir Nasctha – Mara agus Aigéin Fholláine agus Tháirgiúla	OsHV-1 ^μ var	Víreas Herpes
kWh	Cileavatuair	OSPAR	Coinbhinsiún Osló agus Pháras (1992)
LEANWIND	Éifeachtúlacht Lóistíochta agus Ailtireacht Cabhlaigh d'Shuiteálacha Gaoithe ag a bhfuil Forbairtí Úrnua	PhD	Dochtúir Fealsúnachta
LED	Dé-Óid Astaithe Solais	PMDS	Córais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
MA	Máistir Ealaíon	PRTL	Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal
MariaBOX	Boscuirlis monatóireachta agus Measúnú in situ an chomhshaoil mhuirí	PwC	PricewaterhouseCoopers
MARUM	An Lárionad um Eolaíochtaí Timpeallacha Muirí	RIAN	Tairseach Náisiúnta Rochtana Oscailte d'Fhoilseacháin Taighde na hÉireann
		RIBA	Institiúid Ríoga na nAiltirí sa Bhreatain
		RNLI	Institiúid Náisiúnta na mBád Tarrthála
		ROV	Feithicil a Chianoibritéar
		RV	Árthach Taighde
		RVops	Oibriochtai Árthach Taighde

SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SMART	Comhghuaillíocht Straitéiseach Mhuiri um Thaighde agus Oiliúint
SME	Fiontar Beag agus Meánmhéide
SSCE	Buanchoistí Eolaíochta don Eascann
SSCS	Buanchoistí Eolaíochta don Bhradán
STAMAR	Teicneolaíocht atá Infheidhme do FBManna Muiri a Thaispeáint
STECF	Coiste Eolaíochta, Teicniúil agus Eacnamaíochta um Iascaigh
TD	Teachta Dála
UCC	Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
RA	An Ríocht Aontaithe
SA	Na Stáit Aontaithe
SAM	Stáit Aontaithe Mheiriceá
UWTV	Teilifís Ollscoil Washington
WGOH	Grúpa Oibre um Hidreagrafaíocht Aigéin

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2014

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	66
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	67
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	68
Beartais Chuntasaíochta	69
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	70
Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán	70
An Clár Comhardaithe	71
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	72
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	73

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Foras na Mara

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhoras na Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Fhoras na Mara, 1991. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaidh faoi na beartaí chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartaí chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe agus an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara.

Ullmhaidh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 12 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Fhorais agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dli infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi shuímeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhiráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, biodh calaois nó earráid is cúis leis.

Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nó nach cuí do na beartaí chuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmeastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim tuarascáil bhliantúil an Fhorais a léamh le haon mhiréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhiráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain 2014, a ullmhaidh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.


Is í mo thuairim gur choimeád an Foras leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dtuairiscim trí eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- nil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Fhorais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an ráiteas ar rialú Inmheánach airgeadais comhlíonadh an Fhorais an Chóid Iompair um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Nil aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



Séamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
An 30 Meitheamh 2015

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird


Ceanglaíonn alt 12 den tAcht um Fhoras na Mara, 1991, ar an bhForas chun ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar Bhord an Fhorais:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura cuí a mheas go leanfaidh an Foras i mbun gnó.



An Dr John Killeen
Comhalta Boird
Dáta: An 24 Meitheamh 2015

Tá an Foras freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Fhorais agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 12(1) den Acht. Anuas air sin, tá an Foras freagrach as a sócmhainní a cho-saint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



An tOllamh Patricia Barker
Comhalta Boird
Dáta: An 24 Meitheamh 2015

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar cheann an Fhorais na Mara, is mian liom ár bhfreagracht a aithint a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

Ghlac an Bord bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochta na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht.

Tugadh faoi athbhreithniú ar bhainistíocht riosca in 2014, lenar áiríodh an méid a leanas:

- Measúnú ar oiriúnacht agus ar éifeachtacht an bheartais agus na nósanna imeachta reatha chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú;
- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a shainaithint atá roimh an gcomhlacht, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann siad a bhfuil inghlachta;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh agus tionchar na rioscaí siúd;
- Gealltanais go dtéann an chreatlach i ngleic le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009).

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéis rialta bhainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmलगin agus freagrachta. Go háirithe san áireamh tá:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an Bord comhaontú agus athbhreithniú air;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- Disciplíní foirmiúla um bainistiú tionscadal.

Bhunaigh Foras na Mara feidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn i gcomhréir leis an gCreatchód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá obair fheidhm an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an eolas a fhaightear trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí faoina nochtar an comhlacht, agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. D'fhorghuinigh an Coiste Iniúchta an anailís ar riosca agus an plean iniúchta inmheánaigh don bhliain 2014 agus d'fhaomh Bord iad. Tá an tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh sa bhliain 2014 faighte ag an gCoiste Iniúchta, agus cuireadh seo faoi bhráid an Bhoird. Áirítear leis an tuarascáil seo tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Cuireann obair an iniúcháir inmheánaigh, an choiste iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh d'Fhoras na Mara atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus tuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta eolas ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

D'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Bord éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain 2014.

Thar ceann an Bhoird



An Dr John Killeen

Cathaoirleach

Dáta: An 24 Meitheamh 2015

Beartais Chuntasaíochta

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2014

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a thugtar le fios thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta. Glactar leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, amhail a éiríonn siad oibríochtúil.

2. Ioncam

Aithnítear ioncam a eascraíonn ó Dheontas an Oireachtais ar bhonn fáiltais airgid.

3. Ioncam Iarchurtha

Aithnítear ioncam a fhaightear maidir le tionscadail AE agus tionscadail taighde conartha eile ar bhonn fabhraithe agus aithnítear ioncam sa tréimhse chuntasaíochta ina ngearrtar an caiteachas gaolmhar. Caitear le hioncam a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus cuirtear san áireamh é mar chreidiúnai ar an gclár comhardaithe. Caitear le caiteachas a thabhaítear sa chás nach bhfuarthas an t-ioncam gaolmhar mar ioncam fabhraithe agus léirítear é mar fhéichiúnai sa chlár comhardaithe.

4. Sócmhainní Seasta agus Dímhéas

Léirítear dímhéas ar bhonn líne dhíreach ar na rátaí a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saolréanna ionchasacha úsáide: Is iad seo a leanas na rátaí atá in úsáid:

Foirgnimh	2%
Gléasra agus Trealamh	25%
Daingneáin agus Feistis	25%
Riomhairí	33%
Árthach Taighde	4%
Trealamh Árthach Taighde	25%
Aisfheistiú Árthach Taighde	20%
Mótarfheithiclí	20%
Ní dhéantar talamh a dhímheas	

5. Sócmhainní ar Léas

Gearrtar iocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin (Nóta 17) ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

6. An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

7. Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí coigríche ar na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus

costais ar na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbun-idirbheart.

8. An Clár Taighde Mhuirí

Iontrálann Foras na Mara i ngealltanais maidir le conarthaí a bhronntar le haghaidh tionscadail an Chláir Thaighde Mhuirí. Gearrtar caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-iocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú chonradh an tionscadail, féadtar iocaíocht eatramhach a dhéanamh faoi réir feidhmíocht shásúil agus gearrtar iocaíochtaí breise tar éis éilimh a fháil agus ar dheimhniú na n-éileamh siúd maidir le hobair a críochnaíodh. Cistíonn vóta caipitil Fhoras na Mara costais a thabhaíonn an Foras agus tionscadail an Chláir Thaighde Mhuirí á riar agus gearrtar iad ar na ráitis airgeadais faoi mar a thabhaítear iad.

9. Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Oibríonn Foras na Mara scéimeanna pinsin sochair shainithe atá maoinithe go bliantúil ar bhonn 'íoc de réir a chéile' ó airgead atá ar fáil don Fhoras, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ghlan-ranníocaíochtaí pinsin foirne, a aisíoctar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn iocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanais Aitheanta lomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-iocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2014

		2014	2013
	Nóta	€'000	€'000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	2	24,481	22,916
Ioncam eile	3	11,837	12,764
Glanchistiú larchurtha le haghaidh Pinsean	16	2,816	3,038
		39,134	38,718
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	10	(517)	1,364
		38,617	40,082

Caiteachas			
Seirbhísí Corparáideacha	4	5,330	4,419
Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia	5	6,653	6,798
Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais lascaigh	6	5,042	4,786
Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise	7	10,855	12,524
Oifig Forbartha Muiri na hÉireann	8	619	665
An Clár Taighde Mhuiri	12	7,130	7,750
Costais Phinsin	16	2,895	2,966
Caiteachas Iomlán		38,524	39,908
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		93	174
Barrachas amhail an 1 Eanáir		1,955	1,781
Barrachas amhail an 31 Nollaig		2,048	1,955

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán

Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	93	174
Gnóthachain/(Caillteanas) Achtúireacha ar Dhliteanas na Scéime Pinsin	816	2,339
Athruithe ar Thoirimh		
Coigeartú ar Chistiú larchurtha Pinsin	(816)	(2,339)
Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlána don bhliain	93	174

Baineann na torthaí don bhliain le hoibriochtaí leanúnacha.

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.

John Killeen

An Dr John Killeen
Comhalta Boird
Dáta: An 24 Meitheamh 2015

Patricia Barker

An tOllamh Patricia Barker
Comhalta Boird
Dáta: An 24 Meitheamh 2015

An Clár Comhardaithe

amhail an 31 Nollaig 2014

	Nóta	2014		2013	
		€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta	11		21,705		21,188
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe agus Réamhiocaíochtaí	14	5,200		3,966	
An Banc agus Airgead Tirim		1,334		458	
		6,534		4,424	
Dlíteanais Reatha					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	15	4,486		2,469	
Glansócmhainní Reatha					
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais roimh Phinsin			2,048		1,955
Cistiú larchurtha Pinsin		30,200		28,200	
Dlíteanais Phinsin		(30,200)		(28,200)	
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha			23,753		23,143
Maoinithe ag:					
An Cuntas Caipitil	10	21,705		21,188	
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		2,048		1,955	
			23,753		23,143

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 22 cuid de na ráitis airgeadais seo.



An Dr John Killeen
Comhalta Boird
Dáta: An 24 Meitheamh 2015



An tOllamh Patricia Barker
Comhalta Boird
Dáta: An 24 Meitheamh 2015

An Ráiteas Ar Shreabhadh Airgid

don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

Réiteach an bharrachais/(easnaimh) oibriúcháin le glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	Nóta	2014 €'000	2013 €'000
Barrachas/(Easnaimh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		93	174
Ús a Fuarthas		0	0
Aistriú (ó)/chuig an gCuntas Caipitil	10	517	(1,364)
Dímheas	11	3,988	3,726
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe agus Réamhiocaithe	14	(1,234)	(921)
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe agus Fabhráithe	15	2,017	(6)
Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		5,381	1,609

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

		2014 €'000	2013 €'000
Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		5,381	1,609
Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísíú Airgeadais			
Ús a Fuarthas		0	0
Glanchaiteachas Caipitil			
Sócmhainní seasta a fháil	11	(4,505)	(2,362)
Méadú/(Laghdú) ar Airgead		876	(753)

Réiteach an Ghlansreafa Airgid do Ghluaiseacht sna Glanchistí

	2014 €'000	2013 €'000
Méadú/(Laghdú) ar Airgead	876	(753)
Glanchistí amhail an 1 Eanáir	458	1,211
Glanchistí amhail an 31 Nollaig	1,334	458

1. Ginearálta

Bunaíodh Foras na Mara an 30 Deireadh Fómhair, 1992 i gcomhréir le forálacha an Achta um Fhoras na Mara, 1991,

“chun taighde agus forbairt mhuiri a ghabháil de láimh, a chur chun cinn agus a chuidiú agus na seirbhísí sin a bhaineann le taighde agus forbairt a chur ar fáil ar bhealach, i dtuairim na hinstiúide, a chuirfidh forbairt gheilleagraich chun cinn agus a chruthóidh fostaíocht agus a chosnóidh an timpeallacht mhuiri.”

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2014.

2. Deontais i gCabhair

	2014		2013	
	€'000	€'000	€'000	€'000
Cuspóirí reatha				
Foras na Mara - Vóta 30, Fothideal A.7	13,479		13,920	
Lúide ranniocaíocht Aoisliúntais atá inioctha*	<u>(404)</u>	13,075	<u>(433)</u>	13,487
Cuspóirí caipitiúla				
An Suirbhé Náisiúnta ar Ghrinneall na Farraige – Vóta 29, Fothideal D.7	1,406		1,404	
Foras na Mara - Vóta 30, Fothideal A.7	3,387		1,650	
Beaufort (Nóta 12) - Vóta 30, Fothideal A.7	2,195		2,167	
An Clár Taighde Mhuiri (Nóta 12)				
Vóta 30, Fothideal A.7	4,418	11,406	4,208	9,429
		<u>24,481</u>		<u>22,916</u>

*Trí chomhaontú a dhéanamh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá an tsuim seo in-aisíoctha maidir le ranniocaíochtaí pinsin fostaithe.

3. Ioncam Eile

	2014		2013	
	€'000	€'000	€'000	€'000
Taighde faoi Chonradh an AE				
An Creat um Bailiú Sonraí (féach an nóta thíos)	325		3,340	
Ioncam ón EMFF Nóta 14	3,030			
Eile	<u>787</u>	4,142	<u>800</u>	4,140
Ioncam Eile				
Cairtíhostú Ártach Taighde	2,117		2,028	
Databuoy – An Roinn Iompair	419		418	
Creat-Treoir na Straitéise Mara (DECLG)	556		479	
Natura (an DAFM agus an DECLG)	330		333	
An Chreat-Treoir Uisce cistithe ag an GCC	1,024		940	
Tionscadal NDP muiri comhchistithe ag an GCC	0		107	
Tionscadal an Chláir Thaighde Mhuiri comhchistithe ag Teagasc	517		893	
Suíomhanna Tástála Tonnfhuinnimh atá Cistithe ag an SEAI	995		1,085	
Tionscadal Cáblaí Chuan na Gaillimhe – atá Cistithe ag an HEA	635		300	
Ioncam Éagsúil agus Conartha Eile	<u>1,102</u>	7,695	<u>2,041</u>	8,624
IOMLÁN		<u>11,837</u>		<u>12,764</u>

Is creat é an Creat um Bailiú Sonraí (DCF) atá i bhfeidhm ar fud na hEorpa chun sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid san earnáil iascaigh agus chun tacú le comhairle eolaíochta maidir leis an gComhbheartas Iascaigh. Ó 2015 ar aghaidh, faightear cistiú don DCF mar chúnamh deontais ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is í an tsuim €3.030 milliún an tsuim a fhabhraítear le haghaidh 2014 i dtaobh caiteachais a tabhaíodh ar chlár DCF/EMFF 2014.

4. Seirbhísí Corparáideacha

	2014 €'000	2013 €'000
Pánna agus tuarastail	1,186	1,232
Riarachán	3,602	2,713
Dímheas	542	474
IOMLÁN	5,330	4,419

Áirítear le costais riaracháin táille iniúchta €18,400 sa bhliain 2014 (2013: €19,270)

5. Seirbhísí Muirthimpeallachta agus Sábháilteachta Bia

	2014 €'000	2013 €'000
Pánna agus Tuarastail: An Chroifhoireann	2,664	2,749
Cláir Taighde agus Forbartha	3,842	3,791
Dímheas	147	258
IOMLÁN	6,653	6,798

6. Seirbhísí Comhairleacha um Éiceachórais Iascaigh

	2014 €'000	2013 €'000
Pánna agus Tuarastail : An Chroifhoireann	1,798	1,913
Foireann Chonartha an AE	1,452	1,412
	3,250	3,325
Cláir Taighde agus Forbartha	1,711	1,383
Dímheas	81	78
IOMLÁN	5,042	4,786

7. Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise

	2014 €'000	2013 €'000
Pánna agus Tuarastail	1,260	1,289
Cláir Riaracháin agus Forbartha	6,377	8,320
Dímheas	3,218	2,915
IOMLÁN	10,855	12,524

B'ionann costais reatha iomlána na nÁrthach Taighde agus an ROV (feithicil cian-oibriochta) in 2014 agus €7.86 milliún (2012: €7.52 milliún). Aithnítear €7.469 milliún den chaiteachas sin sa chuntas loncaim agus Caiteachais. Cuirtear €4.679 milliún chun dochair Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise (nóta 7) agus cuirtear an €3.0 milliún eile chun dochair an Chláir Taighde Mhuiri (nóta 12). Baineann €0.391 milliún le caiteachas atá caipitlithe agus áirithe i sócmhainní seasta (nóta 11).

8. Oifig Forbartha Muirí na hÉireann

	2014 €'000	2013 €'000
Pánna agus Tuarastail	199	230
Cláir Riaracháin agus Forbartha	420	435
Dímheas		0
IOMLÁN	619	665

9. Costais Tuarastail

	2014 €'000	2013 €'000
Pánna agus Tuarastail: An Chroifhoireann	131	134
Pinsinéirí agus Costais Phinsin	17	15
Foireann Chonartha agus costais phárolla eile	44	43
	192	192
	7,107	7,414
	2,895	2,966
	3,215	3,073
	13,217	13,453

Rinneadh laghduithe pinsin €0.404 milliún ó thuarastail agus tarchuireadh iad chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

10. An Cuntas Caipitil

	2014 €'000	2013 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	21,188	22,552
Aistriú (chuig)/ó chistiú Caipitil an Chuntais Ioncaim agus Chaitreachais		
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	4,505	2,362
	(3,988)	(3,726)
	517	(1,364)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	21,705	21,188

11. Sócmhainní Seasta

Déantar na Sócmhainní Seasta faoi mar a chuirtear in iúl sna ráitis airgeadais iad mar seo a leanas:

	Talamh agus Foirgnimh €'000	Árthai Taighde €'000	Trealamh Árthaigh €'000	Daingneáin agus Feistis €'000	Riomhairi €'000	Mótarfheithiclí €'000	IOMLÁN €'000
Costas nó Luacháil							
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	3,743	32,531	4,378	21,889	8,455	354	71,350
Breisiúcháin ar chostas		123	1,649	2,311	368	54	4,505
Diúscairt ar chostas						(70)	(70)
Costas amhail an 31 Nollaig 2014	3,743	32,654	6,027	24,200	8,823	338	75,785
Dímheas							
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	1,001	16,604	3,952	20,189	8,102	314	50,162
An Muirear don bhliain	75	1,516	657	1,367	337	36	3,988
Diúscairt ar chostas						(70)	(70)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014	1,076	18,120	4,609	21,556	8,439	280	54,080
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31 Nollaig 2014	2,667	14,534	1,418	2,644	384	58	21,705
Amhail an 31 Nollaig 2013	2,742	15,927	426	1,700	353	40	21,188

Tá ceanncheathrú Fhoras na Mara lonnaithe i Rinn Mhaoile, Órán Mór, Co. na Gaillimhe. Is faoi úinéireacht an OPW atá an foirgneamh. Ní ioctar aon chíos leis an OPW ar an áitreabh seo.

12. Clár Beaufort agus an Clár Taighde Mhuiri 2014-2020 (NDP 2007-2013)

B'ionann an cistiú iomlán agus na suimeanna a cuireadh i bhfeidhm in 2014 agus é seo a leanas:

	2014 €'000 Iomlán	2013 €'000 NDP 2007-2013
Ioncam ón Oireachtas (Nóta 2)	10,000	8,025
Caitechas ar threalamh caipitil	(3,387)	(1,650)
Ioncam ó thionscadail an Chláir Thaighde Mhuiri	6,613	6,375
Ioncam Eile (Nóta 3)	517	1,000
Ioncam Iomlán ó thionscadail an Chláir Thaighde Mhuiri	7,130	7,375
Caiteachas:		
Suimeanna a iocadh le tríú páirtithe:	6,434	6,659
Suimeanna a iocadh le Foras na Mara	524	913
Riarachán	172	178
Caiteachas Cláir Iomlán	7,130	7,750
(Easnamh)/Barrachas sa bhliain	0	(375)

In 2014, áiríodh leis an gcaitechas ar threalamh caipitil a bhí cistithe faoi thionscadail an Chláir Thaighde Mhuiri €0.65 milliún do thionscadal Cháblai Chuan na Gaillimhe, €1.47 milliún ar threalamh agus aisfheistiú árthaigh, agus an t-iarmhéid €1.18 milliún ar TF, trealamh Aigéaneolaíochta agus ar dhaingneáin agus feistis.

Nóta 12 ar leanúint

An NDP Muiri 2007-2013

Faoi Fhochlár Taighde Mhuiri an NDP 2007-2013, díreann infheistíocht i dtaighde muiri sa tréimhse 2007-2013 ar chuspóirí, gníomhaíochtaí taighde agus torthaí Chasadh na Taoide ('Sea Change'), an straitéis náisiúnta eolais, taighde agus nuálaíochta muiri agus Feidhm a bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muiri d'Éirinn (Iúil 2012). Díreann an cistiú Bhearta agus ar Chláir Taighde na straitéisí trí roinnt modhanna, lena n-áirítear gairmeacha iomaíocha le haghaidh tograí taighde (dámhachtainí bunaithe ar thionscadail, staidéir dheisce, PhDanna, lardhochtúireachtaí, etc.) agus tairiscint le haghaidh soláthar bonneagair/seirbhísí. Tacaíodh le 172 tionscadal san iomlán a fhad le deireadh 2014 faoi Fhochlár Taighde Mhuiri an NDP. Tá 93 tionscadal díobh seo fós ar bun.

B'ionann an caiteachas iomlán faoin bhFochlár Taighde Mhuiri go dtí an 31 Nollaig 2014 agus €65 milliún. B'ionann na ceangaltais amhail an 31 Nollaig 2014 agus €7.6 milliún.

Bionn Tionscadail Taighde a bhronntar faoi réir conartha a chuireann in iúl go ndéanfar iocaíocht tosaigh tar éis an conradh a shíniú; d'fhéadfai iocaíocht eatarabhach a dhéanamh faoi réir feidhmíocht shásúil agus déanfar an iocaíocht dheireanach tar éis éilimh a fháil agus a fhíorú. Cuirtear caiteachas chun dochair sna ráitis airgeadais de réir Bheartas Cuntasaiochta 8.

Amhail an 31 Nollaig 2014, bhí iocaíochtaí gan íoc fós ar shuimeanna a gearradh ar na ráitis airgeadais mar seo a leanas (nóta 15).

	2014 €'000	2013 €'000
Suimeanna gan íoc	156	218

Amhail an 31 Nollaig 2014, b'ionann na gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill maidir le tionscadail an Chláir Thaighde Mhuiri agus €7.6 milliún; is é seo a leanas an miondealú lena mbaineann.

	Iomlán €'000
Gealltanais amhail an 01 Eanáir 2014	12,563
Geallta in 2014	2,538
Didhilsithe in 2014	0
Íoctha in 2014	(7,467)
Gealltanais amhail an 31 Nollaig 2014	7,634

13. Caiteachas.

	2014 €'000	2013 €'000
Costais Phárolla	10,127	10,330
Costais Phinsin	2,895	2,966
Costais Bhoird	73	63
Táille Bhliantúil Iniúchta	19	19
Árachas	191	219
Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse	354	328
Costais Saoráide	1,699	1,657
Cumarsáid Ghutháin agus Sonrai	156	170
Cothabháil TF	687	704
Costais Saotharlainne agus Oibre Allamuigh	810	786
Costais Riaracháin Eile	1,029	918
Costais Taistil	865	867
Tionscadail Tástála Reachtúla, Taighde agus Suirbhéanna	3,737	3,710
An Clár Taighde Mhuiri (an NDP 2007-2013)	4,130	5,250
Clár Am Loinge Fhoras na Mara	3,000	2,500
Costais Oibriochta Árthaigh	4,469	4,679
Trealamh Éagsúil Eile	213	69
Fruiliú Trealamh agus Árthai	152	947
Dimheas (Nóta 11)	3,918	3,726
Caiteachas iomlán de réir an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais	38,524	39,908

Maidir leis na figiúirí sa nóta, ní áirítear caiteachas caipitil €4.5 milliún.

B'ionann costais i dtaca le taisteal coigríche a áiríodh faoi speansais taistil agus €388,223 in 2014.

4. Féichiúnaithe agus Réamhiocaíochtaí

	2014 €'000	2013 €'000
Féichiúnaithe Trádála	206	359
Ioncam Conartha	1,423	2,961
Réamhiocaíocht Ioncaim an EMFF 2014	3,030	0
Réamhiocaíochtaí	541	646
	5,200	3,966

15. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2014 €'000	2013 €'000
Creidiúnaithe Trádála	1,994	1,017
Ioncam Iarchurtha	1,946	856
Fabhrú an Chláir Thaighde Mhuiri (Nóta 12)	156	218
Fabhruithe	311	292
Fabhrú Párolla agus Ioncaim	79	86
	4,486	2,469

16. An Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí

Is áisíneacht reachtúil de chuid an Stáit é Foras na Mara, a bunaíodh faoi alt 3(1) den Acht um Foras na Mara, 1991 (Uimh. 2 de 1991). Foráiltear le halt 9(1) den Acht go ndéanfaidh an Foras scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne agus i ndáil le baill foirne, faoi réir cheadú an Aire. Tá dhá scéim fhormheasta, is iad sin an Scéim Aoisliúntais d'Fhoireann Foras na Mara 1998 agus Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí Foras na Mara 1998, i bhfeidhm ag an bhForas i láthair na huaire. Cuirtear sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) ar fáil sa chéad scéim thuas do bhaill foirne, agus sochair aisce bháis maidir le báis le linn seirbhíse. Faoi dara scéim thuas, cuirtear sochair phinsin ar fáil do chéilí a mhaireann agus do leanaí cleithiúnacha na ndaoine a fuair bás. Sroichtear an ghnáthaois phinsin ar an dáta a bheidh 65 bliain d'aois slánaithe ag an mball. Sainmhínítear an dá scéim mar scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe. Íoctar ranníocaíochtaí Aoisliúntais na mBall Foirne leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Ar chuma scéimeanna aoisliúntais na seirbhíse poiblí i gcoitinne, ní chothaítear ciste faoi leith ná ní choimeádtar sócmhainní chun iocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú.

Chun tuairisc a dhéanamh de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 17 (athbhreithnithe) – Sochair Scoir, fuair an Foras comhairle ó achtúire cáilithe. D'ullmhaigh an t-achtúire luacháil chun na dliteanas a bhaineann leis na scéimeanna aoisliúntais a mheas an 31 Nollaig 2014.

Is iad seo a leanas na mórthoimhdí achtúireacha:

	2014	2013	2012
Méadú ar an ráta boilscithe (a)	2% sa bhliain	2% sa bhliain	2% sa bhliain
Méadú ar an ráta tuarastail	4% sa bhliain	4% sa bhliain	4% sa bhliain
Méadú ar an ráta pinsin	4% sa bhliain	4% sa bhliain	4% sa bhliain
Ráta lascaire na ndlíteanas scéime	5.5% sa bhliain	5.5% sa bhliain	5.5% sa bhliain

Is mar seo a leanas a mheastar meánionchas saoil don todhchaí a bheidh fanta de réir na dtáblaí básmhairachta arna n-úsáid chun dliteanas phinsin a shocrú:

	2014	2013
Fear aois 65	22	22
Bean aois 65	25	25

Ag glacadh leo seo agus le toimhdí eile agus ag cur mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a leagtar amach in FRS 17 (Athbhreithnithe) i bhfeidhm, tá an tsócmhainn chistithe iarchurtha um pinsean agus an dliteanas pinsin mar seo a leanas:

	2014	2013
Dlíteanas pinsin fabhraithe iomlán	€30.2m	€28.2m

Ós rud é go bhfuil méaduithe pinsin faoi scéimeanna Foras na Mara bunaithe ar mhéaduithe tuarastail seachas ar mhéaduithe praghais, níl gá le toimhde bhoilscithe praghsanna chun an luacháil seo a dhéanamh. Mar sin féin, ós rud é go mbíonn tagairt do ráta toimhde boilscithe riachtanach faoi FRS 17, bheadh an ráta thuas oiriúnach ar mhaithe leis seo.

Anailís ar na Costais Iomlána Phinsin a gearradh ar Chaiteachas

	2014 €'000	2013 €'000
Costas Reatha Seirbhíse	1,800	1,900
Ús ar dhliteanas na scéime pinsin	1,500	1,500
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(405)	(434)
	<u>2,895</u>	<u>2,966</u>

Nóta 16 Ar leanúint

Anailís ar an tsuim aitheanta i ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais aitheanta iomlána (STRG)

	2014 €'000	2013 €'000
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí	816	2,339
Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha scéime	0	0
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a aithnítear in STRG	816	2,339

Glanchistiú larchurtha le haghaidh Pinsean a Aithnítear sa bhliain

	2014 €'000	2013 €'000
Costas Reatha Seirbhíse agus Úis	3,300	3,400
Lúide sochair a iocadh sa bhliain	(484)	(362)
	<u>2,816</u>	<u>3,038</u>

Aithníonn Foras na Mara gurb ionann méideanna atá dlite ón Stát agus sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe iarchurtha um pinsin ar fhoras na dtoimhdí a miníodh thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. Ar na himeachtaí seo, tá an bonn reachtúil le bunú na scéime aoisliúntais agus an bheartais agus an chleachtais atá i bhfeidhm maidir le cistiú phinsin na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag Foras na Mara nach bhfreastalóidh an beartas maoinithe seo mar is gnách ar na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn iarchurtha chistithe le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2014 agus €30.2 milliún (2013: €28.2 milliún). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na toimhdí Airgeadais a leagtar amach sa Nóta seo. Cuirtear na toimhdí a úsáidtear, atá bunaithe ar chomhairle ghairmiúil achtúire, in iúl don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ach ní chomhaontaítear iad go foirmiúil leis an Roinn.

Anailís ar ghluaiseacht i nglandlitéanas pinsin le linn na bliana

	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000	2010 €'000	2009 €'000
Easnamh ag tús na bliana	28,200	27,501	26,004	25,900	24,700	19,300
Costas Reatha Seirbhíse	1,800	1,900	1,900	2,200	2,100	1,900
Ús ar Dhliteanais Scéime	1,500	1,500	1,400	1,400	1,400	1,100
(Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach a aithnítear san STRGL	(816)	(2,339)	(1,360)	(3,080)	(2,075)	2,625
Sochair a iocadh sa bhliain	(484)	(362)	(443)	(416)	(225)	(225)
Easnamh ag deireadh na bliana	30,200	28,200	27,501	26,004	25,900	24,700

Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe

	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000	2010 €'000	2009 €'000
Dualgais sochair shainithe	30,200	28,200	27,501	26,004	25,900	24,700
Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar Dhliteanais na Scéime	816	2,339	1,360	3,080	2,075	(2,625)
Céatadán na nDlitéanas Scéime	2.7%	8.29%	4.96%	11.8%	8.0%	(10.6%)
Gnóthachain/(Caillteanais) Toimhde ar Dhliteanais Scéime	0	0	0	0	0	0
Céatadán na nDlitéanas Scéime	0%	0%	0%	0%	0%	0%

Is ionann an gnóthachan carnach achtúireach a aithnítear i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán agus €7,252,000.

17. Gealltanais léasa

Léasanna Oibriúcháin

Áitíonn Foras na Mara áitribh faoi léas sna láithreacha a leanas:

Léas 1: 80 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 – cuireadh tús leis i 1993 ar feadh tréimhse 22 bliain. Déantar an cíos a athbhreithniú gach cúig bliana, agus ní bheidh briseadh léasa ann go dtí deireadh an léasa in 2015.

Léas 2: Páirc Oifige na Páirce Móire, Gaillimh – cuireadh tús leis i 1999 ar feadh tréimhse 25 bliain. Déantar an cíos a athbhreithniú gach cúig bliana,

Léas 3: Trádstóras Red Sail, Calafort na Gaillimhe – cuireadh tús leis in 2013 ar feadh tréimhse 11 bhliain. Déanfar athbhreithniú ciosa air in 2018.

Is ionann muirear ciosa bliantúil reatha na léasanna seo agus €375,002 (2013: €375,002)

	2014	2013
Ag dul in éag laistigh de 1 bhliain	235,735	0
Ag dul in éag i gcaitheamh bhliain 2-5	0	235,735
Ag dul in éag ina dhiaidh sin	139,267	139,267

18. Infheistíocht

Bhí scair 1.3% atá go hiomlán caolaithe ag Foras na Mara i gcomhlacht ar a dtugtar Wavebob Ltd. Bunaíodh an comhlacht seo chun coincheap a fhorbairt maidir le Tonnfhuinneamh a sheachadadh. Is é €127,000 costas iomlán an deontais infheistíochta a bhí ag Foras na Mara. Ós rud é nárbh fhéidir luach na hinfheistíochta seo a mheas go cruinn, ní raibh na scaireanna mar chuid den chaipiteal sa Chlár Comhardaithe. Foirceannadh an chuideachta an 26 Márta 2013. Ní raibh aon chostais eile tabhaithe ag Foras na Mara.

19. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Bhunaigh comhpháirtithe tionscail an PRTLÍ, DCU agus OÉ Gaillimh SmartBay Ltd, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta le linn mhí Feabhra 2012 d'fhonn saoráidí tástála agus taispeántais mara na hÉireann a bhainistiú i gCuan na Gaillimhe. Faigheann an chuideachta maoiniú ón HEA a úsáidtear chun foireann a mhaoiniú chun costais oibríochta na cuideachta a íoc sa tréimhse idir 2012 agus 2015. Is i Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an phríomheagraíocht taighde a sholáthraíonn an cistiú HEA do SmartBay. Tá cuntas ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath den ioncam a fuarthas ón HEA agus den chaiteachas a thabhaigh SmartBay Ltd.

Is Comhalta Boird é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Fhorais agus is é Ceann Sheirbhísí Corparáideacha an Fhorais Rúnaí na Cuideachta. Le linn 2014, thug an Foras cistiú €224,170 do Smartbay Ltd (2013: €35,356). Tá an caiteachas sin áirithe faoi chaiteachas Seirbhísí Aigéaneolaíochta agus Faisnéise agus Seirbhísí Corparáideacha i Nóta 7 sna cuntais.

20. Clár leasanna

Ghlac an Foras le nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi nochtadh leasa ag comhaltaí an Bhoird agus tá an Foras tar éis cloi leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbheart i rith na bliana ó thaobh ghníomhaíochtaí an Fhorais de ina raibh leas tairbhíúil ag comhaltaí boird.

21. Táillí Boird, Freastal ar an mBord agus Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh

Chloigh an Foras leis an gCód nua Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an tAire Airgeadais an 15 Meitheamh 2009. Ba é an luach saothair iomlán a iocadh le Príomhfheidhmeannach Fhoras na Mara i leith 2014 ná €136,496. Níor iocadh aon rud leis an bPríomhfheidhmeannach faoi scéim phá i gcoibhneas le feidhmíocht ná níor iocadh sochair ar bith eile mar chuid de phacáiste luach saothair. Níl an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i dteideal aon rud lasmuigh de shamhail scéim na hearnála poiblí ó thaobh pinsin de. B'ionann na costais iomlána chun críche gnó a iocadh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin le haghaidh 2014 agus €18,471 ina n-áirítear costais €5,118 a bhain le taisteal coigríche.

Mar seo a leanas a bhí na híocaíochtaí a rinneadh le comhaltaí Bhord Fhoras na Mara in 2014.

Comhalta Boird	Catagóir 3	Olltáillí 2014	Costais 2014	Iomlán 2014
John Killeen	Cathaoirleach	11,753	0	11,753
Lorcan O Cinneide	Stiúrthóir	7,695	5,507	13,202
Francis Coyle	Stiúrthóir	7,695	5,217	12,912
Paul Hyde	Stiúrthóir	2,565	1,299	3,864
David Owens	Stiúrthóir	7,695	1,250	8,945
Patricia Barker	Stiúrthóir	7,695	1,534	9,229
Donal Kelly	Stiúrthóir	7,695	0	7,695
		52,793	14,807	67,600

Comhalta Boird	Catagóir 3	Cruinnithe an Bhoird in 2014	Cruinnithe an Bhoird ar ar Freastalaíodh in 2014	Tús/Deireadh Téarma
John Killeen	Cathaoirleach	10	9	
Lorcán Ó Cinnéide	Stiúrthóir	10	9	
Francis Coyle	Stiúrthóir	10	10	
Paul Hyde	Stiúrthóir	10	4	D'imigh ar scor in Aibreán 2014
David Owens	Stiúrthóir	10	10	
Patricia Barker	Stiúrthóir	10	9	
Donal Kelly	Stiúrthóir	10	7	

22. Faomhadh an Bhoird

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 30/06/2015.



Foras na Mara
Marine Institute

CEANNCHEATHRÚ & SAOTHARLANNA

FORAS NA MARA

Rinn Mhíl
Órán Mór
Co. na Gaillimhe.
H91 R673
Teil.: +353 91 387 200
Facs: +353 91 387 201
Ríomhphost: institute.mail@marine.ie

Marine Institute Headquarters

Rinville,
Oranmore,
Co. Galway.
H91 R673
Phone: +353 91 387 200
Fax: +353 91 387 201
Email: institute.mail@marine.ie

OIFIGÍ AGUS SAORÁIDÍ RÉIGIÚNACHA FHOAS NA MARA

FORAS NA MARA

An Fhoirnéis
Baile Uí Fhiacháin
Co. Mhaigh Eo
F28 PF65
Teil.: +353 98 423 00
Facs: +353 98 423 40
Ríomhphost: institute.mail@marine.ie

FORAS NA MARA

Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
D02 YE35
Teil.: + 353 17 753 900
Facs: +353 91 387 201
Ríomhphost: institute.mail@marine.ie

Marine Institute Regional Offices and Laboratories

Marine Institute Dublin
Wilton Park House,
Wilton Place,
Dublin 2.
D02 YE35
Phone: +353 17 753 900
Fax: +353 91 387 201
Email: institute.mail@marine.ie

Marine Institute Catchment Research Facility
Furnace,
Newport,
Co. Mayo
F28 PF65
Phone: +353 98 423 00
Fax: +353 98 423 40
Email: institute.mail@marine.ie

www.marine.ie



[www.facebook.com/
marineinstituteireland](https://www.facebook.com/marineinstituteireland)



[www.linkedin.com/
company/marine-institute](https://www.linkedin.com/company/marine-institute)



[@MarineInst](https://twitter.com/MarineInst)